# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL & CUNTAIS

# 2018

Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board

# ÁR MISEAN

***Rathúlacht tráchtála ardchaighdeáin thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann a thiomáint i gcomhar leis an tionscal agus trí léargas ar an margadh.***

# CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

## Cuirtear ár misean in iúl tuilleadh trí na sé chuspóir straitéiseacha seo a leanas:

1. Cuir go gníomhach le rathúlacht agus le forbairt thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann.
2. Cuir le cáil bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann, bunaithe ar phrionsabail na forbartha inbhuanaithe, i measc tomhaltóirí agus ceannaitheoirí trádála in áit an mhargaidh.
3. Bheith ina fhoinse údarásach do léargas straitéiseach a nascann deiseanna margaidh leis an tionscal.
4. Cur chuige comhoibríoch leis na príomhghníomhaireachaí bainteach le fónamh do bhia, deoch agus gairneoireacht na hÉireann a threorú
5. Coinneáil le deiseanna atá ag teacht chun cinn agus freagairt go gníomhach do shaincheisteanna suntasacha margaidh a bhfuil tionchar acu ar an tionscal.
6. Luach ar airgead a sheachadadh ar chaiteachas



# RÁITEAS STRATÉISE

## Tá an fhís seo a leanas ag Ráiteas Straitéise Bhord Bia 2016-2018 do thionscal bia agus dí na hÉireann:

**Aithníonn custaiméirí ar fud an domhain go bhfuil bia agus deochanna na hÉireann den scoth: go bhfuil ardchaighdeán acu, iad sainiúil, agus déanta ag raon éagsúil táirgeoirí cruthaitheacha ó láthair oileánda uathúil agus ámharach.**

**Agus leagann ár dtáirgeoirí an caighdeán domhanda amach sa táirgeadh inbhuanaithe – an fhreagracht atá againn go léir don phláinéad, don tsochaí, agus do na glúnta atá le teacht á comhlíonadh. Tá gach rud againn a theastaíonn do chóras bia níos fearr, níos inbhuanaithe. Ní raibh deis níos fearr riamh ann le gníomhú agus sampla a thabhairt don domhain**

Forbraíodh an fhís agus an plean gnímh a bhfuil cur síos air sa Ráiteas Straitéise tar éis próiseas caidrimh leathan agus fadréimseach le páirtithe leasmhara. Tacaíonn an Plean Straitéiseach go hiomlán le cur chun feidhme Food Wise 2025, tuarascáil an Choiste Straitéise Agraibhia á chomhordú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, a leagann amach an plean straitéiseach d'fhorbairt na hearnála agraibhia go 2025. Braitheann an fhís ar chúig cholún straitéiseacha agus tacaíonn gach ceann acu siúd le fás an tionscail:

1. **Curtha ar an eolas ag léargas tomhaltóra**
2. **Á chumasú ag daoine fiúntacha, tallann agus bonneagar**
3. **Buntaca ó Origin Green**
4. **Bainte amach trí bhealaí éifeachtacha go dtí an margadh agus tiontó gnó**
5. **Tacaíocht aige ó chumarsáidí láidre branda san aois dhigiteach.**



# CLÁR

## ÁR nGNÓ


06 Onnmhairí Bia agus Dí

08 Dáileadh Margaidh Onnmhairí Bia agus Dí na hÉireann

09 Ráiteas an Chathaoirligh

16 Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

29 Athbhreithnithe Earnála

30 Feoil agus Beostoc

38 Bia & Deochanna

46 Earnáil na nGnólachtaí Beaga agus an Earnáil Orgánach

52 Gairneoireacht

58 Seirbhísí


## ÁR RIALACHAS


72 Ráiteas maidir le Rialachas

78 Struchtúr Eagraíochtúil

80 Struchtúr Foirne

81 Bord Bhord Bia

82 Bord Bianna Tomhaltóra Bhord Bia

83 Bord Bia: Bord Beostoic agus Feola

84 Bord Bia: Bord Déiríochta

85 Bord Bia: An Bord Dearbhaithe Cáilíochta

86 Bord Bia: An Bord Gairneoireachta


## ÁR gCUNTAIS


88 Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

90 Ráiteas ar Rialú Inmheánach

92 Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

93 Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach

94 Ráiteas ar an Staid Airgeadais

95 Ráiteas ar Shreafaí Airgid

96 Nótaí atá mar Chuid de na Ráitis Airgeadais

109 Íocaíochtaí Deontais maidir le hAirgeadas Margaíochta

110 Sonraí Teagmhála

# Á CUR I LÁTHAIR AN AIRE TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS MARA

De réir Alt 22 den Acht um an mBord Bia 1994, tá áthas ar an mBord a Thuarascáil Bhliantúil agus a Chuntais Bhliantúla a chur i láthair an Aire don 12 mhí dar críoch 31 Nollaig 2018.

**Dan MacSweeney**
Cathaoirleach



tuarascáil bhliantúil 2018

# ONNMHAIRÍ BIA AGUS DÍ (12.1BN)

Thaifead earnáil bia agus dí na hÉireann méadú ar fhás onnmhairí don naoú bliain as a chéile in 2018, rud a léiríonn athléimneacht na hearnála i gcaitheamh bliana a bhí lán luaineachta domhanda. Bhí fás an mhéid sách láidir i bpríomhearnálacha na mairteola agus na déiríochta.

Ó thaobh luacha de, tháinig laghdú beag ar luach iomlán onnmhairí in 2018 - laghdú 4% go €12.1bn i gcomparáid le figiúr curiarrachta na bliana 2017. Tharla an laghdú seo i gcomhthéacs brúnna domhanda ar phraghsanna earraí bia agus laghdú éigin ar an luach a bhí á bhaint amach ar onnmhairí Éireannacha mar thoradh ar athrú a tháinig ar nósanna imeachta cuntasaíochta i gceann de na comhlachtaí ilnáisiúnta déantúsaíochta.

Leanann éagsúlú margaidh ar aghaidh de réir mar a fhorbraíonn agus a chothaíonn onnmhaireoirí Éireannacha caidrimh i margaidh úra, éiritheacha, go háirithe san Áise. In 2018, chuaigh 29% nó luach €3.5bn d'onnmhairí go margaí lasmuigh den Ríocht Aontaithe nó den Aontas Eorpach. Chuaigh 34% d'onnmhairí go Mór-roinn an AE agus onnmhairíodh an fuílleach, is é sin 37% nó luach €4.5bn de bhia agus deochanna go dtí an Ríocht Aontaithe. In 2010, áfach, chuaigh breis agus 42% d'onnmhairí bia agus dí go dtí an Ríocht Aontaithe.

B'ionann feoil agus beostoc agus 33% d'onnmhairí uile na bliana 2018, mar a bhí amhlaidh i gcás na déiríochta. Chuir brúnna domhanda ar phraghsanna earraí srian ar fhás an mhéid sna hearnálacha feola. Ó thaobh na hearnála déiríochta de, bhí praghsanna láidre ann, go háirithe ar im, den chuid is mó de 2018, ach baineadh luach den earnáil seo de bharr gníomhaíochtaí praghsála aistrithe san earnáil ilnáisiúnta.



tuarascáil bhliantúil 2018


## Exports of Irish food and drink (€m)

| | 2017<br>€m | 2018<br>€m | 2018 v 2017<br>% +/- |
|---|---|---|---|
| Táirgí déiríochta agus comhábhair | 4,023 | 4,008 | - |
| Mairteoil* | 2,496 | 2,516 | 1 |
| Muiceoil | 712 | 666 | -6 |
| Éanlaith Chlóis | 292 | 316 | 8 |
| Caoireoil | 274 | 315 | 15 |
| Ainmhithe beo | 176 | 161 | -9 |
| Bianna ullmhaithe | 2,243 | 1,878 | -16 |
| Deochanna | 1,497 | 1,482 | -1 |
| Bia Farraige | 644 | 562 | -13 |
| Gairneoireacht agus gránaigh inite | 230 | 208 | -10 |
| **IOMLÁN BIA AGUS DÍ** | **12,587** | **12,114** | **-4** |

*Scairteach inite san áireamh Foinse: Bord Bia/CSO

**180+**

Sin líon na margaí ar fud an domhain ina ndíoltar bia agus deochanna de chuid na hÉireann



tuarascáil bhliantúil 2018

# DÁILEADH MARGAIDH ONNMHAIRÍ BIA AGUS DÍ (%)




Is ionann margaí idirnáisiúnta agus 29% nó €3.5bn

Téann 37% nó €4.5bn d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann go dtí an Ríocht Aontaithe

Is ionann margaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh agus 34% nó €4.2bn de na honnmhairí ar fad

Méadaigh luach iomlán onnmhairí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann a cuireadh chuig an Ríocht Aontaithe go €4.48bn - méadú beag 0.4% i gcomparáid le luach na bliana 2017. D'éirigh go maith le margadh na Ríochta Aontaithe ó thaobh mairteola de, agus méadú 4% ar luach onnmhairí ainneoin brú praghsanna ann. Ó thaobh na déiríochta de, tháinig méadú 6% bliain ar bhliain ar luach onnmhairí.

Sháraigh onnmhairí go dtí an chuid eile den Eoraip €4bn in 2018 don dara bliain as a chéile. Chuaigh formhór na n-onnmhairí go príomh-mhargaí san Ísiltír, sa Ghearmáin agus sa Fhrainc. Chuaigh rudaí ó neart go neart san Ísiltír in 2018, áit ar tháinig méadú 10% nó

€975m ar onnmhairí bia agus dí. Ba chóir tabhairt faoi deara go n-úsáidtear an Ísiltír mar mhol le hearraí a chur ar aghaidh chuig áiteanna eile ar Mhór-Roinn na hEorpa.

Bhain luach €3.5bn le honnmhairí chuig an gcuid eile den domhan. Laghdú 14% atá anseo i gcomparáid le 2017, rud a bhí amhlaidh den chuid is mó de bharr athrú a tháinig ar nósanna imeachta cuntasaíochta san earnáil ilnáisiúnta, a d'athraigh praghsáil ó mhargadh na hÉireann go dtí an tSín. Cé gur tháinig laghdú ar an luach, lean líon na n-earraí a onnmhairíodh go margaí idirnáisiúnta ar aghaidh ag méadú. Tháinig méadú 97% ar luachanna onnmhairí go margaí idirnáisiúnta ó 2010 i leith, tráth ar bhain luach €1.8bn le honnmhairí.

## Margaí Idirnáisiúnta



# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



Tá sé le rá faoi earnáil agraibhia na hÉireann gur léiriú láithreach í ar oidhreacht bheo agus ar acmhainní flúirseacha ár dtíre agus gurb í ár dtionscal dúchasach is domhanda í, agus í ag freastal ar mhargaí i mbreis agus 180 tír.

## Réamhrá

táscaire tábhachtach é láidreacht a feidhmíochta ó thaobh onnmhairíochta de ar shláinte fhoriomlán an tionscail agus ar a cumas réimse earraí geilleagracha agus sóisialta a chur ar fáil dár muintir agus dár dtír. Soláthraíonn an earnáil agraibhia beagnach 8% d'fhostaíocht uile na hÉireann, le hualú i bhfad níos troime ar réigiúin tuaithe agus fhorimeallacha; soláthraíonn sí maoirseacht timpeallachta do stráicí móra d'ár gceantair thuaithe; agus tacaíonn sí le hinbhuanaitheacht thuath na hÉireann trí chéile, lena n-áirítear na teaghlaigh agus na pobail ann. Go deimhin, i measc na dtorthaí dearfacha uile a bhain le feidhmíocht láidir an tionscail le hocht mbliana anuas, tá an chaoi a bhfostaíonn an earnáil seo anois 10,000 duine níos mó ná mar a bhí fostaithe aici ag tús an chéid.

Ní mór tús a chur le measúnú ar fheidhmíocht onnmhairíochta na bliana 2018 trí aitheantas a thabhairt don chaoi a raibh luaineacht pholaitiúil agus gheilleagrach ar leith ag dul ar aghaidh sa chúlra ag an am céanna. Bíonn ann do dhíospóidí trádála agus úsáid níos forleithne taraifí, a bhíonn nasctha go minic le cúlú polaitiúil ón domhandú, i bhfad níos minice idir na geilleagair is mó ar domhan fad is a chruthaigh idirbheartaíocht maidir le himeacht na Ríochta Aontaithe ón AE mothú láidir neamhchinnteachta níos gaire don bhaile, agus tionchar agus buairt ar leith ann ó thaobh thionscal bia agus dí na hÉireann de.

Bhain ní ba mhó eachtraí adhaimsire leis an mbliain seo freisin. Bhí tionchar ag drochaimsir de bharr an athraithe aeráide ar chúrsaí talmhaíochta ar fud an domhain, agus in Éirinn thar aon áit eile, áit a raibh tionchar ag na coinníollacha ag tús na bliana ar fhás féir, tál bainne agus rath ainmhithe agus inar fhulaing feirmeoirí go mór. Bheadh iarmhairtí suntasacha aice seo ar ioncam feirmeacha. Dar le Teagasc, tháinig titim 15% ar an meánioncam feirme in 2018, sin i réimsí na déiríochta, na mairteola agus na curaíochta araon.

Sa chomhthéacs seo, comhthéacs inar bhain dúshláin shuntasacha le nach mór gach gné de, ní mór na príomhfhigiúirí onnmhairí ó 2018 a aithint mar fhigiúirí a léiríonn feidhmíocht iontach ár dtionscail. Sháraigh onnmhairí bia agus dí €12bn den dara huair riamh, agus sholáthair an earnáil feidhmíocht iontach thar réimse margaí agus catagóirí.

Cé gur léirigh figiúirí onnmhairí 2018 laghdú 4% i gcomparáid leis an mbliain roimhe, bhain fás méid suntasach leo; 50,000 tonna níos mó ná figiúr na bliana roimhe, tríd is tríd. Tá roinnt tosca ann is cúis leis an gcás neamhghnách seo, lena n-áirítear luaineachtaí i bpríomhairgeadraí agus brú ar phraghsanna domhanda earraí. Anuas air sin, chuir gníomhaíochtaí praghsála aistrithe san earnáil ilnáisiúnta, a d'fhág nár cuireadh luach táirgí bia san áireamh ina dtír thionscnaimh, leis freisin. Is úsáideach féachaint ar fhigiúirí luacha na bliana 2018 i gcomhthéacs níos leithne freisin, agus a aithint gur tógadh ar an méadú 13% a baineadh amach in 2017 agus go raibh méadú 64% ann ó thús an chéid.

I bhfianaise gach a bhí gan choinne sa chúlra, tá cás láidir ann le rá gur dheimhnigh an bhliain go bhfuil na buntosca atá mar thaca ag muintir na hÉireann láidir go fóill agus go ligfidh siad di fás agus fostaíocht a sholáthar go hinbhuanaithe amach anseo.

## Anailís Mhargaidh

### An Ríocht Aontaithe

Ainneoin an neamhchinnteacht a bhí ann go fóill faoi phróiseas an Bhreatimeachta agus an imní intuigthe a chruthaigh sé seo i measc táirgeoirí agus próiseálaithe, léirigh an bhliain arís eile go bhfuil tóir na comharsan is gaire dúinn ar bhia agus deochanna de chuid na hÉireann chomh láidir is a bhí riamh. Ar an iomlán, d'aimsigh 37% d'onnmhairí Éireannacha margadh sa Ríocht Aontaithe in 2018, arbh ionann sin agus luach iomlán €4.5bn, méadú beag céatadáin i gcomparáid le figiúr

na bliana roimhe agus nach mór mar an gcéanna ó thaobh luacha de. Soláthraíodh seo ainneoin an dímheasa mharthanaigh agus na luaineachta minic i luach an phuint steirling ó 2016. Bhain feidhmíocht láidir earnála leis an earnáil mairteola, a sháraigh na dúshláin a chuir as d'earnálacha eile agus a mhéadaigh onnmhairí faoi 4%, Léirigh sé seo áit na Ríochta Aontaithe mar mhargadh ceannasach le haghaidh mairteoil na hÉireann agus 50% den earnáil onnmhairí €2.5bn seo á thabhairt isteach ansin. Bhí suntasacht na Ríochta Aontaithe soiléir in go leor catagóirí eile freisin: san earnáil muiceola, chuaigh 56% d'onnmhairí d' iomlán €666m chuig ár gcomharsa is gaire in 2018; san earnáil éineola, ba é 67% d'iomlán €316m d'onnmhairí  a chuaigh ann.

Is dhá earnáil éagsúla iad bianna ullmhaithe tomhaltais agus bianna ullmhaithe ach is earnálacha iad a bhfuil trasnaíl áirithe eatarthu freisin agus a bhraith le fada ar an Ríocht Aontaithe le haghaidh deiseanna bunmhargaidh. I gcás na céad earnála, ba í an Ríocht Aontaithe an príomh-mhargadh in 2018, agus í taobh thiar de 66% d'onnmhairí bia, a raibh luach €1.5bn leo. I gcás na hearnála deiridh, is í an Ríocht Aontaithe an spriocmhargadh do 45% d'onnmhairí anois, a mbaineann luach €832m leo.

Bhain feidhmíocht mhaith le honnmhairí déiríochta sa Ríocht Aontaithe agus luach €1.03bn anois leo, méadú 6% ar luachanna na bliana 2017 agus thart ar 25% d'onnmhairí déiríochta uile na hÉireann. Fochatagóir thábhachtach ar leith is ea an cháis laistigh den earnáil seo agus téann breis agus 50% den €800m d'onnmhairí cáise na hÉireann go dtí an Ríocht Aontaithe, arb ionann 83% díobh agus cáis chéadair.

Bhain meath éigin leis an mbliain do tháirgeoirí deochanna a bhí ag díriú ar an Ríocht Aontaithe agus 26% d'onnmhairí uile €1.5bn a cuireadh ann. Bhí baint ag níos lú éilimh ar leann úll leis seo.

**Ar an iomlán, d'aimsigh 37% d'onnmhairí Éireannacha margadh sa Ríocht Aontaithe in 2018, arb ionann sin agus luach iomlán**

**€4.5BN**

Tháinig laghdú ar onnmhairí inite gairneoireachta agus gránaigh, earnáil a bhí ag brath nach mór go hiomlán ar mhargadh na Ríochta Aontaithe. Agus luach €208m air in 2018, laghdú 10% a bhí ann i gcomparáid leis an mbliain 2017, agus ba iad táirgeoirí muisirún a bhraith an brú ba mhó. D'áirigh táirgeoirí luaineacht sa phunt steirling agus neamhchinnteacht maidir le Breatimeacht i measc na bpríomhchúiseanna a bhí leis an meath.

Maidir leis an earnáil bia mara, margadh tábhachtach atá sa Ríocht Aontaithe i gcónaí d'iasc geal agus bradán, ach tháinig laghdú ar onnmhairí bradáin ó thaobh méideanna aschuir de mar gheall ar fhadhbanna táirgthe.

Tháinig laghdú 13% ar luach na hearnála seo ar an iomlán go €562m agus beidh brúnna áirithe ann ón mBreatimeacht de bharr fadhbanna maidir le rochtain ar uiscí iascaireachta amach anseo.

I gcomhthéacs na díospóireachta maidir leis an mBreatimeacht, is fiú a thabhairt faoi deara gur fhorbair roinnt earnálacha bia, ina measc onnmhairí déiríochta úir agus onnmhairí beo, ní hamháin le Tuaisceart na hÉireann ina mhargadh ar leith, ach le múnla gnó a bhíonn ag brath ar tháirgeadh comhtháite agus próiseáil chomhtháite idir an dá chuid d'oileán na hÉireann.

### Mór-Roinn na hEorpa

Ar Mhór-Roinn na hEorpa bhí áit dhearfach ann don fhás den chuid is mó le linn 2018.

Bhí méadú ó thaobh luacha agus méid de coitianta i measc phríomh-mhargaí de chuid an AE, agus sháraigh an luach iomlán €4.2bn, méadú 1% i gcomparáid le luach na bliana roimhe. Is ionann margaí mhórthír na hEorpa anois agus 34% d'onnmhairí bia agus dí uile, forbairt a léiríonn an fiúntas a bhain leis an mbrú i dtreo an éagsúlaithe a bhí ag croí straitéis Bord Bia ar feadh roinnt blianta. Is iad na catagóirí is mó ar éirigh leo in 2018 na catagóirí muiceola, éineola agus déiríochta.

Bhí bliain mheasctha ag onnmhairí mairteola na hÉireann, agus fás 4% san Ísiltír go dtí luach breis agus €200m agus fás 6% i margadh na hIodáile go dtí €192m. Níor tháinig aon athrú ar luachanna onnmhairí sa Ghearmáin, figiúir a d'fhan ag €136m, fad is a tháinig meath ar mhéideanna a cuireadh go dtí an Fhrainc, an tSualainn, an Danmhairg agus an Spáinn.

D'éirigh go maith leis an éagsúlú straitéiseach, go háirithe in earnáil na caoireola, agus breis agus 50% de lastais de réir luacha le dul go margaí lasmuigh den Fhrainc agus den Ríocht Aontaithe, arbh ionann seo agus méadú ó 47% in 2017. Is ionann an Bheilg, an Ghearmáin agus an tSualainn anois agus 29% de luachanna onnmhairí, méadú 3% i gcomparáid le figiúr na bliana roimhe.

Bhain luach €1.35bn le honnmhairí éiríochta go dtí Mór-Roinn na hEorpa, méadú 6% i gcomparáid leis an mbliain roimhe. D'fhág éileamh láidir san Ísiltír go raibh fás 20% ann, cé go raibh cuid de na honnmhairí seo le dul ar aghaidh go tíortha eile.

tuarascáil bhliantúil 2018


I gcás bianna ullmhaithe tomhaltais, is iad croí-mhargaí Mhór-Roinn an Aontais Eorpaigh, is iad sin margaí na Fraince, na hÍsiltíre, na Gearmáine, na hIodáile agus na Spáinne na margaí is tábhachtaí i ndiaidh na Ríochta Aontaithe, agus cuimsíonn siad ar fad le chéile 17% d'onnmhairí. I gcás onnmhairí go dtí an Fhrainc, tháinig laghdú 14% orthu seo in 2018, de bharr laghdú ar onnmhairí ullmhaithe mairteola agus púdair ardchothaithe.

Maidir leis an earnáil bia mara, bhí an Eoraip i measc na margaí peiligeacha ar éirigh go maith leo agus onnmhairí ronnach go dtí an Ghearmáin, an Ísiltír agus an Bheilg ar fad láidir. Chabhraigh an t-éileamh méadaithe ar ghliomach i bpríomh-mhargaí de chuid na hEorpa, arb í sin an chatagóir onnmhairí sliogéisc is mó de chuid na hÉireann, luach iomlán onnmhairí na tíre a mhéadú faoi 30%.

## Margaí Idirnáisiúnta

Is dlúthchuid de mhargaí idirnáisiúnta é go nochtfaí do luaineachtaí trádála iad agus mhothaigh onnmhaireoirí de chuid na hÉireann tionchar dúshláin shuntasacha thar go leor margaí. Ar an iomlán, tháinig laghdú 3% ar an sciar céatadáin d'onnmhairí idirnáisiúnta i gcomparáid le figiúr na bliana roimhe, ag cuimsiú 29% nó €3.5bn d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann.

Tháinig maolú ar an éileamh a bhí ar onnmhairí mairteola go hidirnáisiúnta, agus príomh-mhargaí de chuid na hÁise, mar shampla na hOileáin Filipíneacha agus Hong Cong, an-iomaíoch. Bhí tús maith ag margadh na Síne, áfach, a thosaigh ag glacadh le mairteoil de chuid na hÉireann i mí an Mheithimh 2018, agus breis agus 1,000 tonna mairteola Éireannaí a bhain an tír amach. Bhí dea-scéala ann d'onnmhaireoirí muiceola freisin, mar tháinig méadú 36% nó go €30m ar an muiceoil a chuaigh go dtí an tSeapáin agus méadú 29% nó go €11m ar an muiceoil a chuaigh go dtí an Chóiré Theas. Le blianta beaga anuas, tá an Afraic Theas ar an dara margadh onnmhairíochta is mó don earnáil éineola, agus luach €35m leis na honnmhairí a tugadh ann i mbliana. Tá tabhairt isteach taraifí móra sa mhargadh i mí Dheireadh Fómhair leis an bhfás seo a chur ar ceal, áfach.

Bhí béim ar leith ar mhargaí de chuid na hÁise, agus go háirithe ar an tSeapáin, an tSín agus an Chóiré Theas do tháirgeoirí déiríochta na hÉireann. Tháinig méadú láidir ar onnmhairí púdar speisialaithe cothaithe go dtí an tSín, a bhí 15% níos airde ná na méideanna a cuireadh ann in 2017 agus go Meiriceá Thuaidh freisin, ar bhain méadú 36% nó go €366m leis. Lean onnmhairí ime ar aghaidh ag dul go maith agus is fiú €161m anois iad, fad is a tháinig méadú 20% ar luach onnmhairí cáise go dtí na Stáit Aontaithe. Tháinig méadú 30% ar an gcáis agus im a cuireadh go dtí an tSín, fad is a tháinig méadú breis agus 110% nó go €14m ar onnmhairí púdar bainne bhearrtha agus mhéadaigh onnmhairí bainne UTC faoi 90% go €10m.

B'ábhar misnigh iad na honnmhairí bianna ullmhaithe a cuireadh go dtí an Áise agus fás 8% ann, rud a mhéadaigh an luach margaidh go dtí €66m. Chuir catagóir na bpúdar bainne feabhsaithe leis an bhfás seo agus tá éileamh ar chomhábhair dhéiríochta sa tSín agus san Áise Thoir Theas ag fás go gasta

Mar thoradh ar éileamh domhanda a neartú, bhí éileamh mór ar bhia mara na hÉireann sna príomh-mhargaí onnmhairí. San earnáil pheiligeach, áfach, bhí tionchar díreach ag ciorruithe cuóta 10% in 2018 ar mhéideanna agus tionchar athruithe cuóta eile, go háirithe i bhfianaise an Bhreatimeachta, ina n-ábhar imní.

Is iad na Stáit Aontaithe an margadh ceannasach d'onnmhairí dí na hÉireann go fóill, agus luach €567m leo

in 2018, luach a chuimsigh 38% d'onnmhairí dí uile na tíre. B'ionann uisce beatha agus 60% de na honnmhairí sin, sin méadú 9% ar an luach a bhain leis sna Stáit Aontaithe in 2018. Bhain 30% eile le licéir uachtair, a raibh borradh 9% fúthu ar an iomlán, agus a léirigh feidhmíocht láidir tar éis roinnt blianta inar tháinig meath ar an tóir a bhí orthu.

## Ullmhacht don Bhreatimeacht

Déanann figiúirí onnmhairí na bliana 2018 an tábhacht sheasmhach a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe mar mhargadh do bhia agus deochanna na hÉireann a dheimhniú. I gcás éagsúil, d'fhéadfaí nach mór cuma iomlán dearfach a bheith ar a leithéid d'fheidhmíocht. I gcomhthéacs imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE atá ag teannadh linn, bíonn sé mar chuid de scéal níos mó lena mbaineann baol agus briseadh féideartha.

Le linn 2018, lean Bord Bia ar aghaidh ag ailíniú acmhainní agus ag cur cláir i bhfeidhm leis an tionscal a ullmhú dá mbeidh roimhe amach anseo, ag baint leasa as maoiniú suntasach, breise a chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar fáil, a chuir ar chumas na heagraíochta tionscadail shonraithe taighde agus ghnímh a sholáthar.

Bhí áit lárnach ag uirlis anailíse riosca Bord Bia, Baraiméadar Breatimeachta in go leor den obair seo. Dearadh



Luach na n-onnmhairí déiríochta go dtí Mór-Roinn na hEorpa -



**€1.35BN**

Baraiméadar Breatimeachta le bonn láidir fianaise a sholáthar do na seirbhísí tacaíochta a chuirtear ar fáil do chuideachtaí de chuid na hÉireann, agus chuir sé le forbairt sruthanna oibre thart ar dhearadh shlabhra an tsoláthair, custaim, bainistíocht malairte eachtrach, caidrimh le custaiméirí agus éagsúlú.

I mí an Mheithimh, 2018, sheol Bord Bia torthaí an dara Baraiméadar Breatimeachta, ag cur léargas suas chun dáta ar ullmhúchán thionscal bia agus dí na hÉireann don Bhreatimeacht ar fáil.

Thagair na sonraí do chultúr ullmhachta atá ag dul i dtreis ar fud an tionscail, agus léirigh siad gur thóg 73% d'fhreagróirí céimeanna éigin le haghaidh a thabhairt ar thorthaí féideartha. Anuas air sin, bhí 54% de chuideachtaí ag cur straitéisí margaíochta in oiriúint do mhargadh na Ríochta Aontaithe agus bhí 85% díobh sa tóir go gníomhach ar ghnólachtaí i margaí úra.

## Comhthéacs Idirnáisiúnta

Gan aon agó, ba é an Breatimeacht an cheist aonair ba phráinní ar a raibh ar an tionscal aghaidh a thabhairt, agus é ag dul in éadan pharaiméadair bhunaithe na trádála náisiúnta, idirnáisiúnta agus san AE. Níorbh é an t-aon ábhar imní é, áfach. Bhí teannas idir na Stáit Aontaithe agus an tAE maidir le trádáil in 2018 a d'fhág go raibh baol ann go dtabharfaí córais nua taraifí isteach. Lean plé trádála ar aghaidh idir an tAE agus Bloc Mercosur Mheiriceá Laidineach.

I mí an Mheithimh, chuir an Coimisiún Eorpach moltaí i láthair leis an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) a thabhairt isteach sna chéad deich mbliana eile. Díríonn siad seo ar thacaíocht leanúnach d'earnáil inbhuanaithe agus iomaíoch talmhaíochta san Eoraip, mar aon le gealltanais maidir leis an athrú aeráide.

I measc na naoi gcuspóir atá leagtha amach don CBT amach anseo, tá: ioncam cothrom d'fheirmeoirí; méadú ar iomaíocht; cumhacht athchothromaithe sa bhiashlabhra; gníomhú ar son an athraithe aeráide; cúram timpeallachta; caomhnú tírdhreach agus bithéagsúlachta; athnuachan ó ghlúin go glúin; ceantair thuaithe bheoga; agus cosaint caighdeán bia agus sláinte.

Idir an dá linn, rinneadh an nuashonrú is déanaí ar an gComhbheartas Iascaigh in 2015, nuair a tugadh isteach prionsabal na huasghabhála inbhuanaithe chun gabháil éisc a bhfaighthí réidh léi a laghdú.

Bhí tionchar ag srianta cuóta ar earnáil iascaigh na hÉireann in 2018 agus, ag féachaint romhainn, is cinnte go dtabharfaidh an Breatimeacht réimse dúshlán leis chuig earnáil iascaigh na hÉireann maidir le rochtain ar uiscí iascaigh.

Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, beidh iarmhairtí ag baint le fiú luaineachtaí sa ráta malairte idir an punt steirling agus an euro i gcónaí, agus ba bhliain luaineachta í i dtaca leis seo, cé gur chuir an dá airgeadra deireadh leis an mbliain go mór mór mar a chuir siad tús léi. Bhí meath an euro i gcoinne an

dollair ní ba shuntasaí, agus d'fhág sé seo go raibh praghsanna níos iomaíche ar tháirgí Éireannacha sna Stáit Aontaithe agus i réigiúin a thrádálann sa dollar.

Tháinig laghdú ar Phraghasinnéacs Domhanda Bia na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta (EBT) sa dara leath de 2018, cás a bhain leis an méadú a bhí ar dhíospóidí trádála, go háirithe idir na Stáit Aontaithe agus an tSín. Bhí laghdú 3% ar phraghsanna earraí talmhaíochta dírithe ar fheoil, olaí agus siúcra. Agus iad ag dul a mbealach féin, tháinig méadú 1% ar an bpraghasinnéacs déiríochta fad is a tháinig méadú 6% ar ghránaigh i gcaitheamh na bliana. Bhí laghduithe ar phraghsanna muiceola agus éineola fad is a d'fhan praghsanna buaibheach mar an gcéanna den chuid is mó, agus tacaíocht éileamh mhargaí na hÁise aige.

Tuarann Rabobank go dtiocfaidh méadú ar phraghsanna domhanda déiríochta in 2019, agus go rachaidh éileamh ón Áise chun tairbhe tháirgeoirí muiceola agus mairteola. Meastar go bhfanfaidh praghsanna mine seasmhach in 2019.

Lean geilleagar na hÉireann ar aghaidh ag baint leasa as fás láidir i rith 2018 ag cur le feabhas a chur ar uimhreacha fostaíochta. Bhí an dara ráta boilscithe (bliantúil) i bpraghsanna do thomhaltóirí ab ísle ag Éireann i measc AE-28. Bhí an tír sa 23ú háit as 140 geilleagar in Innéacs Domhanda Iomaíochais an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda, an áit chéanna ina raibh sí an bhliain roimhe.

## Ráiteas Straitéise

Leagann an Príomhfheidhmeannach go leor de chláir agus gníomhaíochtaí Bord Bia ar son an tionscail amach ina tuarascáil. Roinneann siad an comhainmneoir as a bheith treoraithe ag ar a laghad ceann amháin de na cúig cholún straitéiseacha de Dhifear an Domhain a Dhéanamh, Ráiteas Straitéise Bord Bia 2016-2018. Is iad seo:

1. Curtha ar an eolas ag léargas tomhaltóra



**Is iad na Stáit Aontaithe an margadh ceannasach d'onnmhairí dí na hÉireann go fóill, agus is é an luach atá air**

**€567M**



2. Á chumasú ag daoine fiúntacha, tallann agus bonneagar
3. Buntaca ó Origin Green
4. Bainte amach trí bhealaí éifeachtacha go dtí an margadh agus tiontó gnó
5. Tacaíocht aige ó chumarsáidí láidre branda san aois dhigiteach.

Rinneadh dianobair le linn na bliana freisin ar an ráiteas straitéise a rialóidh gníomhaíochtaí le linn na dtrí bliana atá amach romhainn. Tógfaidh Difreáil a Fhorbairt, Fás a Ghnóthú, Ráiteas Straitéise Bhord Bia 2019-2021 an earnáil ar aghaidh ag ceann de na tráthanna is criticiúla i stair ár dtionscail. Forbraíodh é ag tráth a raibh an mhuinín ba mhó againn riamh as ár gcumas, ach freisin tráth a raibh neamhchinnteacht gan fasach ina gné de phríomhchaidrimh thrádála.

Tógann an cháipéis nua straitéise ar éachtaí na straitéise roimhe agus beidh ceithre thosaíocht straitéiseacha ann:

- Rathúlacht agus fás sa mhargadh a thiomáint
- Léargas d'fhonn fás a chumhachtú
- Cáil maidir le fás a thógáil
- Ceannaireacht trí bhithin daoine

Dár gcliaint, dár ngeallsealbhóirí tionscail agus don phobal i gcoitinne, léireofar na tosaíochtaí seo agus béim chríochnúil ar an earnáil onnmhairí agus ar bhainistiú cainéal; ar úsáid a bhaint as léargas le déanamh cinntí a bharrfheabhsú; agus beidh béim athnuaite ar ár ndintiúir inbhuanaitheachta agus ar ár ndaoine mar shócmhainní criticiúla i ndifreáil agus i bhfás iomaíoch.

Leanfaidh cáipéis straitéise na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, Food Wise 2025, ar aghaidh ag soláthar an bhoinn straitéisigh ar a n-oibríonn Bord Bia le hearnáil agraibhia na hÉireann. D'aithin Food Wise 2025 teilgean fáis uaillmhianach agus dúshlánach chun feidhmíocht onnmhairí ionchais €19bn a sholáthar

**Is é an réamh-mheastachán ar an bhfeidhmíocht onnmhairí bia a bhfuiltear ag súil léi don bhliain 2025**

**€19BN**

faoin mbliain 2025, agus chun 23,000 post nua breise a chruthú le linn an phróisis.

## Conclúid

Díríodh an-aird ar earnáil bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann roinnt uaireanta le cúpla bliain anuas. Ag tús an chéid, bhí sé seo go mór mar gheall gur léirigh an earnáil go bhféadfadh lena tiomantas do chaighdeán agus barr feabhais a bheith ar an mbunchloch le haghaidh fáis, athnuachana agus soirbheachais. Ó 2016 i leith, tá imeacht eile gan fasach, an Breatimeacht, tar éis an tionscal a chur ar thús cadhnaíochta ar fheasacht an phobail arís, agus imní shuntasach i measc táirgeoirí agus próiseálaithe maidir leis an toradh a bheidh leis ar deireadh. Bhí sé ina shaincheist a chuir isteach go mór ar an earnáil in 2018, ach níorbh é an t-aon saincheist é, mar bhí na coinníollacha drochaimsire ina ndúshlán ag pobal na feirmeoireachta agus bhí ar phróiseálaithe agus monaróirí dul i ngleic le luaineachtaí in airgeadraí agus sa trádáil.

Ina choinne seo uile, is ábhar mór bróid é feidhmíocht an tionscail in 2018. Lean an tionscal ar aghaidh ar bhealach fhás an mhéid agus sholáthar sé luach €12.1bn.

Leanann onnmhairí bia agus dí na hÉireann ar aghaidh ag baint sciar den mhargadh i gcuid de na margaí is iomaíche ar domhan, rud a léiríonn lúfaireacht agus diongbháilteacht chun freagairt go tapa ar dheiseanna agus brúnna nua.

Tá Bord Bia bródúil as an ról atá aige an turas seo a éascú, agus leanfaidh sé ar aghaidh ag tacú leis an tionscal trí réimse clár agus seirbhísí bunaithe ar smaointeoireacht láidir straitéiseach a sholáthar. Trí Origin Green, tacóidh sé freisin le diongbháilteacht na hÉireann a bheith ina ceannaire domhanda ó thaobh tháirgeadh bia agus dí inbhuanaithe de.

Tar éis dom a bheith ag obair sa tionscal seo le blianta fada, ba mhór an onóir dom a bheith ceaptha i mo Chathaoirleach in 2018 agus tá áthas orm a thuairisciú gur bliain chuiditheach agus tháirgiúil a bhí ann ag obair le mo chomh-chomhaltaí boird, le baill na gcúig fhobhord agus le foireann feidhmiúcháin Bord Bia in 2018. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd ar fad ar oibrigh mé leo as a léargas, tiomantas agus dúthracht agus beidh mé ag súil le bliain tháirgiúil eile a bheith againn agus muid ag tosú ar ár straitéis nua, Difreáil a Fhorbairt, Fás a Ghnóthú, Ráiteas Straitéise Bhord Bia 2019-2021.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas ar leith a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach Tara McCarthy as a cuid tacaíochta agus tiomantais agus as an diongbháilteacht agus díograis a léirigh sí chun an tacaíocht ba láidre agus ab fhéidir a chur ar fáil don tionscal i gcónaí. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, TD, agus leis an Aire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Andrew Doyle, TD, as an tiomantas seasta a léirigh siad don tionscal freisin. Le linn na bliana, léirigh siad gur urlabhraithe cumhachtacha iad ar go leor leibhéal agus i measc go leor luchtanna féachana tábhachtacha, bíodh sin

sa bhaile nó thar lear. Gabhaimid buíochas leis an Roinn as ucht an bhreis maoinithe a cuireadh ar fáil do Bord Bia agus a chuir go suntasach le leibhéal ullmhachta an tionscail le haghaidh an Bhreatimeachta ar an iomlán i gcaitheamh na bliana. Ar an dul céanna, gabhaim buíochas freisin leis an Ard-Rúnaí Brendan Gleeson, le Aidan O'Driscoll a bhí ann roimhe agus le foireann uile na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ní raibh comhoibriú nó comhpháirtíocht chomh maith seo idir an Roinn agus Bord Bia riamh agus léiríonn na gníomhaíochtaí uile a dtugaimid fúthu i gcomhar lena chéile é seo. Bhí tacaíocht na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála an-luachmhar freisin in 2018, mar gur thug clár láidir misean trádála teachtaireacht thionscal bia agus dí na hÉireann chomh fada le ceannaitheoirí ar fud an domhain.

Bhí áthas orainn freisin leanúint ar aghaidh ag comhoibriú go dlúth le comheagraíochtaí Stáit le linn 2018. Buíochas le Teagasc, Bord Iascaigh Mhara, Fiontraíocht Éireann agus Oifig na nOibreacha Poiblí as na bealaí ar fad inar chuir siad tacaíocht agus comhpháirtíocht ar fáil dúinn i gcaitheamh na bliana.

Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh lena Shoilse, Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins, as a atoghadh i rith na bliana. Is mór dúinn a ról mar phátrún Bloom agus mar dhuine atá go mór ar son na hinbhuanaitheachta. Beimid ag súil lena thacaíocht sa dá réimse sin sna blianta atá romhainn.

Mar eagraíocht a bhíonn ag iarraidh barr feabhais a sholáthar thar ceann an tionscail a bhfreastalaíonn sí uirthi, tá an t-ádh ar Bord Bia é féin foireann thiomanta proifisiúnach den scoth a bheith aige agus is cúis áthais dom ionadaíocht a dhéanamh ar eagraíocht a chothaíonn, a aithníonn agus a chuireann luach le tallann agus a thuigeann gurb í a muintir an acmhainn is mó atá aici.

Tá áthas orm a rá freisin gur léiríodh clú Bord Bia mar chomhpháirtí iontaofa sa tionscal agus i measc tomhaltóirí i staidéar bliantúil RepTrak® 2018, staidéar a rangaigh Bord Bia i measc na gceithre eagraíocht Éireannacha ab fhearr,

Agus bliain a bhí dúshlánach ar go leor bealaí curtha dínn, rinneadh tástáil ar chumas thionscal bia agus dí na hÉireann teacht slán agus léiríodh go bhfuil sé athléimneach go maith. Cé go bhfuil ceisteanna agus neamhchinnteacht ann go fóill, is éard nach bhfuil dabht ar bith faoi cumas agus diongbháilteacht an tionscail fás nó a chumas todhchaí a sholáthar a bheidh daoine aonair, teaghlaigh agus pobail ar fud na hÉireann in ann tairbhe a bhaint aisti.

**Dan MacSweeney**

Cathaoirleach

Is féidir eolas breise agus nuashonruithe ar ghníomhaíochtaí Bhord Bia a fháil ó www.bordbia.ie

nó trí sinn a leanúint ar líne ag www.facebook.com/bordbianó ar Twitter@ bordbia

 tuarascáil bhliantúil 2018

# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH




Agus bliain ann ina raibh luaineacht agus neamhchinnteacht ina bhfocail faire ag an timpeallacht domhanda trádála, lean onnmhaireoirí bia agus dí na hÉireann ar aghaidh ag tógáil ar an móiminteam a d'fhág go raibh rath nach bhfacthas sna deich mbliana roimhe seo ar an earnáil..

Cé gurbh í 2018 an chéad bhliain sa tréimhse ó 2010 i leith ina raibh laghdú ar onnmhairí ó thaobh luacha de, ba bhliain í freisin inar lean méideanna ar aghaidh ag dul ó neart go neart. Feidhmíocht ba ea í seo a bhí ina comhartha ar dhúshláin in go leor áiteanna margaidh ach léirigh sí freisin gurb í an éagsúlacht is bunús lenár neart.

Tá an réimse eisceachtúil de tháirgí bia agus dí ardchaighdeáin na hÉireann go fóill mar bhunchloch láidir óna bhfásfaidh ár dtionscal agus óna gcothódh sé sciar den mhargadh amach anseo. Do Bord Bia, léiríonn an réaltacht seo go soiléir freisin an luach a bhaineann lenár dtionscal a bheith ag obair le chéile. Bíodh sé trí chláir ar fud an tionscail cosúil le Origin Green nó trí imeachtaí aonair cosúil le Marketplace International 2018, is cinnte go gcabhróidh ár gcumas méadaitheach Éire a chur chun cinn mar áit ina dtáirgtear bia agus deochanna ardchaighdeáin go hinbhuanaithe linn ár ndeiseanna fadtréimhseacha a chur chun cinn.

Cé gur bliain lán dúshlán a bhí ann, ba é an Breatimeacht an dúshlán ba mhó a bhí ar intinn ag daoine. Is nósmhaireacht sheanbhunaithe é nach deas le cúrsaí gnó neamhchinnteacht agus ní haon áibhéil a rá go bhfuil imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE atá ag teannadh linn á chur seo go díreach ar fáil ar bhealach uathúil agus iarmhartach. Agus an dáta imeachta in 2019 ag druidim linn, bhí timpeallacht na polaitíochta neamhshocair go fáil agus tháinig deireadh leis an mbliain gan aon soiléireacht a bheith ann maidir le meicníocht imeacht na Ríochta Aontaithe.

Le linn na tréimhse dúshlánaí seo, bhí cur chuige láidir, cuiditheach agus réiteachbhunaithe ag Bord Bia i leith an dúshláin, agus é mar aidhm aige an tionscal a ullmhú do chibé rud a tharlóidh ar deireadh. Go deimhin, bhí an cur chuige seo ag croí smaointeoireacht Bord Bia ó bhí reifreann 2016 ann agus in 2018, géaraíodh ar na próisis chomhairliúcháin, faisnéise agus oiliúna.

Cuireadh acmhainní suntasacha ar fáil don Bhreatimeacht, agus fuair Bord Bia maoiniú luachmhar breise ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun tacú leis na gníomhaíochtaí seo. Tá an maoiniú tar éis cur go díreach le tionscadail a mbaineann ardluach leo agus le tograí cosúil le Baraiméadar Breatimeachta, staidéar ar Bheartú Tosaíochta Margaidh agus réimse seimineár agus imeachtaí a dearadh le hullmhacht mhargaidh chuideachtaí rannpháirteacha a fheabhsú.

Cé gur údar intuigthe imní a bhí i mBreatimeacht, is éard atá soiléir ó na gníomhaíochtaí seo ar fad go bhfuil mothú ullmhachta ag bualadh an tionscail anois. Léiríonn torthaí Bharaiméadar Breatimeachta a eisíodh in 2018 tionscal atá ag glacadh céimeanna dearfacha chun sciar den mhargadh a chosaint, a chaomhnú agus a threisiú sa tréimhse dhúshlánach atá romhainn.

Níorbh é Breatimeacht an t-aon saincheist a bhí ag dó na geirbe ag an tionscal le linn 2018, ná baol air. Mar a luaigh an Cathaoirleach, chuaigh drochaimsir i bhfeidhm ar fheirmeoirí ag tús na bliana fad is a chuaigh próiseálaithe agus monaróirí i ngleic le luaineachtaí in airgeadraí agus sa trádáil.

Is fíor ar ndóigh gur minic nach mbíonn aon chosúlachtaí simplí idir cur isteach idirnáisiúnta agus feidhmíocht onnmhairí ár dtionscail. Ainneoin na dúshláin ar fad a bhaineann le Breatimeacht, bhí an bhliain 2018 ar cheann de na blianta ab fhearr feidhmíochta a bhí ag an tionscal sa Ríocht Aontaithe. Cé go raibh tús na bliana dúshlánach don earnáil déiríochta, leanann rath dhéiríocht na hÉireann ar aghaidh go domhanda, agus luach iomlán onnmhairí ime na hÉireann ag sárú €1bn den chéad uair in 2018.

Ba chóir dúinn a mheabhrú dúinn féin gur dearfach iad na hailíniúcháin soláthair agus éilimh go hidirnáisiúnta i gcónaí agus go leanfaidh siad ar aghaidh dul i bhfabhar ár dtionscail.

I measc na dtosca dearfacha seo, tá fás láidir daonra go domhanda, fás leanúnach i saibhreas tomhaltóirí, agus iompraíocht a chruthaíonn éileamh treisithe ar an mbia agus ar na deochanna ardchaighdeáin a tháirgtear go hinbhuanaithe a n-éiríonn le hÉireann go han-mhaith a sholáthar.

## Anailís Earnálach

Ach sracfhéachaint níos gaire a thabhairt ar fheidhmíocht an tionscail ar bhonn earnála, deimhnítear an tionchar a bhaineann le luaineacht agus neamhchinnteacht, ach deimhnítear freisin athléimneacht agus freagrúlacht onnmhaireoirí i leith na ndúshlán seo. Bhí ról marthanach na catagóire bia is mó de chuid na hÉireann mar cheannródaí fáis ina chomhartha de seo. Is earnáil onnmhairí €4bn í earnáil déiríochta na hÉireann anois agus tháinig méadú 5% ar mhéideanna in 2018 i gcomparáid le figiúr na bliana roimhe. Laistigh den earnáil, bíonn ag éirí ar fheabhas leis an im Éireannach i gcónaí, ag baint leasa as na treochtaí agus roghanna fabhracha tomhaltóra sna Stáit Aontaithe agus go háirithe i margaí de chuid Mhór-Roinn na hEorpa agus an earnáil ag dul thar luach €1bn den chéad uair riamh. Bhí sé seo ina ardú suntasach 22% i gcomparáid le figiúr na bliana 2017. Mar sin féin, tháinig maolú ar na praghsanna láidre domhanda a chabhraigh leis an bhfás seo i dtreo dheireadh na bliana. Is í earnáil na cáise an chatagóir láidir déiríochta eile atá in Éirinn, arbh fhiú €800m in 2018 í. Murab ionann agus catagóirí déiríochta eile, is í an Ríocht Aontaithe an ceann scríbe is mó a dtéann formhór onnmhairí cáise ann i gcónaí, cé gur bliain a bhí ann inar tháinig méadú 22% ar onnmhairí cáise a chuaigh chuig margaí idirnáisiúnta.

Bhí an fheoil agus an beostoc an-ghar don déiríocht ó thaobh luacha de le linn na bliana, agus b'fhiú díreach faoi bhun €4bn ar an iomlán iad. Mhéadaigh méideanna táirgeachta ar fud na speiceas go léir agus d'éirigh go maith leo ó thaobh dul isteach i margaí nua de, cé go raibh dúshláin ann ó thaobh rudaí eile de. Bhí bliain réasúnta seasmhach ag onnmhairí mairteola ar an iomlán agus b'fhiú €2.5bn iad, méadú 1% i gcomparáid le 2017.

Tháinig ardú 15% ar luachanna onnmhairí caoireola go €315m agus ardú 8% ar onnmhairí éineola go €316m. I gcodarsnacht leis sin, tháinig laghdú 6% ar onnmhairí muiceola go €666m agus thit ainmhithe beo siar beagán go €161m.

Lean bianna ullmhaithe tomhaltóra, lena n-áirítear roinnt táirgí feola, dí agus déiríochta, agus bianna ullmhaithe lena n-áirítear púdair bhainne shaibhrithe, ar aghaidh ag feidhmiú go maith. B'fhiú €2.5bn bianna ullmhaithe tomhaltóra agus b'fhiú €1.9bn bianna ullmhaithe i rith na bliana.

Tháinig méadú ar luach onnmhairí dí go €1.5bn, ag baint leasa as éileamh láidir agus éagsúil domhanda, le huisce beatha ar thús cadhnaíochta agus méadú €45m ar luach onnmhairí uisce beatha go €623m ar an iomlán. Ar an iomlán, chuaigh 60% d'onnmhairí uisce beatha go Meiriceá Thuaidh.

D'fhág meascán tosca nárbh fhéidir leis an earnáil smacht a bheith aici orthu gur bliain dhúshlánach a bhí ann d'onnmhairí bia mara na hÉireann, mar tháinig laghdú 13% ar onnmhairí go €561m. Ina measc seo bhí cuótaí laghdaithe i ronnach agus táirgeadh níos ísle bradán feirme in 2018, chomh maith le dinimic dhúshlánach sa mhargadh domhanda. Bhí fás leanúnach ann, áfach, i gcatagóirí cosúil le gliomaigh, portáin agus oisrí.

Ba é luach na n-onnmhairí gránach agus gairneoireachta inite don bhliain €208m. Is iad muisiriúin an chatagóir aonair is mó ar fiú €81m í agus cuimsíonn gránaigh an chuid is mó den chuid eile. Tháinig laghdú 5% ar an gcatagóir muisiriúin ó thaobh luacha de agus tháinig méadú 10% ar an gcatagóir gránach agus praghsanna láidre earraí ann, ainneoin go raibh laghdú méideanna ann de bharr na drochaimsire.

## Difear an Domhain

Bhain cáipéis straitéise trí bliana Bord Bia, Difear an Domhain a Dhéanamh, Ráiteas Straitéise 2016-2018 a conclúid rathúil amach ag deireadh na bliana. Dhírigh an straitéis ar chúig cholún straitéiseacha ar bunaíodh gníomhaíochtaí agus cláir Bord Bia orthu:

1. Curtha ar an eolas ag léargas tomhaltóra
2. Á chumasú ag daoine fiúntacha, tallann agus bonneagar
3. Buntaca ó Origin Green
4. Bainte amach trí bhealaí éifeachtacha go dtí an margadh agus tiontó gnó
5. Tacaíocht aige ó chumarsáidí láidre branda san aois dhigiteach.

Ba ann don tréimhse trí bliana ag am a raibh athrú ann, go minic athrú a bhí seismeach, i gcúrsaí polaitíochta agus trádála idirnáisiúnta. Caithfidh gur léiriú é an chaoi ar fhan straitéis Dhifear an Domhain a Dhéanamh ina cuid lárnach de ghníomhaíochtaí Bord Bia le linn na tréimhse seo ar a láidre agus a léirsteannaí is a bhí sí.



Sháraigh onnmhairí ime na hÉireann

€1.0BN



D’éascaigh sí forbairt tacaíochtaí agus seirbhísí a tháinig chun cinn i gcásanna áirithe chun freastal ar riachtanais a bhí ag athrú agus, i gcásanna eile, chun dul i ngleic le dúshláin nach raibh súil ná coinne leo.

B’fhéidir gurbh é an bua ba mhó a bhain leis an straitéis gur tógadh ar an aitheantas é go raibh

fórsaí doimhne teicteonacha i mbun oibre lenár dtionscal a athmhúnlú -

– idir athruithe geilleagracha agus timpeallachta ó bhonn, forbairt meoin agus iompair tomhaltóirí, agus síorathrú na mbealaí a ndéantar bia a fhoinsiú, a tháirgeadh agus a chaitheamh. Leagann an t-athbhreithniú seo a leanas ar ghníomhaíochtaí Bord Bia in 2018 ár n-iliomad clár agus gníomhaíochtaí i gcomhthéacs a n-ailínithe leis na colúin straitéiseacha seo.

Cuirfear tús leis an gcéad chéim eile d’fhorbairt straitéiseach Bord Bia a chur i bhfeidhm in 2019 le Difreáil a Fhorbairt, Fás a Ghnóthú, Ráiteas Straitéise 2019-2021 a dhíríonn ar cheithre thosaíocht; rathúlacht agus fás sa mhargadh a thiomáint; léargas d’fhonn fás a chumhachtú; cáil maidir le fás a thógáil; agus ceannaireacht trí bhithin daoine.

Cuirfidh an straitéis seo ar ár gcumas leanúint ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile d’fhorbairt tionscail agus muid airdeallach ar an timpeallacht trádála a bhíonn de shíor ag athrú agus muiníneach go bhfuil sé de chumas againn áit dhearbhaithe a aimsiú dár dtionscal laistigh di.

## Colún Straitéiseach 1: Curtha ar an eolas ag léargas tomhaltóra

### Léargas tomhaltóra agus nuálaíocht

Is é forbairt táirgí nua bunchloch fhás an tionscail agus tá Bord Bia tiomanta d’acmhainní suntasacha a chur ar fáil chun forbairt nuálaíochta a éascú a osclóidh sruthanna úra ioncaim i margaí seanbhunaithe agus atá ag teacht chun cinn.

Trí obair na foirne Léargas Tomhaltóra agus Nuálaíochta ach go háirithe, is féidir le cliantchuideachtaí bogadh ón mbunscóp a bhaineann le deis mhargaidh díreach ar aghaidh chuig an táirge féin agus chuid forbairt brandála le tacaíochtaí a mhaolaíonn riosca agus costas.

### The Thinking House

Agus é lonnaithe i gCeanncheathrú Bhaile Átha Cliath Bord Bia, tháinig The Thinking House chun cinn mar mhol taighde agus nuálaíochta den scoth ó seoladh in 2016 é. Agus é ag soláthar seirbhísí ag leibhéal an tionscail agus na gcliant, tá sé ina mhol eolais do chuideachtaí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann atá ag lorg cinntí fianaisebhunaithe, bunaithe ar léargas tomhaltóra agus margaidh, le tacú leis an gcur chuige i leith a dtáirge agus ofrálacha margaidh. Tá sé mar aidhm ag The Thinking House go dtosóidh brandáil agus nuálaíocht ar fud an tionscail bia, dí agus gairneoireachta in Éirinn leis an tomhaltóir agus go gcríochnóidh siad leis an tomhaltóir. Ar bhonn laethúil, cuireann sé spás ar fáil le haghaidh comhoibrithe, comhtháthaithe, agus idirghníomhaithe leis an anailís agus léargas atá mar chuid d’ionchur Bord Bia san eolas atá ann faoin tionscal.



# 22%



**an méadú a tháinig ar onnmhairí cáise a chuaigh go margaí idirnáisiúnta**

### Food Brand Ireland

Is mórthionscadal é Food Brand Ireland a d’fhorbair The Thinking House i rith na bliana, agus a bhfuil obair leanúnach á déanamh air faoi láthair. Tugadh faoin tionscadal le hardán comhleanúnach branda a chur ar fáil d’onnmhairí bia agus dí na hÉireann. Bhain idir thaighde cáilíochtúil agus taighde cainníochtúil leis an taighde do Food Brand Ireland, thar 11 mhargadh lena n-áiríodh breis agus 11,000 tomhaltóir idirnáisiúnta. Mar thoradh ar an taighde, forbraíodh creat léargasbhunaithe le solúbthacht chun freastal ar mhargaí éagsúla agus ar earnálacha uile an tionscail bia, dí agus gairneoireachta. Fuarthas amach gur féidir brí éagsúil a bheith le hinbhuanaitheacht i gcodanna éagsúla den domhan agus go mbíonn brí dhifriúil le hinbhuanaitheacht is a bhíonn le hinbhuanaitheacht bia. Féachann Food Brand Ireland le dul i ngleic le bríonna éagsúla dá leithéid thar an speictream iomlán tréithe. Déanann sé seo ach cur chuige saincheaptha a chur ar fáil atá á éascú ag roinnt foinsí sonraí a bhfuil sé de sholúbthacht acu na tréithe a bhaineann le táirgí agus margaí difriúla a aithint. Cuireann Food Brand Ireland samhail ar fáil chun a chinntiú go gcuirtear teachtaireachtaí de chuid Bord Bia ar fud margaí agus an tionscail i bhfeidhm sna margaí éagsúla ar bhealach comhsheasmhach, oiriúnach a rachaidh i bhfeidhm ar an tomhaltóir.

### Treochtaí Stíl Mhaireachtála Tomhaltóra

Tá an clár Treochtaí Stíl Mhaireachtála Tomhaltóra ar cheann de na haschuir is mó iomrá de chuid The Thinking House agus cuireann sé na hathruithe agus treochtaí atá ag múnlú stíl mhaireachtála agus iompar tomhaltóirí ar fud an domhain in iúl. Ar bhealach, is iad na léargais seo an chuisle a bhrúnn píblíne rathúil fhorbairt táirgí nua agus a chabhraíonn leis an gcur chuige maidir le nuálaíocht agus forbairt táirgí nua a threorú, trí phointe tagartha beo maidir le smaointeoireacht tomhaltóirí a chur ar

fáil do chuideachtaí. Ba é The Global Outlook leagan 2018 den chlár agus i measc na bpríomhthreochtaí tomhaltóra a d'aithin sé, bhí: eispéiris tharraingteacha, sláinte agus folláine, saol níos iomláine, slí bheatha fhreagrach, agus pobal agus féiniúlacht.

Le cinntiú go mbeadh tionchar gníomhach ag na treochtaí seo ar dhéanamh cinntí sa tionscal, d'fhorbair The Thinking House sraith straitéisí agus chuir sé tús le sraith cuairteanna chuig cliantchuideachtaí le cabhrú leo an méid a foghlaimíodh a leabú ina ngnólachtaí.

### An Fóram Branda

Cuireann an Fóram Branda pointe fócais tionscail ar fáil le haghaidh díospóireachta, léargais agus craobhscaoilte maidir le dea-chleachtas i mbainistíocht branda. Bhí tiomantas agus tacaíocht láidir cliantchuideachtaí soiléir le linn 2018 agus bhí freastal maith ar na ceardlanna i rith na bliana. I measc na n-ábhar a clúdaíodh, bhí cuir i láthair ar stíleáil bia agus grianghrafadóireacht; straitéisí branda léargasbhunaithe; dea-chleachtas maidir le pacáistiú; agus cás-staidéir maidir le hidirnáisiúnú brandaí áitiúla.

Reáchtáladh Dinnéar Bliantúil an Fhóraim Branda don Tionscal Bia agus Dí sa Cheoláras Náisiúnta.

### SuperBrands

Is clár é SuperBrands a bhunaigh Bord Bia chun cabhrú le cuideachtaí níos lú bonn a dhéanamh san earnáil mhiondíola a bhfuil cáil uirthi mar earnáil atá thar a bheith iomaíoch. Le linn 2018, rinne 10 dtionscadal SuperBrands dul chun cinn ó cuireadh tús in 2017 leo, agus díríodh an obair ar obair ealaíne táirgí a thabhairt chun críche. Cuireadh tús le 10 dtionscadal nua eile le linn na bliana.

### Brand Health Check

Tá Brand Health Check ar an bhfód anois le hocht mbliana anuas, agus is éard atá i gceist leis ná suirbhé mórscála ar líne a chuirtear ar shiopadóirí bia agus a bhailíonn

**57** **Sin líon na mbrandaí bia ar tugadh léargais**
**dóibh a bhuí le Brand Health Check 2018**

agus a dhéanann anailís ar eolas tábhachtach le cabhrú le húinéirí branda 'scrúdú sláinte' cuimsitheach a dhéanamh ar a mbrandaí. Ar an iomlán, chuir Brand Health Check 2018 léargais ar fáil do 57 branda bia thar 43 catagóir éagsúla. Rinneadh tuarascálacha cuideachtaí aonair a chur le chéile bunaithe air seo agus reáchtáladh ceardlann le ciall a bhaint as na torthaí.

### High Potential Navigator

Is clár é an High Potential Navigator a chruthaigh Bord Bia i gcomhar le miondíoltóirí de chuid na Ríochta Aontaithe agus a aithníonn deiseanna d'fhorbairt táirgí nua a mbaineann an-acmhainneacht leo.

Seoladh an clár le Sainsbury's i mí an Mhárta agus chuir cuideachtaí Éireannacha réimse smaointe nua táirgí i láthair, táirgí sneaice, dí agus leathveigeatóra. Faoi dheireadh na bliana, bhí sé ghnólacht Éireannacha ag forbairt liostaí nua leis an miondíoltóir, agus chuir foireann Sainsbury's go mór le modheolaíocht an chláir.

### Inspioráid

Seoladh Inspioráid Chócaireachta in 2017, agus féachann sé ar threochtaí cócaireachta ardleibhéil ar fud na cruinne.

Ghlac deich gcuideachta páirt sa chlár in 2018, agus bhí ceardlanna ar bhonn aonair ann a dhírigh ar an méid a foghlaimíodh a leabú agus ar athrú a chur i bhfeidhm ina bpróisis forbartha táirgí nua agus ina bpróisis nuálaíochta.

### Taighde

Tionscnaíonn agus coimisiúnaíonn The Thinking House réimse leathan taighde luachmhar ar son an tionscail.

Rinneadh tionscadail ar tugadh fúthu in 2018 measúnú ar iompraíocht agus treochtaí tomhaltóirí sa bhaile agus i margaí idirnáisiúnta. Ina measc seo bhí:

- Stíleanna maireachtála cothaithe a thuiscint: Féachaint ar réimeanna bia bunaithe ar an veigeatóireachas, veigeánachas agus leathveigeatóireachas. Rinneadh mioncheistiú ar thaighde ón staidéar ag seisiún léargais don tionscal agus roinneadh leis na meáin é.
- Treochtaí Pacáistíochta: Treochtaí domhanda a théann i bhfeidhm ar phacáistiú agus formáid a fhiosrú. Bhí an taighde mar bhunús ag dhá cheardlann a reáchtáladh i mí na Samhna.
- Todhchaí na Cistine: Scrúdaigh ceardlann bunaithe ar an todhchaí fórsaí atá ag múnlú na forbartha a d'fhéadfadh teacht ar chistineacha agus tionchar iompraíocht tomhaltóirí.

### Bespoke Research

Faoin gclár Bespoke Research (a raibh Foresight4food mar ainm air roimhe), chuir Bord Bia 39 tionscadal i gcrích faoi dheireadh na bliana. Mar chuid de seo, bhí cuideachtaí ann a bhí dírithe ar mhargaí in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe, sa tSín, sa Fhrainc, sa Ghearmáin agus sa Spáinn. Ina theannta sin, críochnaíodh sé thástáil táirge 'taste 'n tell' agus chuir 13 thionscadal aonair anailís i gcrích tríd an uirlis tástála coincheapa.

### Deiseanna margaidh atá ag teacht chun cinn a fhiosrú

Agus é ag tacú le cur chun cinn an éagsúlaithe, rinne agus choimisiúnaigh The Thinking House réimse tionscadal taighde in 2018 le

tuarascáil bhliantúil 2018

# THIRD COHORT

## d'Ambasadóirí Origin Green trí shochrúchán

béim ar dheiseanna margaidh nua. Ina measc, bhí:

- Deis le haghaidh táirgeoirí cáise tomhaltóra sa tSín
- Deis le haghaidh mhuiceoil na hÉireann sa tSín
- Anailís dhomhain ar an margadh feola sa tSeapáin, sa Chóiré Theas, sa Mhalaeisia, i Vítneam agus i Meicsiceo
- Deiseanna le haghaidh comhábhar déiríochta san Indinéis, sa Mhalaeisia, sa tSeapáin, sa Chóiré Theas, i Vítneam agus i Meicsiceo

Tacaíocht don mhargadh intíre

Rianaigh éagsúlacht tionscnamh taighde iompraíocht tomhaltóirí, freagraí ar fheachtais mhargaíochta agus deiseanna margaidh sa mhargadh intíre. Ina measc, bhí:

- Taighde margaidh Kantar Retail ar an margadh táirgí úra.
- Feachtais sa mhargadh intíre a rianú ar feadh na bliana, agus feasacht, tarraingt agus tionchar ar iompraíocht cheannacháin a chlúdach.
- Léargas siopadóirí, le béim ar leith ar shiopadóirí mairteola agus ar an gcatagóir reoite
- Staidéar ar iasc geal, deartha le tuiscint níos fearr a fháil ar an gcatagóir in Éirinn
- Forbairt straitéis chruthaitheach sicín nua le tacú le promóisin éineola
- Tacaíocht do thionscal na gairneoireachta, lena n-áirítear móráireamh ar úlloird; tochailt táirgeachtaí prátaí; agus beart margaidh garraíodóireachta

### Think Digital

Is clár margaíochta digití é Think Digital a forbraíodh chun cuideachtaí bia agus dí a choinneáil chun cinn ó thaobh na deise margaíochta digití de. Tháinig deireadh le clár Think Digital 2017/18 i mí Eanáir 2018 le seimineár dar teideal 'Ar Líne le haghaidh Onnmhairithe'. Chuir foghlaim ón gcéad chlár le hathfhoirmiú an chuir chuige agus, le tacaíocht ón Institiúid Margaíochta Digití, cuireadh tús le clár 2018/19 i mí Lúnasa 2018. Cuimsíonn an clár nua cur chuige foghlama cumaisc le seimineáir as líne agus modúil foghlama ar líne.

## Colún Straitéiseach 2: Á chumasú ag daoine fiúntacha, tallann agus bonneagar

Thug Bord Bia faoina fheachtas earcaíochta ba mhó riamh le linn na bliana agus é ag iarraidh 29 ball foirne nua a fhostú le tacú le fás thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann.

Áirítear sna 29 post róil sa bhrandáil; sa mhargaíocht agus cumarsáid; i léargas tomhaltóirí agus margaidh; sa caidreamh poiblí; sa mhargaíocht dhigiteach agus i bhforbairt gnó thar lear. Tá an chuid is mó de na poist nua lonnaithe ar fud Mhór-Roinn na hEorpa, Mheiriceá Thuaidh, an Mheánoirthir agus na hÁise agus an chuid eile lonnaithe i gCeanncheathrú Bhaile Átha Cliath Bord Bia. Agus tréimhse neamhchinnte roimh an earnáil i gcónaí le dúshláin mhargaidh cosúil le Breatimeacht, cuireann an earcaíocht seo ar chumas Bord Bia agus an tionscail aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo. Tá forbairt deiseanna nua onnmhairí ar fud an domhain ríthábhachtach d'fhás leanúnach na hearnála onnmhairí bia agus dí.

### FoodWorks

Cuireann FoodWorks timpeallacht 'teach te' ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta agus go ghnólachtaí atá ann cheana a mbaineann acmhainneacht mhór fáis leo. Bhí FoodWorks 5 ann idir 2017 agus 2018 agus naoi gcuideachta rannpháirteacha ann a tógadh ón gcéad chéim, ba é sin an grodchúrsa, go stádas a d'fhág réidh le smaointe a chur i láthair infheisteoirí iad. Bhí an deis ag rannpháirtithe FoodWorks taispeántas a dhéanamh sa limistéar 'Explore New Potential' ag Marketplace International.

Cuireadh tús leis an bhfeachtas earcaíochta do FoodWorks 6 ag deireadh 2018. Reáchtáladh roinnt ceardlann ar fud na tíre agus chuir an chéad bhabhta de chuideachtaí a roghnaíodh tús leis an gclár i mí Eanáir 2019.

### Oideachas

Tá Bord Bia i mbun sraith shuntasach clár oideachas a dearadh chun céimithe agus proifisiúnaigh uaillmhianacha a mhealladh chuig an tionscal. Cuireadh branda comhaontaithe Acadamh Tallainne Bord Bia i bhfeidhm den chéad uair in 2018 agus dearadh é le naisc idir an fhoghlaim, an nuálaíocht agus an tionscal a threisiú agus le comhartha soiléir a chur amach go bhfuil forbairt tallainne ag croílár thodhchaí an tionscail.

Ba é an rud ba dhéanaí a tugadh isteach san Acadamh Tallainne an MSc sa Nuálaíocht Dearaidh (Bia), de chuid Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, a seoladh in 2017. Is dianchlár dhá bhliain é a thugann aghaidh ar bhearnaí scileanna i

dtráchtálaíocht na nuálaíochta. Faigheann na rannpháirtithe taithí phraiticiúil ar thionscadail nuálaíochta i bpríomhchuideachtaí Éireannacha, agus thug na cuideachtaí óstach tuairisc cheana ar an tionchar dearfach a bhain lena rannpháirtíocht. Cuireadh an clár ar an ngearrliosta sa chatagóir don chlár nua is fearr ag Gradaim Ardoideachais GradIreland 2018.

A bhuí le Comhaltacht Mhargaíochta 2017/18, chuir Comhaltaí tascanna tráchtála i gcrích ar fud 13 mhargadh onnmhairí. Méadaíodh an t-am a caitheadh sa mhargadh ó 12 mhí do Chomhaltachtaí roimhe sin go 18 mí an t-am seo. Chomh maith leis sin, laghdaíodh líon na dtascanna in aghaidh an chomhalta ó cheithre cinn go trí cinn. Dúirt thart ar 40% de na cliaint gur tháinig méadú ar dhíolacháin mar thoradh ar rannpháirtíocht, trí liostaí nua ach go háirithe.

Thug an tríú grúpa d'Ambasadóirí Origin Green faoi thrí shochrúchán a thosaigh idir mí Eanáir 2018 agus mí Eanáir 2019. I measc na gcuideachtaí a chuir socrúcháin ar fáil do na hAmbasadóirí bhí Danone (Amstardam), Sainsbury's (an Ríocht Aontaithe), The Better Buying Lab (US), World Wilflife Fund (na Stáit Aontaithe), McDonalds (an Ríocht Aontaithe), LCBO (Ceanada), Hilton/Tesco (an Ríocht Aontaithe), OSI (an Ghearmáin), Nestle (an Eilvéis) agus Starbucks (na Stáit Aontaithe).

D'éascaigh an Clár Socrúcháin Margaidh socrúchán ceathrar céimithe a bhfuil taithí acu i bhfoirne oibriúcháin phríomhchustaiméirí.

Cuireann an clár béim ollmhór ar shlabhra an tsoláthair agus ar bhainistíocht cuntas, agus dúirt rannpháirtithe go raibh teagmháil den scoth acu le próisis straitéise soláthraithe agus déanta cinntí ina gcuideachtaí óstach, Sainsbury's, Marks & Spencer, Tesco agus Sodexo. Cuireadh na torthaí i láthair cuideachtaí Éireannacha ag ceardlann Bhord Bia ar Shlabhra an tSoláthair.

Mar chuid de chlár Céimithe Domhanda Bord Bia, oibríonn céimithe ar réimse tascanna ollscoile tionscalbhunaithe. Cuirtear na céimithe in Éirinn agus ar fud na 13 oifig atá ag Bord Bia agus tacaíonn siad le réimse imeachtaí lena n-áirítear an misean trádála go dtí an Indinéis agus an Mhalaeisia agus an seó trádála SIAL i bPáras. Ceapadh lá gairme a reáchtáladh in oifigí Bhaile Átha Cliath Bord Bia i mí na Nollag chun an teachtaireacht faoi na deiseanna atá ar fáil sa tionscal bia agus dí a threisiú.

### Tacaíochtaí do ghnólachtaí beaga

Chríochnaigh Bord Bia obair ar an straitéis nua margaíochta tráchtála don earnáil ghnólachtaí beaga ag deireadh 2018, tar éis próiseas fairsing comhairliúcháin lena n-áiríodh agallaimh le príomhgheallsealbhóirí, úinéirí/bainisteoirí agus pearsanra Bord Bia. Cuirfidh an straitéis nua eolas ar fáil do thacaíochtaí agus do thionscnaimh tógála cumais Bord Bia faoi Dhifreáil a Fhorbairt, Fás a Ghnóthú, Ráiteas Straitéise 2019-2021. Déanann an straitéis gnólachtaí beaga a roinnt ina ngnólachtaí ceirde, gnólachtaí seanbhunaithe, gnólachtaí nua-thionscanta agus cuideachtaí atá ag fás, agus faigheann gach ceann acu tacaíochtaí atá in oiriúint dóibh.

### TASTE

D'fhorbair an Chomhairle Taste an tAonad Bia Idirbhliana 'The Future is Food' le tacaíocht ó Bord Bia. Tá an clár ar fáil anois is scoileanna ar fud na hÉireann agus dearadh é le feasacht a ardú i measc daltaí idirbhliana maidir leis an tionscal bia.

### Fóram an Tionscail Ghairneoireachta

Tá Fóram an Tionscail Ghairneoireachta i gcomhar le Bord Bia ag fiosrú deiseanna nua margaíochta le haghaidh táirgí úra agus ag tacú le gníomhaíocht promóisin, ag baint úsáide as múnla maoinithe comhoiriúnaithe.

I rith na bliana, d'fhiosraigh fochoiste Fhóram an Tionscail Ghairneoireachta an deis le cur isteach ar mhaoiniú ón AE le tacú le gníomhaíocht promóisin amach anseo, mar aon le réitigh ar an easpa oibre atá san earnáil seo.

### Urraíocht imeachtaí

Bealach suntasach, cuiditheach do Bord Bia is ea urraíocht chun a thacaíocht a léiriú d'imeachtaí a thugann ardán do thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann ag idir leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. I measc na n-imeachtaí a ndearna Bord Bia urraíocht nó comhurraíocht orthu in 2018, tá: Dairy Day i gcomhar leis an Irish Farmers Journal

- Comhdháil ar Thodhchaí in Food Ireland 2018 (Inbhuanaitheacht) i gCorcaigh
- Bia ar an Imeall i nGaillimh
- Imeacht de chuid Cork and Kerry Food Market i gCorcaigh
- Bia Sásta - Seachtain na Cáise i gCorcaigh
- Dámhachtain don Cheardaí is Fearr agus Ard-Seaimpín ag Dámhachtainí Bia Éireannach Náisiúnta de chuid Blas na hÉireann



**52,034**

**líon na mball a bhí ag an Scéim Dearbhaithe Mairteola agus Uaineola Inbhuanaithe (SBLAS) faoi dheireadh 2018**

- Cruinniú Mullaigh an Tionscail Náisiúnta Bia agus Dí i mBaile Átha Cliath
- Fóram Domhanda Agri Benchmark i nGaillimh
- Cork Long Table Dinner i gCorcaigh
- touRRoir 2018, ag an am céanna le ceapadh na Gaillimhe mar Réigiún Eorpach Gastranamaíochta
- Gradam na Catagóire Bia agus Dí le Comhlachas na nGnólachtaí Beaga
- Tacaíocht chomhairliúcháin/ dearaidh d'fhoireann na hÉireann don World Butchers Challenge i mBéal Feirste
- An tAonach Plandaí Neamhchoitianta agus Speisialta i mBaile Átha Í
- An Seó Náisiúnta Bliantúil Meala i gCo na Mí
- An Chomhdháil Náisiúnta Prátaí ar eagraigh Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann agus Teagasc í
- Ócáid Women in Meat (An Ríocht Aontaithe)
- An Gradam do Mhiondíoltóir na Bliana ag na Meat Management Awards
- Máistir-Rang Búistéireachta Irish Beef
- British Culinary Federation (BCF)
- Comórtas Chef na Bliana
- Bocus D'or Gourmet Expoforum in Turin na hIodáile (ag cur mhairteoil na hÉireann chun cinn)
- An clár teilifíse, 'Neven's Irish Food Trails'

**532**

**Mealladh ceannaitheoirí ó 52 margadh go dtí Marketplace International**




- An clár teilifíse, 'Grow Cook Eat'

## Colún Straitéiseach 3: Buntaca ó Origin Green

### Origin Green

Leanann Origin Green ar aghaidh ag tabhairt tionscal bia agus dí na hÉireann ar an turas roinnte táirgthe bia le bonn ballraíochta ina bhfuil feirmeoirí, táirgeoirí bia, miondíoltóirí agus oibritheoirí seirbhís bhia, agus iad

ar fad tiomanta do dhul chun cinn inmheasta a dhéanamh ó thaobh feidhmíocht timpeallachta de.

Faoi dheireadh 2018, bhí 52,034 ball ag an Scéim Dearbhaithe Mairteola agus Uaineola Inbhuanaithe (SBLAS) fad is a bhí 16,256 ball ag an Scéim Dearbhaithe Déiríochta Inbhuanaithe (SDAS).

Ag leibhéal an tionscail (déantúsaíocht, miondíol agus seirbhís bhia), shínigh 600 cuideachta suas agus chláraigh siad do Origin Green fad is a bhain 346 cuideachta ballraíocht dhearbhaithe Origin Green amach. Cuimsíonn aschur comhcheangailte bhaill dhearbhaithe ghnó Origin Green 90% d'onnmhairí bia agus dí uile na hÉireann anois.

### Dearbhú Cáilíochta

Cuireann scéimeanna dearbhaithe cáilíochta Bhord Bia dearbhuithe creidiúnaithe ag ISO ar fáil do thomhaltóirí thar raon catagóirí bia.

- Seó taitneamhachta GLAS (príomhurraitheoir)
- Comhdháil Dhomhanda Phrátaí 2021 (ullmhúcháin ag leanúint ar aghaidh go fóill)
- An chatagóir d'Onnmhaire Bia agus Dí na Bliana ag Gradaim an Tionscail Onnmhairí de chuid Chumann Onnmhairí na hÉireann

Is léiriú na hardleibhéil muiníne atá acu i measc tomhaltóirí ar thiomantas d'fheabhsúchán leantach agus dea-chleachtas sna caighdeáin a rialaíonn iad.

Faoi dheireadh na bliana, bhí 51,827 tréad SBLAS deimhnithe ag SBLAS. Bhí 2,007 ball nua sa scéim agus, ar an iomlán, rinneadh 29,569 iniúchadh i rith na bliana. Faoi láthair, tá 95.5% d'fheirmeoirí déiríochta uile na tíre ina mbaill de SDAS.

Idir an dá linn, leanadh ar aghaidh le forbairt na Scéime Dearbhaithe um Táirgí Éineola Inbhuanaithe agus le hathbhreithniú na Scéime Dearbhaithe um Muiceoil agus na Scéime Dearbhaithe Cáilíochta um Próiseálaithe Feola i gcaitheamh na bliana. Go dtí seo, rinneadh iniúchadh ar 263 teach táirgthe uibhe agus 15 ionad pacála mar chuid den Scéim Dearbhaithe Uibheacha Inbhuanaithe.

Tá 331 ball deimhnithe ag an Scéim Dearbhaithe Cáilíochta um



# 4,000

**Sin líon na gcruinnithe réamhsceidealaithe a reáchtáladh le linn Marketplace International**



Gairneoireacht/ an Scéim Dearbhaithe Gairneoireachta Inbhuanaithe.

Tá Bord Bia agus Teagasc ag forbairt dréachtchaighdeáin cothaithe féir a chuirfear faoi bhráid Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB). Ag an am céanna, tá 93 ball ag an Scéim Dearbhaithe Cáilíochta um Beatha (FQAS) faoi láthair.

Is foinse tábhachtach faisnéise i gcónaí é Deasc Chabhrach Bord Bia d'fheirmeoirí a dteastaíonn cúnamh uathu mar chuid dá rannpháirtíocht sna cláir dearbhaithe cáilíochta seo. Déileálann an deasc chabhrach le thart ar 500 ceist sa tseachtain.

Agus iad ag obair go dlúth le Bord Bia, bhain roinnt próiseálaithe feola faomhadh amach faoi Chlár Fíoraithe Próisis Roinn Talmhaíochta na Stát Aontaithe (USDA) i rith na bliana.

## Colún Straitéiseach 4: Bainte amach trí bhealaí éifeachtacha go dtí an margadh agus tiontó gnó

### Marketplace International

Is é Marketplace International an príomhthaispeántas do tháirgeoirí bia agus dí na hÉireann agus ba é an ócáid a óstáladh in 2018 an ócáid ba mhó agus ba rathúla a bhí ann go dtí seo. Mheall clár gníomhaíochtaí agus imeachtaí a mhair seachtain 532 ceannaitheoir ó 52 margadh. Is fiú tabhairt faoi deara nach raibh 19 de na 52 margadh sin i láthair ag Marketplace International 2015. Reáchtáladh an príomhimeacht i gCumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) an 12 Aibreán, áit a reáchtáladh breis agus 4,000 cruinniú réamhsceidealaithe idir ceannaitheoirí agus cuideachtaí bia agus dí de chuid na hÉireann. Ina theannta sin, ghlac thart ar 300 ceannaitheoir páirt i mbreis agus 28 cúrsa taistil a chuir nuálaíocht, inbhuanaitheacht agus caighdeán laistigh de thionscal bia na hÉireann i láthair. Thug cúrsaí taistil saincheaptha ceannaitheoirí ceannródaíocha idirnáisiúnta le chéile le táirgeoirí mairteola, déiríochta, muiceola, bia mara, dí agus bianna ullmhaithe tomhaltóra na hÉireann. Chomh maith leis sin, ba é Marketplace International 2018 an chéad imeacht foinsithe inbhuanaithe a raibh Bord Bia i gceannas air. Ba chuideachtaí deimhnithe Origin Green iad na cliaint ar fad a ghlac páirt ann agus bhí suim ag na ceannaitheoirí ar fad ar tugadh cuireadh dóibh táirgí inbhuanaithe a fhoinsiú. Tá gach seans ag an ócáid €40m de ghnó nua a sholáthar do chuideachtaí Éireannacha sna 18 mí atá romhainn.

### Baraiméadar Breatimeachta

Is príomhuirlis é Baraiméadar Breatimeachta, a seoladh den chéad uair in 2017, le measúnú a dhéanamh ar ullmhacht ghnó le haghaidh imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE. Seoladh Baraiméadar Breatimeachta 2018 an 23 Márta agus thug sé léargas ar an dul chun cinn a bhí déanta ag cliaint Bord Bia. Ghlac 117 cliant páirt i suirbhé Bharaiméadar 2018 ar líne, arbh ionann sin agus 48% d'onnmhairí a théann chuig an Ríocht Aontaithe. Cé go ndúirt 60% de na freagróirí go raibh siad neamhchinnte go fóill maidir leis an tionchar a bheadh ag Breatimeacht ar a ngnó, dúirt 74% díobh go bhfuil siad ag déanamh dul chun cinn agus iad ag ullmhú le haghaidh na dtorthaí a d'fhéadfadh a bheith ann.

I mí an Mheithimh, d'fhoilsigh Bord Bia Tuairisc Achomair ar Bharaiméadar Breatimeachta mar aon le Tuairisc Mholtaí a chuir síos ar chéimeanna praiticiúla le go bhféadfadh le cuideachtaí iad féin a ullmhú níos fearr le haghaidh an Bhreatimeachta.

Chomh maith leis sin, cuireadh Tuairisc Tagarmharcála chuig gach freagróir Baraiméadair ag cur síos ar an scór ullmhachta a fuair siad i gcomparáid le piarchuideachtaí.

Bhuaigh Baraiméadar Breatimeachta an duais do 'Tháirge Riosca na Bliana' ag Gradaim Bhliantúla Eorpacha CIR do Bhainistíocht Riosca i Londain.

### Treoir maidir le Slabhra an tSoláthair

Forbraíodh Treoir Bord Bia maidir le Slabhra an tSoláthair go sonrach maidir leis an dúshlán a bhain leis an mBreatimeacht agus bhí ceardlann maidir le slabhra an tsoláthair ann i mí Mheán Fómhair le tacú léi, ar ar fhreastal breis agus 30 cliant.

### Custaim agus Taraifí

Bhí Clár Oiliúna Custaim Bord Bia ar siúl le linn 2018. Chuir an clár ceithre sheisiún dhá uair an chloig ar fáil do gach cliant, mar aon le seisiún rúnda meantóireachta dhá uair an chloig a chuir réitigh shaincheaptha ar fáil don chuideachta. Bhain thart ar 50 cuideachta leas as an gclár go dtí seo.

### Clár Oiliúna Airgeadra

Seoladh an Clár Oiliúna Airgeadra i mí Mheán Fómhair agus ba é Treasury Solutions a chuir ar fáil é. Ar an iomlán, cabhraíodh le 17 cliant in earnálacha éagsúla beartas cistíochta agus straitéis airgeadra eachtraigh a dhearadh. Cuireadh meantóireacht rúnda ar fáil freisin.

### Staidéar tosaíochta margaidh

In 2017, choimisiúnaigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara Bord Bia le mionstaidéar tosaíochta margaidh a fhorbairt. D'aithin an staidéar a d'eascair as, Ord Tosaíochta do Mhargaí: Deiseanna Fáis, 15 mhargadh tosaíochta le haghaidh táirgeoirí feola, déiríochta, bianna ullmhaithe tomhaltóra, dí agus bia mara na hÉireann.

Tar éis a fhoilsithe, tugadh faoi anailís dhomhain ar chúig mhargadh le haghaidh feola (an tSeapáin, an Chóiré, an Mhalaeisia, Vítneam agus Meicsiceo) agus ar shé margadh a roghnaíodh don déiríocht (an Indinéis, an Mhalaeisia, an tSeapáin, an Chóiré Theas, Vítneam agus Meicsiceo). Baineann gnéithe tomhaltóra agus trádála leis an taighde seo.

### Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara an Bhreatimeachta

Bhí príomhról ag Bord Bia i bhfeachtas faisnéise poiblí an Rialtais, 'Éire a Ullmhú don Bhreatimeacht'. Chuir Bord Bia a sheirbhísí tacaíochta i láthair ag roinnt ócáidí for-rochtana poiblí i rith na bliana, ina measc:

- Páirc Uí Chaoimh, Corcaigh, an 5 Deireadh Fómhair
- OÉ Gaillimh, an 12 Deireadh Fómhair
- Four Seasons, Muineachán, an 19 Deireadh Fómhair
- An tIonad Comhdhála Náisiúnta, Baile Átha Cliath, an 25 Deireadh Fómhair
- Staid Pháirc Thuamhan, an 23 Samhain
- Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, Dún na nGall, an 30 Samhain

### Cúnamh Margaíochta agus Athrú Céime

Dearadh an Clár Cúnaimh Margaíochta (MAP) agus Clár Athraithe Céime (SCP) chun cur le cumas iomaíochta gnólachtaí agus chun iad a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal fáis eile. Cabhraíonn MAP le bonn nua a bhunú i margaí nideoige nua agus atá ag teacht chun cinn, fad is a dhéanann SCP maoiniú ar thionscadail nua shuntasacha a bheidh in ann fás a sholáthar. In 2018, faomhadh €799,000 ar an iomlán do 160 iarratasóirí MAP agus faomhadh €165,000 eile do cheithre chuideachta faoin SCP.

**120,000**



**Sin líon na ndaoine a d'fhreastail ar Bloom 2018**

### Gairneoireacht bharainneach

Tar éis tabhairt faoi thionscadail bharainneacha in earnáil na muisiriún in 2016/17, rinneadh tuilleadh oibre san earnáil in 2018, mar aon le leathnú amach go dtí earnálacha gairneoireachta eile. Ar an iomlán, tá 10 gcuideachta gairneoireachta ghairneoireachta ag glacadh páirte sa chlár píolótach le dhá chuideachta bheacán atá mar chuid den tionscnamh LeanPlus.

### Food Starter agus Food Academy Start

D'fhorbair Bord Bia clár nua darb ainm Food Starter i gcomhar leis na hOifigí Fiontar Áitiúil (LEOnna). D'fhorbair Bord Bia an clár dhá lá seo do tháirgeoirí bia agus dí atá ag teacht chun cinn agus soláthróidh na hOifigí Fiontar Áitiúil ag leibhéal áitiúil é. Rinneadh an chlár a phíolótú go luath in 2018 agus is réamhriachtanas anois é don clár Food Academy Start. Rinneadh athbhreithniú freisin ar n gclár Start Academy Food agus feabhsaíodh an ghné mheantóireachta de. I mí na Bealtaine, ceiliúradh cúig bliana chlár Food Academy ag The Thinking House.

### Misin trádála, imeachtaí agus taispeántais

I measc mhisin trádála na bliana 2018, bhí misean trádála beostoic go dtí an Tuirc i mí Eanáir faoi stiúir an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, TD. Bhí Agro-Expo ar siúl ag an am céanna leis an cuairt, arb é seo an taispeántas talmhaíochta agus beostoic is mó dá bhfuil ann sa Tuirc. I mí Feabhra, ghlac 18 gcuideachta bia agus dí de chuid na hÉireann páirt i misean trádála faoi threoir aire a d'eagraigh Bord Bia chuig na Stáit Aontaithe agus Ceanada. Thug an misean trádála cuairt ar an gComhdháil Bhliantúil Feola in Nashville ar dtús, áit a raibh toscairí ó chúig chuideachta feola i láthair. D'fhreastail príomhcheannaitheoirí de chuid Cheanada ó na hearnálacha éagsúla ar Sheimineár Misin Mhargadh Cheanada.

I mí na Bealtaine, stiúir an tAire Creed, TD, misean trádála go dtí an tSín lena n-áiríodh cuairt go dtí Béising, Shang-hai, Hangzhou agus Hong Cong, agus bhí Bord Bia i láthair ag Taispeántas Bia SIAL i Shang-hai ag an am céanna. I measc na dtoscairí, bhí breis agus 50 ionadaí cuideachta ón earnáil feola, déiríochta agus bhia mara, agus ceathrar ionadaithe ó eagraíochtaí feirmeoireachta. I mí Dheireadh Fómhair, d'aithin misean trádála go dtí an Indinéis agus an Mhalaeisia deiseanna san Áise Thoir Theas.

In 2018, thug Bord Bia cuideachtaí Éireannacha a bhí ag glacadh páirte i líon mór ócáidí domhanda trádála le chéile

faoi aon bhrat amháin, mar a rinne sé blianta eile freisin. I measc na n-ócáidí ba shuntasaí, bhí: SIAL; SIAL na Síne; China Fisheries; Taispeántas Idirnáisiúnta Onnmhairí na Síne; Gulfood Manufacturing; Salone del Gusto; Conxemar; Teicneolaíocht Bia Mara agus Taispeántais Idirnáisiúnta na Seapáine; Lunch!; Taispeántas Bia Mara na hÁise; Mondial de la Bière; Wine & Spirits Wholesalers of America; Free From Show; BioFach; PLMA; SEG 2018; ISM; Food Ingredients Europe; Salon Du Fromage; Foodex; Internorga; Taispeántas Bia Mara Mheiriceá Thuaidh; agus Prowein.

## Colún Straitéiseach 5: Tacaíocht aige ó chumarsáidí láidre branda san aois dhigiteach.

### Cumarsáidí corparáideacha

Tá sé de dhualgas ar fhoireann Cumarsáidí Corparáideacha Bord Bia clúdach sna meáin idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnach agus ar líne a chinntiú do ghníomhaíochtaí, imeachtaí agus aschuir ar fad na heagraíochta.

Is tomhas caighdeánach de rath cumarsáidí agus tionscnaimh chaidrimh phoiblí é coibhéis luach fógraíochta (AVE) agus bíonn na milliúin agus na milliúin euro i gceist le AVE an chlúdaigh meán a dhéanann Bord Bia.

### Feasacht ar Origin Green a ardú ag leibhéal an tionscail

Ó 2017, tá Bord Bia ag obair le baill dheimhnithe Origin Green chun ballraíocht Origin Green a threisiú lena gcuid teachtaireachtaí B2B agus B2C araon. Mar ullmhúchán do Marketplace International, spreagadh baill dheimhnithe Origin Green lena gcuid teachtaireachtaí inbhuanaitheachta a ailíniú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Thug sraith ceardlann deis do na baill a ngealltanais inbhuanaitheachta a aistriú ina mbuntáistí deiridh don tomhaltóir.

Reáchtáladh Feachtas Feasachta Poiblí Origin Green idir mí na Bealtaine agus mí an Mheithimh, agus dearadh é chun feasacht a chothú agus chun go mbeadh tuiscint níos doimhne ag an bpobal ar an gclár. Roinneadh ábhar a bhí ar na meáin shóisialta de chuid na mball deimhnithe uile i bpóstálacha a cuireadh in oiriúint dóibh agus spreagadh iad

chun iad féin a aithint mar bhaill de Origin Green le linn thréimhse an fheachtais.

### Gníomhaíocht Promóisin do Origin Green

Reáchtálann Bord Bia roinnt feachtas chun Origin Green a chur chun cinn i measc luchtanna féachana spriocdhírithe:

- Cuireann 'Bratfheachtas Origin Green' Origin Green chun cinn i measc luchtanna féachana trádála i seacht bpríomhmhargadh: An Ríocht Aontaithe, an Fhrainc, an Ísiltír, an Ghearmáin, an Bheilg, an tSualainn agus an Danmhairg, agus feidhmíonn sé trí mheascán den fhógraíocht trádála agus den chur chun cinn digiteach. Tarraingíonn an feachtas aird lucht spéise ag príomhamanna den bhliain, mar shampla Lá Fhéile Pádraig, Marketplace International agus mórócáidí tionscail cosúil le SIAL.
- Treoraíonn Feachtas Always-On Origin Green ceannaitheoirí bia go dtí www.origingreen.com, agus idir seoladh an tsuímh i mí Aibreáin agus deireadh na bliana, bhain sé breis agus cúig mhilliún radharc amach thar na seacht spriocmhargadh.
- Díríonn feachtas Origin Green Dairy ar chumarsáidí feirmeoirí déiríochta, meáin trádála, príomhnuachtáin agus príomhfhoilsiúcháin sna spriocmhargaí. Is cuid thábhachtach dá chuid oibre é feachtas digiteach tomhaltóirí Origin Green China.

Treoraítear an trácht ar fad ón mbratfheachtas, ón bhfeachtas Always On agus ón bhfeachtas déiríochta go dtí an suíomh nua gréasáin www.origingreen.com, atá ar fáil as Gearmáinis, Ollainnis, Sualainnis, Danmhairgis agus Fraincis.

### Bloom

Ba é Bloom 2018 an 12ú bliain don fhéile is mó garraíodóireachta agus garraíodóireachta in Éirinn a bheith ar an bhfód, agus fuarthas an-aiseolas a léiríonn go bhfuil an seó ábhartha, úr agus spéisiúil don phobal i gcónaí. D'fhreastail 120,000 cuairteoir ar an bhféile, mar an gcéanna le figiúir na bliana roimhe, ach sin ainneoin rabhaidh aimsire bhuí agus iomaíocht ghéar ó imeachtaí eile. Ba é an chéad uair é do 30% de chuairteoirí 2018 freastal ar an bhféile. Bhí an taispeántas gairdíní mar chroílár ag an ócáid cúig lá, agus bronnadh 10 mbonn óir thar

20 gairdín. Thaifead Bloom an-leibhéal sásaimh go deo ó chuairteoirí - 97% - agus thug cuairteoirí, na meáin agus cliaintchuideachtaí faoi deara go raibh feabhas ar an gcur i láthair agus an príomhábhar.

Tháinig méadú €1m go €9.7m ar chaiteachas an luchta freastail i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Gineann Bloom sceitimíní dosháraithe ar na meáin le clúdach lena n-áirítear an tsraith teilifíse Super Garden, dhá chlár teilifíse beo ó Bloom, agus na céadta alt i gcló agus ar líne mar aon le míreanna raidió agus nuachta. Bhí Bloom, a chruthaigh Bord Bia, le feiceáil i 984 rud idir mí Feabhra agus mí Iúil 2018. Ina measc seo bhí na nuachtáin (541 rud), an craolachán (190 rud), agus clúdach ar líne (253 rud). Bhí luach €4.1m ar an AVE iomlán.

Tháinig ardú 10% ar líon na ndaoine a d'fhreastail ar Bhricfeasta Trádála Bloom, agus bhí ionadaíocht mhaith ón Ríocht Aontaithe ann. Ba léiriú ar stádas na hócáide é an tUachtarán Michael D. Higgins, pátrún Bloom, agus an Taoiseach Leo Varadkar, TD, mar aon le go leor airí agus ambasadóirí a bheith i láthair ann.

**100,000**



**líon na bpáistí a ghlac páirt i gclár Food Dudes**



Maidir leis an todhchaí, tá Athbhreithniú Straitéise Bloom 2025 nach mór críochnaithe agus bhí pleananna do Bloom 2019 faoi lán seoil roimh dheireadh na bliana.

### Promóisean uaineola na hÁise

Is é Bord Bia atá i gceannas ar chlár trí bliana an AE chun mairteoil agus uaineoil san Áise a chur chun cinn, clár ar cuireadh tús leis i 2017, le buiséad de €3.75m, ar maoiniú AE 80%.

I mí Eanáir, d'óstáil Bord Bia seimineár teicniúil do thart ar 70 aoi in Ambasáid na hÉireann i mBéising. Bhí dinnéar líonraithe trádála ann ina dhiaidh.

### Táirgeadh uaineola an AE

Cuireadh tús le promóisean comh-mhaoinithe uaineola €10.5m de chuid an AE (2018-2020) i mí Aibreáin 2018 mar chuid de chomhthionscnamh idir Bord Bia, Interbev (an Fhrainc) agus AHDB (an Ríocht Aontaithe).

Cuireadh an feachtas i bhfeidhm in Éirinn, sa Fhrainc, sa Ghearmáin agus sa Ríocht Aontaithe.

### Dámhachtainí Náisiúnta Orgánacha

Reáchtáladh na Dámhachtainí Náisiúnta Orgánacha i mBord Bia i mí Dheireadh Fómhair agus chuir 160 táirge ó 50 táirgeoir éagsúil isteach air. Fuair buaiteoirí gach catagóire pacáiste saindeartha tacaíochta a raibh luach um €12,000 air le cabhrú leo a ngnólachtaí a mhéadú.

Buaiteoirí 2018:

- Gradam Rogha na Chefanna: Organic Farm Cherry Tomato Mix – Riversfield Farm
- Gradam Miondíoltóireachta: Good Herdsman Organic Half Leg of Lamb – Irish Country Meats
- Gradam Díolacháin Dhírigh: Sack No 3 Vintage Pommeau 2016 – Highbank Orchards
- Gradam Onnmhairí: The Little Milk Company Organic Cashel Blue – Little Milk Company
- Táirge Nua agus Nuálach: Curly Kale i mála inmhúirínithe orgánach

– Beechlawn Organic Farm

- Gnó sa Phobal: Slí Eile Housing Community Organic Farm
- Buaiteoir Iomlán: Good Herdsman Organic Half Leg of Lamb – Irish Country Meats

### Promóisin Náisiúnta

D'eagraigh Bord Bia dhá fheachtas náisiúnta ar an margadh intíre le linn 2018 chun sliogiasc na hÉireann, diúilicíní ach go háirithe, a chur chun cinn. I measc na bhfeachtas promóisin intíre, bhí feachtais do phrátaí, muisiriúin, úlla, uibheacha, uaineoil, muiceoil, liamhás agus bagún, agus sicín. Áiríodh orthu seo promóisin dearbhaithe cáilíochta le haghaidh uaineola, muiceola agus liamháis, agus bagúin. Cuireadh tús leis an bpromóisean garraíodóireachta, GroMór, deireadh seachtaine saoire bainc mhí na Bealtaine, agus ba é an chéad cheann de thrí dheireadh seachtaine téamúil a reáchtáladh le linn an tsamhraidh. Bhain an clúdach AVE de bhreis agus €250,000 amach.

Tugadh faoi obair ar shuíomh gréasáin chun úlla agus saothróirí úlla a chur chun cinn i gcomhar le Cumann Saothróirí Úlla na hÉireann. Leathnaíodh an feachtas sútha talún, a raibh 'an tSeachtain Náisiúnta Sútha Talún' air roimhe seo, leis an 'Séasúr Sútha Talún a Cheiliúradh', rud a thugann próifíl dó le linn an tsamhraidh ar fad.

### Food Dudes

Cuireadh tús le Clár Food Dudes na scoilbhliana seo ag deireadh bhí Mheán Fómhair. Bhí sé mar sprioc ag an gclár 700 scoil agus 100,000 páiste a bheith páirteach sa clár le linn na scoilbhliana 2019/2019.

### Incredible Edibles

Tháinig deireadh le clár Incredible Edibles 2019 i mí Iúil. Chláraigh breis agus 1,220 scoil (48,000 dalta) le páirt a ghlacadh ann agus cuireadh breis agus 1,600 paca fáis amach chucu. Reáchtáladh searmanas bronnta leis duais na mbuaiteoirí iomlána a bhronnadh orthu, i scoil na mbuaiteoirí (Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, Gaillimh) i mí Mheán Fómhair.

### Gníomhaíocht promóisin thar lear

Sna 13 oifig atá ag Bord Bia thar lear, bíonn diansceideal imeachtaí promóisin i gcónaí á phleanáil nó á chur i bhfeidhm. Seo thíos roinnt samplaí a thugann blaiseadh de na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu ar fud líonra na n-oifigí i rith na bliana.

Sa Bheilg, d'óstáil Bord Bia ceardlanna a dhírigh aird ar uaineoil Éireannach ar cháilíocht dhearbhaithe do phríomh-mhiondíoltóir agus a dhírigh ar bhlagálaithe bia ó mhí Mheán Fómhair go dtí mí Dheireadh Fómhair. Dhírigh ócáidí blaiste ar an láthair i mí na Samhna ar thréithe eochracha Mhairteoil Éireannach ar Cháilíocht Dhearbhaithe.

Sa Fhrainc, d'fhreastail cuideachtaí feola, déiríochta, béilí ullmhaithe agus bia reoite de chuid na hÉireann, ceannaitheoirí idirnáisiúnta agus na meáin ar SIAL i bPáras. Thacaigh Bord Bia le hócáidí blaiste mairteola le príomhoibritheoir seirbhíse bia i mí na Samhna le haird a dhíriú ar Mhairteoil Éireannach ar Cháilíocht Dhearbhaithe.

Sa Ghearmáin, thug Bord Bia agus Gourmetfleisch.de cuireadh dóibh siúd ar breá leo uaineoil teacht go hÉirinn mar chuid de chomórtas comhthomhaltóra a fógraíodh ar shuíomh gréasáin Gourmetfleisch.de agus ar thairseacha meán sóisialta. Fuair an promóisean ar líne breis agus 18,000 iarratas. Idir an dá linn, ghlac 18 mbúistéir ón réigiún Südwest páirt i gcúirt go hÉireann d'fhonn staidéar a dhéanamh ar an margadh.

Thaistil príomhcheannaitheoirí ón Iodáil go hÉirinn chun USPanna mairteola agus uaineola na hÉireann a thuiscint fad is a tugadh faoi

fheachtas fógraíochta i Milano agus in Turin chun díolacháin agus feasacht ar mhairteoil na hÉireann a chur chun cinn.

Chabhraigh seó trádála Madrid Meat Attraction le cuideachtaí mairteola de chuid na hÉireann gnó a fhorbairt nó a dhaingniú sa Spáinn, fad is a reáchtáladh imeachtaí blaiste mairteola ar láithreacha ann i mí na Nollag.

Sa Ríocht Aontaithe, chomhoibrigh Bord Bia le Staff Canteen, príomhlíonra B2B agus chefanna trádála de chuid

na Ríochta Aontaithe ag a bhfuil 65,000 suibscríobhaí ar chefanna iad agus 300,000 leantóir ar líne. Bhí Bord Bia agus Irish Beef i láthair ag Comhdháil Women in Meat 2018 agus thosaigh Irish Beef amach mar pháirtí gnó ag an mbranda cócaireán mall de chuid an chef cáiliúil Heston Blumenthal.

Nuair a bhí teacht againn ar mhargadh mairteola na Síne, bhí dhá sheastán le feoil na hÉireann a chur chun cinn i láthair ag SIAL na Síne i Shang-hai i rith mhí na Bealtaine. Bhí seastán amháin ann i gcomhar leis an AE mar chuid d'fheachtas promóisin Mhairteoil agus Uaineoil an AE agus bhí ceann eile ann sa Phuball Éireannach le mairteoil agus muiceoil na hÉireann a chur chun cinn.

San Ísiltír, d'fhreastail 19 dtáirgeoir bia agus dí de chuid na hÉireann ar an aonach trádála lipéid phríobháidigh ag Ionad Comhdhála an RAI in Amstardam.

## Conclúid

Níorbh iad na coinníollacha dúshlánacha trádála go hidirnáisiúnta, an neamhchinnteacht a bhain leis an mBreatimeacht agus drochaimsir sa bhaile ab idéalaí mar chúlra ag feidhmíocht an tionscail onnmhairí in 2018. É sin ráite, bhí go leor le moladh san fheidhmíocht sin toisc gur léirigh sí cad is féidir le honnmhaireoirí Éireannacha a bhaint amach ar chomhardán caighdeáin, inbhuanaitheachta agus freagrúlachta.

Ba mhaith liom cur leis an mbuíochas a ghabh an Cathaoirleach as ucht sárthacaíocht an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, TD, agus an tAire Stáit ag an Roinn, Andrew Doyle, TD, as obair Bord Bia le linn na bliana agus ar ndóigh buíochas leis an Ard-Rúnaí, Brendan Gleeson agus lena fhoireann ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara as ucht an chúnaimh ar fad a thug siad go mion minic dúinn.

Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach Dan MacSweeney as an obair mhór a rinne sé i rith na bliana.

Léirigh seisean, mar aon le baill uile an Bhoird agus na gcúig bhfobhord, tiomantas agus diongbháilteacht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn, go háirithe sa tacaíocht a léirigh siad d'fhorbairt an ráitis nua den straitéis Difreáil a Fhorbairt, Fás a Ghnóthú, Ráiteas Straitéise 2019-2021.

Gabhaim buíochas ó chroí freisin le mo chomhghleacaithe go léir i mBord Bia a thaispeáin dom cad is féidir a bhaint amach nuair a bhíonn an cuspóir céanna agus an diongbháilteacht chéanna dár spreagadh uile. Bhí áthas an domhain orainn fáilte a chur roimh bhaill nua foirne chun na heagraíochta, agus iad ag cur lenár n-acmhainní sa bhrandáil, sa mhargaíocht agus sa chumarsáid, i léargas tomhaltóra sa chaidreamh poiblí; sa mhargaíocht dhigiteach agus i bhforbairt gnó thar lear. Tá leithdháileadh na n-acmhainní foirne nua seo bunaithe ar an ngníomhaíocht Tosaíochta Margaidh agus cabhróidh na speisialtóirí margaidh seo le cuideachtaí bia agus dí maidir le taighde margaidh, pleanáil, comhpháirtíochtaí rathúla a thógáil agus rath le custaiméirí agus margaí. Tá ceathrar ball nua lonnaithe san Áise (Singeapór, Tóiceo agus Shang-hai); ceathrar san Eoraip (Londain, Amstardam, Dusseldorf agus Vársá); agus duine amháin sa Nigéir (Lagos), ag freastal ar réigiún na hAfraice. Earcaíodh breis foirne le bheith lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus tacóidh siad leis na hoifigí thar lear agus feidhmeanna éagsúla ar fud na heagraíochta acu, lena n-áirítear foirne agus léargais earnálacha. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus lena Roinn as na hacmhainní a chur ar fáil don eagraíocht le hearcú na mball foirne nua seo a éasú d'fhonn leanúint ar aghaidh ag cur le rath agus fás an tionscail bhia, dí agus ghairneoireachta.

I am seo na neamhchinnteachta, níl aon amhras faoi thiomantas Bord Bia chun a théarmaí tagartha a chomhlíonadh go dícheallach, ná faoina dhiongbháilteacht chun tógáil ar cháil na hÉireann mar fhoinse inbhuanaithe bia agus dí den chéad scoth. Beimid ag súil le luach a thabhairt dár gcliaint, agus do chustaiméirí agus tomhaltóirí uile bia agus dí na hÉireann sa bhaile agus thar lear, i ngach a dhéanaimid. Ag obair le chéile, leanfaimid orainn ag baint rudaí amach ar son ár dtionscail.

Le roinnt blianta anuas, chuir cumas na hearnála bia agus dí riachtanais na gcustaiméirí éagsúla a réamh-mheas agus a shásamh ar a cumas fanacht chun tosaigh. Ach seo a dhéanamh, chuir sé fás agus luach gan fasach ar fáil dá cuid geallsealbhóirí. Ní dhearna na láidreachtaí sin ach leanúint ar aghaidh ag fás agus beidh siad ríthábhachtach chun rath ár dtionscail a bhrú chun cinn sna blianta atá amach romhainn.

**Tara McCarthy,**

An Príomhfheidhmeannach

# ATHBHREITHNITHE EARNÁLA



# ATHBHREITHNIÚ EARNÁLA FEOIL AGUS BEOSTOC



## MAIRTEOIL

Le linn 2018, d'ardaigh soláthairtí eallaigh ag monarchana onnmhairithe feola de 60,000 cloigeann, nó 3.5%, chun 1.8m cloigeann a bhaint amach. Rinneadh taifead comhsheasmhach ar fhigiúirí tréchuir ní b'airde le linn na bliana d'eallach agus do bha den scoth araon. Tháinig laghdú beag de 1.5% nó 12,000 cloigeann ar sholáthairtí bullán, cé go ndearnadh méadú 8% nó 14,000 cloigeann ar tháirgeadh tairbh óga cúiteamh air seo.

Ar an gcuma chéanna, mhéadaigh bodóga de 28,000 cloigeann agus bhí mhéadaigh marú bó de 26,000 cloigeann, arb ionann sin agus méadú 7%. Cúitíodh an iarmhairt a bhain le soláthairtí níos airde eallaigh agus laghdú beag ar ualaí conablach. Ar an iomlán d'ardaigh an méid mairteola a táirgeadh de 3% go 633,000 tonna in 2018. Thit luach na n-onnmhairí scairtí beagán go €230m, faoi bhrú ó phraghsanna níos ísle, go háirithe i margadh Hong Cong. Bhí luach iomlán na n-onnmhairí mairteola, lena n-áirítear scairteach, díreach os cionn €2.5bn, sin méadú luacha 1% ar an iomlán i gcomparáid le 2017. Bhíothas ag súil leis an bhfás seo go luath sa bhliain toisc clárúcháin laonna a bheith ag dul i méid agus onnmhairí laonna réasúnta íseal in 2016. Onnmhairíodh 579,000 tonna mairteola (seachas scairteach) le linn 2018 le luach iomlán de €2.23bn - méadú 2% bliain ar bhliain. Is beag athrú a tháinig ar mheánphraghsanna don táirgeoir nó ní raibh aon athrú orthu, le méadú beag ar bhulláin R3, ag méadú ó €3.83/kg in 2016 go €3.84/kg gan CBL anuraidh. Markets for Irish beef

### Margaí do mhairteoil na hÉireann

Mhéadaigh onnmhairí mairteola go dtí an Ríocht Aontaithe de 4% in 2018 le soláthairtí mairteola níos ísle sa Ríocht Aontaithe, rud as a dtáinig éileamh méadaithe ar allmhairí. Bhí an Ríocht Aontaithe go fóill ar an gceann scríbe ceannasach d'onnmhairí mairteola na hÉireann le linn 2018 le honnmhairí thart ar 283,000 tonna. Bhí éileamh ón earnáil mhiondíola seasmhach fad is a bhí an earnáil seirbhíse bia ní ba dhúshlánaí, mar bhí mairteoil na hÉireann faoi bhrú ó allmhairí ar bhain praghas níos iomaíche leo ó Oirthear na hEorpa. Mar sin féin, bhí mairteoil na hÉireann in ann cur lena láithreacht ar an gcuid ba dhaoire den earnáil seirbhíse bia. Bhí sé seo thar a bheith sonraíoch nuair a ghlactar an lagú ar luach steirling san áireamh agus roinnt éiginnteachta faoi chaidreamh trádála todhchaí na hÉireann leis an RA tar éis an Bhreatimeachta.

Tháinig fás ar onnmhairí mairteola na hÉireann san Ísiltír agus san Iodáil agus níor tháinig aon athrú orthu sa Ghearmáin, fad is a tháinig laghdú ar na méideanna a cuireadh go dtí an Fhrainc, an tSualainn, an Danmhairg agus an Spáinn. Tháinig méadú 4% ar onnmhairí go dtí an Ísiltír, go luach

breis agus €200m. Bhí margadh na hIodáile díreach taobh thiar le luach €192m, agus fás 6%. Bhí na luachanna go dtí an Ghearmáin ag €136m, cosúil le 2017. Go ginearálta, bhí go leor mairteola ar phraghas iomaíoch ó Mhór-Roinn na hEorpa ar mhargadh an AE.

Tháinig laghdú ar onnmhairí chuig margaí idirnáisiúnta in 2018. Bhí na coinníollacha i bpríomh-mhargaí na hÁise, mar shampla na hOileáin Filipíneacha agus Hong Cong, thar a bheith iomaíoch de réir mar a dhírigh mairteoil Mheiriceá Theas agus na hAstráile ar na margaí seo agus thit leibhéil na bpraghsanna. D'oscail margadh na Síne do mhairteoil na hÉireann i mí Mheithimh 2018, agus bhí éileamh láidir air go dtí seo. Faoi dheireadh 2018,

seachadadh thart ar 1,000 tonna de mhairteoil Éireannach go dtí an tSín.

### An Margadh a chur chun cinn

Chomh maith le rannpháirtíocht in aonaigh thrádála agus soláthar faisnéise margaidh, tugadh faoi roinnt gníomhaíochtaí promóisin tábhachtacha do mhairteoil na hÉireann le linn 2018. I margadh na RA, d'infheistigh Bord Bia i margaíocht tomhaltóra ar líne agus feachtas PR/feasacht trádála chun caidreamh a neartú agus céadrogha a thiomáint do chustaiméirí le luach níos airde.

Is é an fócas straitéiseach i margadh na RA suíomh na hÉireann a chinntiú mar rogha mairteola do phríomhchuntais miondíola agus seirbhíse bia, bunaithe ar cháil, dearbhú cáilíochta, inbhuanaitheachta agus glacadh tomhaltóra. Sa Ghearmáin, dhírigh promóisin Bhord Bia ar bhlas barr mhaitheasa mhairteoil na hÉireann agus ár gcóras inbhuanaithe. Chuir promóisin san Ísiltír béim ar shláine táirgeachta mhairteoil na hÉireann, ag díriú ar cháilíocht an chaithimh, inbhuanaitheacht agus leas ainmhithe. Tá nideog phréimhe á baint amach ag mairteoil na hÉireann le roinnt de phríomhchustaiméirí miondíola agus seirbhíse bia na hIodáile agus leag promóisin Bhord Bia béim ar ghlaine agus ar cháilíocht nádúrtha mhairteoil na hÉireann. Le linn 2018, chuir Bord Bia isteach ar an dara bliain d'fheachtas trí bliana faoi 'Mhairteoil & Uaineoil an AE - Barr Feabhais Sábháilteachta Bia agus Inbhuanaitheachta' ar fud na Síne, Hong Cong agus na Seapáine. Is é an bunsprioc feasacht a neartú ar na hardchaighdeáin sábháilteachta bia, dearbhaithe cáilíochta agus inrianaitheachta a bhaineann le mairteoil agus le huaineoil ón Aontas Eorpach. Gach bliain, bíonn buiséad de €1.25m ag an gclár, lena n-áirítear tacaíocht 80% ón AE.

### Léargas ar sholáthar eallaigh na hÉireann

Léiríonn tuartha ó bhunachar sonraí Aitheantais Ainmhithe agus Gluaiseachta na Roinne Talmhaíochta go bhfuil laghdú le teacht ar sholáthairtí eallaigh den scoth in 2019, cé go meastar go bhfanfaidh tréchur na mbó ard.

## BEOSTOC

Tríd is tríd, bhain onnmhairí eallaigh bheo 238,000 cloigeann amach, arb ionann sin agus méadú 27% ó 188,000 cloigeann in 2017. Ba ó onnmhairí laonna a tháinig na leibhéil trádála ab airde den chuid ba mhó, agus luach i bhfad níos ísle in aghaidh an chloiginn orthu ná mar atá ar chatagóirí eile. Ina theannta sin, tháinig laghdú ar mheánphraghsanna ar laonna coiscthe, eallach stóir agus eallach críochnaithe in 2018. D'fhág sé seo gur tháinig laghdú 6% ar luach measta onnmhairí eallaigh bheo go €110m.

B'ionann onnmhairí laonna agus 156,000 cloigeann, arb ionann sin agus méadú 56% nó 56,000 cloigeann. Tháinig laghdú beag ar onnmhairí laonna coiscthe agus eallaigh stóir agus b'ionann an dá chatagóir seo le chéile agus onnmhairí de 57,000 cloigeann. Tháinig laghdú 15% ar líon eallaigh fhásta nó chríochnaithe go dtí thart ar 25,000.

Mar a bhí amhlaidh le blianta beaga anuas, ba iad an Spáinn, an Ísiltír, an Bheilg agus an Fhrainc na príomh-mhargaí do laonna de chuid na hÉireann in 2018. Thaifead margadh na Spáinne fás suntasach, le breis agus 71,000 lao de chuid na hÉireann, arb ionann sin agus méadú 60% i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Freaslannaigh Holstein fireannacha ar chaighdeán ní b'fhearr a bhí iontu seo den chuid ba mhó, mar aon le roinnt laonna crosantaigh-mairteola. Tháinig méadú 15% ar onnmhairí go dtí an Ísiltír go 48,000 cloigeann, a chuimsigh laonna Freaslannaigh Holstein fireannacha ní b'éadroime a raibh táirge laofheola i ndán dóibh. Tháinig méadú ar onnmhairí Éireannacha go margaí eile ar ais go láidir freisin agus trádáil go dtí an Fhrainc agus an Bheilg ag dúbailt go 9,000 agus 14,000 cloigeann faoi seach. Bhí dlúthbhaint ag an laghdú a bhí ar onnmhairí laonna coiscthe (idir trí mhí agus 12 mhí) ó Éirinn leis an éagobhsaíocht gheilleagrach agus pholaitiúil sa Tuirc.

Cuireadh breis agus 30,000 cloigeann eallaigh go dtí an Tuirc in 2017 agus bhí onnmhaireoirí dóchasach go mbeadh breis fáis ann go luath in 2018, agus an margadh ag oscailt do cheannaitheoirí príobháideacha agus misean trádála faoi stiúir aire ann.

Bhí tionchar uafásach, áfach, ag lagú suntasach lira na Tuirce, ar éileamh. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú nach mór 60% ar onnmhairí na hÉireann go dtí an Tuirc go díreach 13,000 cloigeann. Tháinig aisghabháil 22% ar onnmhairí na hÉireann go dtí margadh na hIodáile, go 24,000 cloigeann, toisc go raibh ainmhithe de chuid na hÉireann ní b'iomaíche ó thaobh praghsanna de ná mar a bhí riamh le blianta beaga anuas, i gcomparáid le heallach de chuid na Fraince a chuimsíonn breis agus 75% d'allmhairí na hIodáile. Cuireadh 6,000 ceann eallaigh go dtí an Libia freisin agus 1,500 cloigeann go dtí an Ghréig. I measc na margaí eile bhí an Pholainn (2,500 cloigeann), an



tSlóvaic (1,500 cloigeann), an Rómáin (1,000 cloigeann), Poblacht na Seice (600 cloigeann), Maracó (800 cloigeann), an Túinéis agus an Liobáin.

Bhí onnmhairí eallaigh bheo go dtí an Bhreatain Mhór 6% faoi bhun leibhéil 2017, ag díreach 5,500 cloigeann. Cuireadh thart ar 24,000 cloigeann eallaigh go Tuaisceart Éireann, arb ionann sin agus laghdú 12%. Chuir rogha leanúnach miondíoltóirí de chuid na Ríochta Aontaithe ainmhithe a rugadh sa Ríocht Aontaithe a fháil, mar aon le rátaí malairte nach raibh idéalach, leis an gcás seo.

Tháinig laghdú ar luach iomlán onnmhairí muc beo de bheagán bliain ar bhliain go €49m. Is é Tuaisceart Éireann an príomh-mhargadh, agus is beag cosaint atá ag an trádáil ar iarmhairtí féideartha an Bhreatimeachta.

Tháinig laghdú 50% ar onnmhairí caorach beo i gcomparáid le leibhéil 2017 go thart ar €2m agus 25,000 cloigeann. Bíonn ról tábhachtach ag féilte reiligiúnacha i dtrádáil chaorach fós, agus tarlaíonn 80% d'onnmhairí beo sna ceithre seachtaine roimh an bhféile Mhoslamach Eid-UlFitr.

### Promóisean beostoic

Léiríonn onnmhairí beo foinse tábhachtach iomaíochta agus asraon margaidh luachmhar do na catagóirí éagsúla stoic. Tacaíonn Bord Bia go gníomhach le forbairt na trádála onnmhairí beo trína Bainisteoir Earnála Beostoic i mBaile Átha Cliath, i gcomhar les na hoifigí margaidh ábhartha, go háirithe Maidrid, Milano agus Amstardam. Bíonn fócas láidir ar bheostoc freisin ag Bainisteoirí Margaidh Bhord Bia don Afraic, don Mheánoirthear agus do Mhoscó. Anuas ar eolas margaidh cothrom le dáta a chur ar fáil, socraítear tionscnaimh phromóisin chun íomhá agus cáil ainmhithe na hÉireann a fheabhsú.

## CAOIREOIL

**Bhí méadú nach mór 50,000 cloigeann (1%) ar thréchuir chaorach de chuid na hÉireann i gcomparáid le figiúirí na bliana seo caite, go 2.99m cloigeann ar an iomlán. Mar thoradh air seo, chúitigh ualaí conablach ní b'ísle méaduithe féideartha méideanna toisc gur fhulaing fás caorach de bharr an earraigh dhúshlánaigh agus an triomaigh samhraidh a bhí againn.**

Áiríodh leis seo 22,295 (3%) uascán sa bhreis, 60,000 (13%) caora agus reithe sa bhreis agus laghdú 42,067 (2%) ar uan earraigh. Mhéadaigh an líon breise sa chóras méid iomlán na caoireola a táirgeadh i 2018 go 69,500 tonna, méadú 2,500 tonna ar an mbliain roimhe.

Sa chéad ráithe de 2018, bhí méideanna onnmhairí caoireola nach mór ar aon dul le leibhéil 2017, agus 16,397 tonna ann. Chuir an chaoi a raibh an Cháisc ann go luath in 2018 (an 1 Aibreán) leis an mborradh a bhí faoi onnmhairí sa chéad ráithe. Bhí tionchar ag an drochaimsir a bhí ann san earrach, áfach, ar fhás uain agus, dá bharr sin, níor baineadh buaicsholáthairtí uain úir earraigh amach go dtí lár go deireadh an tsamhraidh. Mar thoradh air seo, shleamhnaigh onnmhairí caoireola de chuid na hÉireann sa chéad chuid den dara ráithe, rud a d'fhág go raibh laghdú 16% ar mhéideanna onnmhairí don chéad seacht mí den bhliain. Agus méadú ar thréchuir uaineola úir séasúir agus ualaí conablach ní b'airde sa tríú agus sa cheathrú ráithe, mar aon le soláthar láidir caorach diúltaithe, bhain onnmhairí iomlána 55,800 tonna amach. Tá luach €315m ar onnmhairí caoireola do 2018, arb ionann sin agus méadú 15% i gcomparáid leis an mbliain seo caite, de bharr méaduithe láidre praghsanna.

D'ainneoin na gcostas ionchuir ní b'airde a tabhaíodh de bharr na drochaimsire san earrach agus sa samhradh in 2018, d'éirigh go maith le tuairisceáin phraghsanna ag geata na feirme. Agus €5.14 in aghaidh an kg á bhaint amach, bhí meánphraghsanna caorach thart ar 33 cent in aghaidh an kg os cionn leibhéil 2017.

D'fhan onnmhairí na Fraince ag thart ar thrian d'onnmhairí caoireola uile na hÉireann, agus b'ionann onnmhairí na Ríochta Aontaithe agus thart ar 17%. Is í an Fhrainc an margadh is fearr i gcónaí do chaoireoil na hÉireann agus fás 10% ar luach bliain ar bhliain. Cé go mbíonn formhór onnmhairí na hÉireann ó thaobh méideanna de go fóill le dul go dtí an Fhrainc nó an Ríocht Aontaithe, is fiú tabhairt faoi deara gurb ionann luach onnmhairí go margaí eile anois agus breis agus 50% den líon iomlán onnmhairí. Is ionann seo agus ardú 3% ar fhigiúirí na bliana roimhe sin, a léirigh go raibh 47% de luachanna onnmhairí le dul go margaí lasmuigh den Ríocht Aontaithe agus den Fhrainc. Is ionann margaí éagsúlaithe, ardluacha cosúil leis an mBeilg, an Ghearmáin agus an tSualainn anois le chéile agus 29% de luachanna onnmhairí (méadú 3% i gcomparáid le 2017) agus leanann siad ar aghaidh ag déanamh níos fearr ná a chéile ó thaobh idir luacha agus fhás an mhéid de.

Chuir infhaighteacht mhéadaithe caoireola taca freisin le hardú géar ar onnmhairí. Bhain méideanna onnmhairí iomlána 57,000 tonna amach, agus ainneoin laigeacht steirling, mhéadaigh luach onnmhairí de 12% go €312m. Coinníodh an t-éagsúlú margaidh a bhí le feiceáil le blianta beaga den chuid is mó le breis agus 45% de lastais ceaptha do mhargaí eile seachas an Fhrainc agus an RA i 2017.

### Margaí AE

Tháinig méadú thart ar 25% ar mhargadh na Gearmáine ó thaobh luacha de anuraidh, agus é ag baint breis agus €37m amach, rud a d'fhág gur dhaingnigh sé a áit mar an tríú margadh onnmhairí caoireola is luachmhaire d'Éirinn. Idir an dá linn, tháinig fás ní ba mheasartha, fás 13&% ar mhargadh na Beilge fad is a buaileadh laghdú thart ar 9% ar luach onnmhairí caoireola na hÉireann go dtí an tSualainn agus é thart ar €22m.

### Cur Chun Cinn

Agus an cuspóir minicíocht ceannaigh a mhéadú agus tomhaltóirí a spreagadh chun uaineoil leis an marc cáilíochta a roghnú, i rith buaicshéasúr an tsoláthair, dhírigh promóisin margaidh baile ar speictream leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear gníomhaíochtaí PR agus na meán sóisialta mar aon le feachtas teilifíse sé seachtaine a bhí ar siúl i mBealtaine agus i Meán Fómhair.

Chuir Bord Bia tús leis an dara bliain d'fheachtas promóisin nua trí bliana cómhaoinithe ag an AE leis an téama 'Sármhaitheas Mairteola agus Uaineola – Sármhaitheas i Sábháilteacht agus Inbhuanaitheacha Bia' ar fud na Síne, Hong Cong agus an tSeapáin.

Is é an bunsprioc an fheachtais feasacht a neartú ar na hardchaighdeáin sábháilteachta bia, dearbhaithe cáilíochta agus inrianaitheachta a bhaineann le mairteoil agus le huaineoil ón Aontas Eorpach. D'éirigh leis an bhfeachtas comhchistiú 80% a fháil ón AE idir 2017 agus 2019, agus bhain caiteachas promóisin €3.75m leis ar deireadh. I measc ghníomhaíochtaí na dara bliana den fheachtas seo, bhí cuairteanna ceannaitheoirí isteach, cláir aistrithe eolais agus cuairt staidéir. Chomh maith leis sin, bhí taispeántas ag Bord Bia ag roinnt seó trádála i Shang-hai, Béising agus Tóiceo agus d'óstáil sé an comórtas cócaireachta 'East-Meats-West' i Hong Cong i mí na Bealtaine 2018. Leanfaidh an feachtas seo ar aghaidh le linn 2019 agus beidh sé mar aidhm aige feasacht a ardú sna tíortha sin, ar beag líon onnmhairí caoireola na hÉireann a chuirtear chucu faoi láthair.

### Dearcadh

Le héifeacht ón 1 Meitheamh 2019, ní mór clib EID a bheith ar gach caora a bhíonn ag imeacht ó ghabháltas. Cosnóidh an t-aistriú seo go EID iomlán clú na hÉireann mar fhoinse bia agus ainmhithe sábháilte agus slán. Fágfaidh sé go mbeidh córas inrianaitheachta caorach na hÉireann ar chomhchéim le tíortha iomaíocha eile a bhíonn ag onnmhairiú.

In 2019, is ar an 21 Aibreán a bheidh an Cháisc. Beidh Ramadan ann coicís ina dhiaidh sin, ón 5 Bealtaine go dtí an 5 Meitheamh. Spreagfaidh am na n-imeachtaí ceiliúrtha seo éileamh ar thrádáil le linn na tréimhse sin.

Beidh tábhacht lena dtarlaíonn ó thaobh an Bhreatimeachta de don tionscal onnmhairí uaineola. Cuirfidh na himpleachtaí a bhainfeadh le Breatimeacht crua leis na saincheisteanna lóistíochtúla d'onnmhaireoirí Éireannacha maidir le droichead talún na Ríochta Aontaithe a úsáid roimh choicís de na seachtainí is gnóthaí sa bhliain, an Cháisc agus Ramadan. Mar sin féin, beidh lámh in uachtair ag Éirinn ar onnmhairí de chuid na Ríochta Aontaithe go dtí an tAE. Bíonn thart ar 95% d'onnmhairí na Ríochta Aontaithe le dul go tíortha de chuid AE-26, agus cuimsíonn an Fhrainc 50% de na honnmhairí seo agus ina dhiaidh sin, cuimsíonn an Ghearmáin 10% díobh.

## MUICEOIL

Agus praghsanna láidre muc sa chúlra den chéad naoi mí den bhliain 2017, bhí táirgeoirí de chuid na hÉireann tar éis ní ba mhó muc pórúcháin a choinneáil ina dtréada faoi dheireadh mhí na Nollag 2017. D'fhág an méadú seo sa tréad póraithe mar aon le feabhsuithe leanúnacha ar éifeachtúlacht muiceola ag leibhéal na feirme go raibh táirgeadh don bhliain 2018 4% ní b'airde ná mar a bhí an bhliain roimhe, ag 306,000 tonna.

Mar gheall ar tháirgeadh méadaithe, tháinig méadú nach mór 6% ar onnmhairí do 2018 go 264,000

tuarascáil bhliantúil 2018

tonna. Mar sin féin, fiú amháin agus méaduithe méideanna san áireamh, d'fhág brú suntasach anuas ar phraghsanna i mbliana go raibh luach onnmhairí 6% ní b'ísle do 2018, ag €666m.

Ar fud an domhain, chuir farasbarr táirgí ar an margadh isteach ar thrádáil muiceola, rud a léiríonn méadú áirithe ar tháirgeadh muc i bpríomhréigiúin, cosúil leis an AE agus na Stáit Aontaithe, le linn 2018. Léiríonn figiúirí ó Roinn Talmhaíochta na Stát Aontaithe go bhfuiltear ag súil leis go dtiocfaidh méadú 2% ar tháirgeadh domhanda go 113m tonna le linn 2018 i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

Chuaigh ráig d'fhiabhras Afracach na muc (ASF) sa tSín i bhfeidhm go mór ar thrádáil dhomhanda, agus scaip sé go 10 gcúige atá scaipthe amach go tíreolaíoch sa tSín ó mhí Lúnasa 2018. Mar gheall ar chosc a cuireadh ar iompar muiceola, bhí sé deacair ar na cúigí a buaileadh fardail mhuiceola a bhogadh. Mar gheall nárbh fhéidir muca a phróiseáil i réigiúin a buaileadh, tháinig laghdú ar phraghsanna agus níor mhór tréada a chur chun báis. Ardaíonn ráigeanna de ASF san Eoraip le déanaí an fhéidearthacht go gcuirfí isteach tuilleadh ar thrádáil agus go bhféadfadh caillteanais tréada níos mó a bheith i gceist in Oirthear na hEorpa, áit ar buaileadh an tréad pórúcháin sa Rómáin go han-dona. Ina theannta sin, bhraith earnáil mhuiceola an AE na hiarmhairtí diúltacha a bhain leis an triomach a bhí i réim ar fud Thuaisceart na hEorpa i rith mhíonna an tsamhraidh, as a dtáinig táil ní b'ísle agus costais bheatha ní b'airde do tháirgeoirí muc. In áiteanna eile, tháinig méadú 3% ar tháirgeadh sna Stáit Aontaithe le linn 2018 go 12m tonna. Bhí tionchar áirithe ag frith-tharaifí a chuir údaráis na Síne ar mhuiceoil ó na Stáit Aontaithe ar an tionscal. Chuaigh praghsanna ní b'ísle chun tairbhe onnmhairí go dtí an príomh-mhargadh in aice láimhe, Meicsiceo, áfach.

B'ionann an meánphraghas muiceola in Éirinn in 2018 agus €1.39, agus ba é seo an meán ab ísle ó 2010 agus laghdú breis agus 12% i gcomparáid le figiúr na bliana seo caite - €1.59. Tá an praghas seo breis agus €0.03 faoi mheán an AE do 2018.

### Intíre

Úsáideann Éire breis agus 50% d'aschur iomlán na muiceola sa tír seo, sciar atá thar a bheith ard don speiceas ar fad. D'fheidhmigh an earnáil mhuiceola in Éirinn go réasúnta láidir in 2018. Sa bhliain dar críoch an 3 Nollaig 2018, tháinig méadú 4% agus 3% faoi seach ar mhuiceoil agus ispíní a díoladh ag leibhéal miondíola, go breis agus 20,000 tonna agus 17,000 tona. Tháinig méadú breis agus 5% ar dhíolacháin liamháis chócaráilte go breis agus 20,000 tonna, mar gur cheannaigh tomhaltóirí a bhí ann cheana ní ba mhinice é, mar aon le siopadóirí nua a bheith ann a cheannaigh an táirge seo.

Bhí tionchar ag an moilliú nach mór 5% ar dhíolacháin bhagún ar an gcatagóir ar an iomlán, áfach. Bhain miondíolacháin intíre táirgí muiceola breis agus €670m amach in 2018.

### Margaí AE

Tá an Ríocht Aontaithe go fóill ar an margadh onnmhairíochta is suntasaí do mhuiceoil na hÉireann, agus ba ann a chuaigh 56% de na honnmhairí in 2018, fad is a tháinig ardú ar luach onnmhairí go margaí cosúil leis an bhFrainc agus an Danmhairg agus fás thart ar 40% i gceist nuair a chuirtear i gcomparáid le figiúirí 2017 é. Cuimsíonn an Danmhairg thart ar 7% d'onnmhairí muiceola uile na hÉireann anois, rud a fhágann gurb é an tríú ceann scríbe is coitianta é.





Is réasúnta iad na honnmhairí go dtí an Fhrainc, an Spáinn agus an Ísiltír i gcónaí, ach is margaí luachmhara iad seo le haghaidh táirgí lena mbaineann ardluach agus tháinig fás suntasach ar gach ceann díobh ó thaobh luacha de in 2018.

## Idirnáisiúnta

D'fhás margaí idirnáisiúnta cosúil leis an tSeapáin agus an Chóiré Theas go maith in 2018. D'ardaigh onnmhairí go dtí an tSeapáin de 36% nó go €30m agus bhí onnmhairí go dtí an Chóiré Theas ní 29% ní b'airde ag €11m ná mar a bhí in 2017. Chabhraigh sé seo le cúiteamh a dhéanamh ar chuid den mheath a bhí ar ghníomhaíocht onnmhairíochta go dtí an tSín, an dara margadh is mó le haghaidh onnmhairí muiceola na hÉireann.

Thit an luach a bhí orthu in 2018 siar go €59m, cé gur €93m an luach a bhí orthu in 2017. Bhain sé seo le praghsáil ní b'ísle sa mhargadh sin den chuid is mó den bhliain, mar aon le dúshláin bhuailteachais mar thoradh ar ASF. Mhéadaigh onnmhairí go dtí an Afraic Theas de 30% nó go €35m in 2018.

## Dearcadh

Ag breathnú chun cinn go dtí 2019, beidh éileamh atá ag dul ó neart go neart san Áise mar aon le teacht a bheith ar mhargaí nua féideartha agus cobhsú soláthairtí ó mhargaí eile de chuid an AE mar bhonn faoin rath a bheidh ar thrádáil mhuiceoil na hÉireann.

D'fhéadfadh le ASF athrú struchtúrach suntasach a dhéanamh i dtionscal muiceola na Síne. Tá brú praghais sna réigiúin a buaileadh tar éis tabhairt ar roinnt táirgeoirí níos lú imeacht ón margadh cheana. Léiríonn na figiúirí rialtais is déanaí go raibh tréad pórúcháin na tíre 5% ní b'ísle i mí Lúnasa 2018 i gcomparáid leis an mbliain roimhe. San Eoraip, tá ASF sa Bheilg cheana féin. Dá scaipfeadh sé go tíortha eile in Iarthar na hEorpa, cosúil leis an Ísiltír nó an Ghearmáin, d'fhéadfadh sé an-drochthionchar a bheith aige ar thrádáil iomlán an AE le linn 2019. Chuaigh an ráig de ASF sa Bheilg i bhfeidhm go mór ar onnmhaireoirí áitiúla. Mar sin féin, i gcomhthéacs iomlán thrádáil na hEorpa, is beag tionchar a bhí aige seo go dtí seo, agus gan sa Bheilg ach 3% d'onnmhairí muiceola na hEorpa.

Cé go meastar go mbeidh aschur muiceola faoi bhrú breise sa tSín agus san Eoraip go pointe áirithe le linn 2019, meastar go dtiocfaidh méadú thart ar 5% ar tháirgeadh sna Stáit Aontaithe go 12.6m tonna. Leanann sé seo infheistíocht shuntasach in acmhainneacht táirgthe ó phróiseálaithe ar cuireadh lena muinín tar éis aisghabháil na bpraghsanna móra sna Stáit Aontaithe agus i ndiaidh fáil amach faoi ASF sa tSín. Bhí tionchar ag taraifí a tugadh isteach i lár na bliana ar onnmhairí muiceola de chuid na Stát Aontaithe go dtí an tSín, ach mhaolaigh éileamh láidir ó na custaiméirí is mó a cheannaíonn muiceoil ó na Stát Aontaithe sa tSeapáin agus sa Chóiré Theas an tionchar seo.

Is dúshlán eile é an Breatimeacht nach féidir a thuar ná a shéanadh do thionscal muiceola na hÉireann, ó thaobh bacainní féideartha le

taraifí agus gan taraifí de araon mar aon le nochtadh airgeadra. Agus 56% d'onnmhairí muiceola ó phróiseálaithe príomhúla agus tánaisteacha ag dul chuig an Ríocht Aontaithe faoi láthair, mar aon le 99% de na honnmhairí beo ar fad, tá an riosca suntasach.

## ÉANLAITH CHLÓIS

Tháinig méadú 8% ar onnmhairí éineola ó Éirinn go €316m. In 2018, tháinig méadú thart ar 3% ar tháirgeadh éineola in Éirinn go nach mór 157,000 tonna le linn i gcomparáid le leibhéil na bliana roimhe. Is é seo an táirgeacht is mó a taifeadadh do tháirgeadh éineola in Éirinn agus léiríonn sé an méadú leanúnach atá ar an tóir atá ar phróitéin feola gile mar go bhfeiceann tomhaltóirí éineoil mar rogha ildánach agus níos sláintiúla i gcomparáid le foinsí eile de phróitéin feola.

### Intíre

Léirigh an chatagóir éineola ag leibhéal miondíola in Éirinn feidhmíocht réasúnta faoi dheireadh na bliana. Do 2018, tháinig méadú 3% ar líon na héineola a díoladh agus custaiméirí ag ceannach na catagóire seo níos minice fad is a d'fhan an meánphraghas in aghaidh an kg ag €5.56. Léirigh an cainéal seirbhíse bia níos mó tacaíochta d'éineoil ar cháilíocht dhearbhaithe le dhá bhliain anuas freisin agus tá sé seo ag cabhrú le tógáil ar an éileamh atá ar éineoil de chuid na hÉireann.

### Onnmhairí

As an éineoil a onnmhairíodh ó Éirinn in 2018, chuaigh 67% di go dtí an Ríocht Aontaithe agus chuaigh 87% de sin ar aghaidh go dtí an mhórthír. Is í an Afraic Theas an dara margadh onnmhairí is mó d'éineoil na hÉireann, agus mheall sé €35m d'onnmhairí in 2018, sin 11% den líon iomlán onnmhairí agus méadú 30% bliain ar bhliain. Níl sé ag breathnú chomh dóchasach céanna don todhchaí, áfach, mar chuir an Afraic Theas tobhach sábháilteachta talmhaíochta 35% i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair ar na gearrthacha éineola uile le cnámha a allmhairítear.

Bhí feidhmíocht mheasctha ag an margadh domhanda éineola le linn 2018, agus tionchar na rudaí seo a leanas ar thrádáil: srianta AE ar roinnt monarchana onnmhairí de chuid na Brasaíle ar thrádáil; caighdeáin halal a d'athraigh san Araib Shádach; stailc na dtiománaithe trucailí le linn na dara ráithe den bhliain sa Bhrasaíl agus srianta nua na Síne in aghaidh dumpáil onnmhairí sicín de chuid na Brasaíle. Mar thoradh ar an laghdú ar onnmhairí na Brasaíle de bharr imscrúduithe stáit ar roinnt monarchana ar cuireadh calaois in iniúchtaí sábháilteachta ina leith sa dara cuid de 2018, cruthaíodh deiseanna suntasacha d'onnmhaireoirí áirithe. Ba í an Úcráin ba mhó a ghnóthaigh air. Sa chéad chuid de 2018, bhain líon iomlán a n-easpórtálacha na leibhéil ab airde riamh amach ag 155,000 tonna agus praghsanna thart ar 15% ní b'airde.

### Dearcadh

In 2019, beidh dúshláin ag baint leis an tionscal éineola de bharr luaineachta méadaithe i bpraghsanna grán agus olashíolta mar gheall ar stoic ghrán atá ag éirí níos doichte. Mar sin féin, tá rudaí ag breathnú dearfach go leor do thionscal an AE don bhliain atá romhainn de bharr srianta a d'fhág gur baineadh 20 monarcha de chuid na Brasaíle ó liosta faofa an AE.

Is dócha go mbainfidh líon na n-éan a phróiseálfar in Éirinn 100m le linn 2019, a bheadh ar an líon ba mhó riamh ná riamh, agus táirgeoirí ag leanúint leo ag infheistiú in áiseanna nua agus in áiseanna atá ann cheana san earnáil, rud a léiríonn go bhfuil an t-éileamh sa chainéal miondíola agus sa chainéal seirbhíse bia araon ag dul ó neart go neart.

# ATHBHREITHNIÚ EARNÁLA: BIA & DEOCHANNA



## TÁIRGÍ AGUS COMHÁBHAIR DÉIRÍOCHTA

Is í déiríocht na hÉireann an earnáil onnmhairithe bia is mó in Éirinn. B'ionann líon na n-onnmhairí agus os cionn €4bn in 2018. Tá ardú 78% tagtha ar luach na n-onnmhairí san earnáil ó 2010. Ba í déiríocht an earnáil ba láidre ó thaobh fás ar líon na n-onnmhairí in 2018. Tháinig ardú 5 faoin gcéad orthu i gcomparáid le 2017. D'fhan luach na n-onnmhairí déiríochta cobhsaí, agus iad os cionn €4bn don dara bliain as a chéile.

Tháirg Éire níos mó táirgí déiríochta in 2018 agus d'onnmhairigh méid níos mó díobh in 2018 ná i mbliain ar bith roimhe sin. Is iad an Ríocht Aontaithe, an tSín, an Ísiltír, an Ghearmáin agus SAM na cúig mhargadh is mó le haghaidh táirgí déiríochta. Is príomh-mhargadh í an RA i gcónaí agus is ann a théann 26% d'onnmhairí déiríochta. Bhí luach €1.35bn ar onnmhairí déiríochta chuig Mór-roinn na hEorpa, ardú 6% ar an mbliain roimhe.

Tháinig ardú 3% ar tháirgeadh bainne in Éirinn in 2018, ardú a bhí níos ísle ná an fás a rabhthas ag súil leis. B'amhlaidh sin mar gheall ar choinníollacha aimsire a bhí thar a bheith dúshlánach: geimhreadh an-fhada a mhair go dtí mí an Mhárta agus triomach géar sa samhradh a raibh tionchar aige ar fhás an fhéir agus ar fhéar a bheith ar fáil. Rinne táirgeadh bainne téarnamh éigin sa ráithe deiridh de 2018. Tháinig ardú 52% ar an gcaiteachas ar bheatha déiríochta in 2018 mar gheall ar mhéadú ar an úsáid a baineadh as beatha, maille le praghsanna níos airde ar bheatha, líon níos airde bó agus táirgeadh bainne níos airde.

Tá púdair chothaithe speisialaithe ar cheann de na ghnéithe is luachmhaire i measc onnmhairí na hÉireann le blianta beaga anuas. Tá ardú tagtha ar luach na n-onnmhairí don táirge seo ó níos lú ná €600m in 2010 go €1.1bn in 2018. Bhain an táirge seo an rath is fearr amach in onnmhairí chun na Síne, áit a dtugtar suntas faoi leith do dhintiúirí sábháilteachta in Éirinn, agus go dtógtar ainmhithe lasmuigh.

D'éirigh thar cionn le him i SAM agus i Mór-roinn na hEorpa agus den chéad uair, bhí luach onnmhairí ime na hÉireann don bhliain níos airde ná €1bn, rud arb ionann é agus ardú 22% ar luach 2017. I SAM agus ar feadh Mhór-roinn na hEorpa is mó a tharla an fás ollmhór sin. Tháinig ardú 90% go dtí €161m ar onnmhairí ime chuig SAM. D'fhan praghsanna ar an leibhéal b'airde riamh agus ní dócha go dtiocfaidh athrú air sin go

gearrthéarmach, mar gheall go bhfuil tomhaltóirí ag cócaráil le him agus á úsáid in áit saille eile.

Tá ardú tagtha ar tháirgeadh agus ar onnmhairí phúdar bainne bhearrtha (SMP) ar aon dul le táirgeadh ime. Tá ardú 30% tagtha ar líon na n-onnmhairí SMP in 2018. D'éirigh an líon sin níos láidre agus tugadh dúshlán do phraghsanna nuair a scaoileadh méid mór SMP ó idirghabháil.

Is chuig an RA a théann breis agus 50% d'onnmhairí cáise na hÉireann agus is cáis chéadair 83% de sin.

Mar sin féin, chuaigh 22% d'onnmhairí cáise chuig tíortha lasmuigh den RA agus de Mhór-roinn na hEorpa in 2018, ardú suntasach ó 17% in 2010. In 2018, tháinig ardú 12% agus 35% faoi seach, go dtí luach iomlán €75m, ar luach na n-onnmhairí cáise chun na hÁise agus Meiriceá Thuaidh.

### Léargais ar an Margadh

Rinneadh tuairisciú dhomhain ar an margadh san Indinéis agus sa Mhalaeisia, ina ndearnadh measúnú ar an iomaíocht, ar an timpeallacht agus ar dheiseanna do tháirgí, sular tugadh faoi mhisean trádála a bhí dírithe ar an déiríocht chuig an dá margadh sin, ar sainaithníodh iad mar thosaíochtaí maidir le táirgí déiríochta na hÉireann.

Rinne Bord Bia taighde deisce lenar scrúdaíodh na príomh-mhargaí le haghaidh púdar bainne saibhrithe, d'fhonn deiseanna do sholáthróirí Éireannacha a shainaithint. Forbraíodh forléargais ar mhargaí déiríochta le haghaidh Angóla agus na hÉigipte agus cuireadh próifílí ar rannpháirtithe sa tionscal san áireamh. Sa bhaile, d'oibrigh Bord Bia le Taighde Comhbhá agus Iompraíocht agus Dearcthaí chun sraith staidéar a chruthú inar tugadh léargas ar an siopadóir ó thaobh na gcatagóirí cáis chéadair, im agus leatháin in Éirinn.

Thug Bord Bia tionscadal anailíse ar bhearnaí maidir le iógart chun críche freisin don chatagóir iógairt in Éirinn agus sainaithníodh deiseanna sonracha do dhéantúsóirí. Mar chuid de mhodheolaíocht an tionscadail, rinneadh agallaimh duine-le-duine le déantúsóirí, ilmhiondíoltóirí agus lascaineoirí, chomh maith le hanailís ar shonraí.

### Cumarsáid branda

Le tacaíocht ón tionscal déiríochta, féachann an feachtas déiríochta Origin Green le cur leis an bhfeasacht faoi Éire mar fhoinse déiríochta a tháirgtear ar bhealach inbhuanaithe i bpríomh-mhargaí thar lear. Tá 4 cholún ar leithligh ag an bhfeachtas:

- Na meáin thrádála ag tógáil clú na hÉireann mar cheannaire domhanda ó thaobh bia agus deochanna a ar bhealach inbhuanaithe.
- Caidreamh poiblí idirnáisiúnta ag díriú ar phríomh-nuachtáin agus foilseacháin i margaí tábhachtacha le heagarfhocal chomh maith le cuairteanna ag iriseoirí ar an tionscal déiríochta Origin Green in Éirinn.
- Feachtais dhigiteacha tomhaltóra Origin Green na Síne a chuireann dintiúirí inbhuanaithe déiríochta na hÉireann chun cinn do thomhaltóirí na Síne i gcathracha sraith 1 agus sraith 2.
- Feachtas cumarsáide le feirmeoirí déiríochta na hÉireann, dírithe ar fheirmeoirí déiríochta na hÉireann chun buntáistí SDAS agus Origin Green a chur chun cinn.
- Thug iriseoirí, go leor acu a dhíririgh ar chúrsaí déiríochta agus a rinne ionadaíocht ar fhoilseacháin ón RA, ón Fhrainc, ó SAM, ón tSualainn, ón Ísiltír, ó UAE, ón gCóiré Theas agus ón tSeapáin, cuairt ar Éirinn i rith 2018. Bealaí i dtreo an mhargaidh

### Bealaí i dtreo an mhargaidh

Ghlac cuideachtaí déiríochta páirt i níos mó ná ocht seó agus misean trádála in 2018. Ar na buaicphointí bhí:

- Ghlac sé phróiseálaí déiríochta spás ar sheastán Bhord Bia sa Halla Déiríochta ag Gulfood in Dubai. Ghlac Bord Bia páirt in Gulfood Manufacturing den chéad uair de bharr éilimh ón tionscal.
- Chabhraigh Bord Bia le presidia cáise bhainne amh chun cúig chuideachta a chur i láthair ag Salone Del Gusto in Turino. Ach páirt a ghlacadh san ócáid seo, féadfaidh déantóirí cáise bhainne amh bualadh le custaiméirí, díol go díreach le tomhaltóirí, a gcuid eolais a fhorbairt agus caidrimh a chothú leis an bpobal bia ceirde idirnáisiúnta.
- SIAL Paris an taispeántas nuálaíochta bia is mó, agus bhí puball déiríochta ar leith ann arís, ag a raibh ceithre chuideachta déiríochta.
- Tugadh spás do Bhord Bia ag Móraonach Allmhairithe Idirnáisiúnta na Síne i Shang-hai, an chéad eagrán den aonach sin, ina raibh 11 chuideachta déiríochta agus feola Éireannach rannpháirteach.
- Ghlac seacht gcomharchumann páirt i misean trádála na hÁise Thoir Theas chuig an Indinéis agus an Mhalaeisia. Sainaithníodh an dá thír mar áiteanna a thugann deis d'fhás ar an onnmhairiú déiríochta trí bhíthin staidéar Bhord Bia ar Thosaíocht a Thabhairt do Mhargaí, mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar an meánaicme, ar an spleáchas ar tháirgí déiríochta allmhairithe agus ar an bhfás ar an éileamh ar bhianna tomhaltóra déanta as comhábhar ardchaighdeán.

## BIANNA ULLMHAITHE TOMHALTÓRA

Le Bianna Ullmhaithe Tomhaltóra (PCF), cuimsítear raon leathan táirgí breisluacha bia agus dí, ina measc táirgí bia a ndearnadh próiseáil bhreise orthu, amhail táirgí báicéireachta, pizza, seacláid, milseogra, brioscaí,

sneaiceanna, úsc, anlainn, anraithí, feoil bhreisluacha, táirgí déiríochta tomhaltóra, bia mara breisluacha, gairneoireacht bhreisluacha agus deochanna neamh-mheisciúla.

Mar thoradh ar laghduithe suntasacha ar luach na n-onnmhairithe púdar próitéine chuig SAM, tháinig laghdú ar an luach iomlán do PCF in 2018, ach tháinig fás láidir ar onnmhairí milseogra, seacláide agus bia reoite.

Nuáil, forbairt ar tháirgí nua agus cainéil nua d'onnmhaireoirí i margaí aibí, go príomha, ba chúis leis an bhfás. Mar thoradh ar an ráta lag steirling agus ar an spleáchas ar onnmhairí chuig an RA, dhírigh go leor cuideachtaí ar laghdú costais mar chúnamh don téarnamh ar chorrlaigh san earnáil.

Maidir le PCF, tháinig fás ar an spleáchas ar an RA in 2018 go dtí 66% de na honnmhairí PCF go léir, ardú ó 62% in 2017. Tharla an t-ardú coibhneasta sin de bharr an laghdaithe ar onnmhairí chuig margaí idirnáisiúnta seachas de bharr ardú iomlán ar onnmhairí chuig an RA. Tháinig laghdú 4% go dtí€1.5bn ar luach na n-onnmhairí chuig an RA.

I ndiaidh an RA, is iad na príomh-mhargaí ar Mhór-roinn na hEorpa, an Fhrainc, an Ísiltír, an Ghearmáin, an Iodáil agus an Spáinn, na margaí is mó fós ó thaobh onnmhairí, agus b'ionann iad le chéile agus os cionn 17% d'onnmhairí PCF.

## Báicéireacht

Bliain dhúshlánach do chatagóir báicéireachta na hÉireann a bhí in 2018, agus tháinig laghdú beagnach 25% ar onnmhairí. Cé gur éirigh thar cionn le honnmhairí earraí bácáilte in 2017, nuair a tháinig ardú beagnach deich faoin gcéad ar onnmhairí aráin, ba i margaí na RA ba mhó a bhí an príomh-laghdú ar luach na n-onnmhairí in 2018, agus taifeadadh caillteanas sa ghnó i margaí onnmhairithe nach mbaineann an stair chéanna leo, eadhon SAM, Ceanada agus an Astráil. Rinneadh sin a fhritháireamh go pointe ag díolacháin níos mó chuig margaí ar Mhór-Roinn an AE áit a bhfuil déantúsóirí meánleibhéil ag gnóthachtáil gnó sa mhargadh miondíola féinlipéid agus le seirbhís bhia ar luach níos airde.

Tá freagairt mhaith á tabhairt ag déantúsóirí na hÉireann ar threochtaí laistigh den bháicéireacht, amhail sláinte, bianna eitneacha agus 'saor ó' agus tá siad i riocht maith chun leanúint de chonarthaí ar luach níos airde a fháil don tsain-bháicéireacht sna margaí níos iomaíche in Iarthair an AE, agus go deimhin sna margaí i Meiriceá Thuaidh le tairiscintí bunaithe ar an tsláinte agus ar eitneacht. Leis an bhfás ar 'beir greim agus beir leat' i gcúrsaí miondíola san AE, tugtar deiseanna freisin do sholáthróirí na n-earnálacha saoráideacha in Éirinn agus sa RA.

## Milseogra

D'éirigh go maith le honnmhairí mhilseogra na hÉireann in 2018. Tháinig ardú 11% ar mhilseogra siúcra-bhunaithe go dtí €50m agus tháinig ardú 9%ar sheacláid go dtí €248m. D'fhan an margadh sa RA cobhsaí d'ainneoin an timpeallacht trádála éiginnte. Ba léir ó na méideanna onnmhairí an éagsúlú leanúnach sa mhargadh.

Tuairiscítear fás domhanda 4% ar sheacláid agus 2% ar mhilseogra. Tá tomhaltóirí milseogra fós ag lorg táirgí a bhaineann leis an áisiúlacht, leis an tsláinte agus le pléisiúr agus is é sin atá taobh thiar de go leor den



nuáil agus den luach sa chatagóir. Léiríonn déantúsóirí na hÉireann tuiscint mhaith ar na treochtaí sin, rud a chothaíonn fás dóibh sna margaí onnmhairithe.

### Grósaeireacht

Léirigh margadh grósaeireachta a hÉireann, atá ríthábhachtach don earnáil seo, fás ar luach agus ar mhéideanna. Tháinig fás níos mó (3%) ar luach ná mar a tháinig ar mhéideanna.

Thug caiteachas teaghlaigh níos airde cúnamh don fhás ar an margadh baile, ina bhfacthas feidhmíocht láidir ó dhíolacháin brandáilte freisin roimh an bhfás iomlán ar an margadh.

Ba léir fás freisin san earnáil seirbhís bhia sa bhaile inar taifeadadh ardú 6.1%, rud a chuir margadh buacach ar fáil do sholáthróirí san earnáil. Taobh amuigh de na deiseanna sa bhaile, is í an RA an margadh onnmhairithe is mó do ghrósaeireacht chomhthimpeallach. Tháinig fás 3.8% ar onnmhairí chuig an RA in 2018 mar thoradh ar mhéaduithe ar phraghsanna, go príomha. Tháinig fás níos lú, 2.1%, ar mhéideanna freisin.

Táthar ag leanúint san earnáil de dhíriú ar na príomh-mhargaí in Éirinn agus sa RA. Tá spéis mhór san earnáil fós in

éagsúlú chuig margaí nua san Eoraip. Tá nuáil ó thaobh chruthú tháirgí den scoth agus sláinte taobh thiar d'fhorbairt ar an tairiscint san earnáil i gcónaí.

### Reoite

Chonacthas filleadh ar an bhfás sa chatagóir bia reoite in 2018, mar gheall ar thabhairt isteach táirgí nua a d'fhreastail go háisiúil ar riachtanais an tomhaltóra. Tháinig fás láidir +6.5% (luach) ar an margadh reoite sa RA, a bhfuil luach £6.1bn air, agus bhí fás ar gach fo-chatagóir freisin.

Mar gheall ar chruthú tháirgí den scoth, sláinte agus athrú ar dhearcadh tomhaltóirí ar cháilíocht na catagóire, tháinig ardú ar ghnáthphraghsanna (+4.2%). Táthar ag súil go leanfaidh an t-athrú sin ar an éileamh ar aghaidh agus tomhaltóirí nua ag dul isteach sa chatagóir. Mheall an chatagóir 320,000 siopadóir nua sa RA in 2018 agus tháinig ardú 0.2% go dtí 99.3%.ar an dul i bhfód ar an margadh.

Dhírigh na cuideachtaí bia reoite Éireannacha a sholáthraíonn don mhargadh sa RA go mór ar nuáil freisin. Chruthaigh an nuáil spéis sna margaí nua san Eoraip freisin, sna cainéil mhiondíola agus seirbhíse bia araon. Tá sé beartaithe ag cuideachtaí bia reoite na hÉireann tógáil ar an rath atá acu maidir le deiseanna nideoige i margaí amhail an Meánoirthear, an Áise Thoir Theas and SAM. Tionscnaimh maidir le hábhair chliaint a ghiniúint, blas den scoth agus coincheapa le haghaidh táirgí nuálacha.

Níos gaire don bhaile, taispeánadh fás 7.8% ar an margadh miondíola reoite in Éirinn. Tuilleadh turas chun cheannaigh ba chúis leis sin, go príomha, agus siopadóirí ag filleadh ar na pasáistí reoite níos minice. Bhain gach fo-earnáil leas as sin, ach ba iad feoil, iasc agus uachtar reoite a ghnóthaigh na méaduithe ba mhó sna céatadáin bliain ar bhliain. Tá lipéid phríobháideacha fós i gceannas ar an margadh le sciar 42% den luach agus fás láidir 7% acu.

### Bia Saoráideach Fuaraithe

Tá an earnáil bhia saoráideach fuaraithe fós dírithe ar mhargadh baile na hÉireann agus ar onnmhairiú chuig Margadh na RA de bharr na srianta a chruthaíonn seilfré. B'fhiú an chatagóir béilí ullmhaithe fuaraithe sa RA £1.7bn agus tháinig fás láidir +6.8% air de réir mar a leantar leis an éileamh ar bhia saoráideach. Praghsanna níos airde a bhí taobh thiar den fhás, go príomha, ach tá siopadóirí ag ceannach an chatagóir seo níos minice freisin.

Bhí sciar bheag den chatagóir ag bia veigeatórach, ach léirigh fás láidir +9.1%.

Táthar ag tuairisciú imní san earnáil bia saoráideach fuaraithe faoi na dúshláin a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar chastachtaí agus moilleanna sa slabhra soláthair mar thoradh ar an mBreatimeacht. Tá an chatagóir thar a bheith iomaíoch ó thaobh praghsanna cheana féin, agus nuair a chuirtear san áireamh na bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann, is tréimhse an-dúshlánach don earnáil a bheidh inn 2019.

Tá na cuideachtaí béilí ullmhaithe fuaraithe ar an eolas go gcaithfidh siad leanúint orthu ag díriú ar a bheith iomaíoch i gcónaí sa mhargadh san RA, chomh maith le nuáil a chur ar fáil sa chatagóir.

Sa mhargadh baile, bhí luach €147m agus fás +7.8 % sa chatagóir béilí ullmhaithe fuaraithe.

Bhí lipéid phríobháideacha i gceannas ar an margadh i gcónaí agus bhí brandaí freagrach as 21.5% den chaiteachas iomlán. An margadh baile a bheidh ar an margadh straitéiseach is tábhachtaí don earnáil seo i gcónaí, agus nuáil, pacáistiú agus cumais phróiseála ag cruthú deiseanna i gcónaí.

### Feoil bhreisluacha

Tá an earnáil feoil bhreisluacha ag tacú i gcónaí le héileamh an tomhaltóra agus an chustaiméara ar bhia saoráideach gan géilleadh ar cháilíocht. Bhí nuáil ó thaobh táirgí agus próisis an-tábhachtach d'fheidhmíocht na hearnála seo. Is gnéithe iad cáilíocht, nuáil agus easpa scileanna sa chainéal a bhfuil tionchar ollmhór acu maidir le tairiscint láidir a fhorbairt do chuideachtaí feola breisluacha.

Rinne go leor daoine san earnáil iarracht tuiscint a fháil ar na deiseanna arna gcruthú ag QSR (bialanna mearsheirbhíse) agus FSR (bialanna lánseirbhíse), i margaí na hEorpa.

### Deochanna

D'éirigh go maith le honnmhairí deochanna alcólacha arís in 2018, le hardú iomlán 7% i gcomparáid le 2017, ó €1.215bn go dtí beagnach

tuarascáil bhliantúil 2018



€1.3bn. Éileamh dédhigiteach leanúnach ar uisce beatha Éireannach in go leor margaí is cúis leis sin, chomh maith le hathrú ar rath sa chatagóir uachtar licéir Éireannaigh. Éileamh leanúnach ar thairiscintí den scoth de bhunaidh na hÉireann is cúis freisin leis an ardú sin. Uisce beatha Éireannach atá chun tosaigh sa chatagóir agus sháraigh leibhéil tomhaltóra ar fud an domhain an méid a bhí tuartha - 10m cás – ag deireadh 2018, den chéad uair. Is ionann sin agus ardú 9% ar mhéideanna i gcomparáid le 2017 agus beagnach 12% ar an luach. Maidir le margaí aibí don uisce beatha Éireannach, is iad SAM agus an AE is tábhachtaí don fhás sin.

Maidir le geografaíocht i mbun forbartha, táthar ag súil go mbeidh poitéinseal ag an Afraic agus ag an Áise sna blianta amach romhainn.

Bhí feidhmíocht láidir ag uachtair licéir Éireannaigh le fás 9% ar an luach agus díolacháin os cionn 7.9m gcás in 2018, ardú ó 7.2m in 2017. Ar na margaí tábhachtacha níos fearr d'uachtair licéir Éireannaigh tá an RA, an Afraic agus an Astráil.

D'fhan an chatagóir bheorach cobhsaí ó thaobh luach de, tríd is tríd, ach bhí ardú foriomlán 9% ar an luach, le feidhmíocht dhearfach go háirithe ag onnmhairí chuig an AE, arna fhritháireamh ag méid agus luach níos ísle chuig an Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh. D'ainneoin aimsir shamhraidh an-mhaith sna margaí is tábhachtaí di in Éirinn agus sa RA, bhí cúrsaí dúshlánach don cheirtlis agus tháinig laghdú 20% ar luach agus 16% ar mhéideanna faoi seacht.

Creidtear go bhfuil tionchar ar an gcatagóir ag treochtaí tomhaltóra i dtreo maireachtáil fholláin agus na tuairiscí diúltacha sa phreas maidir le siúcra i gcomhthéacs thabhairt isteach na cánach ar shiúcra. Tá an chatagóir jin Éireannach ag dul i bhfeidhm ar an tomhaltóir idirnáisiúnta, agus tháinig ardú 24% ar mhéideanna, cé gur tosaíodh amach ar bhonn íseal.

Agus aitheantas á thabhairt don spleáchas ar mhargadh SAM, agus don éileamh atá ag méadú san Áise ar uisce beatha Éireannach, sheol Bord Bia Clár na hÁise Thiar le haghaidh Biotáillí Éireannach i mí Eanáir 2018, nuair a rinneadh taighde ar an timpeallacht rialála agus ar chúrsaí dáilte i dtrí Mhargadh san Áise: Singeapór, An Chóiré Theas agus An tSeapáin .Lean an clár ar aghaidh chuig céim a dó i mí Dheireadh Fómhair 2018 nuair a tugadh faisnéis faoin taighde do 28 dtoscaire as 25 chuideachta sa chatagóir. Tabharfar céim a trí de chlár na hÁise Thoir – misean margaíochta chuig Singeapór, Súl agus Tóiceo–chun críche i R1 2019, agus reáchtálfar cuairt ceannaitheora isteach gaolmhar i R4 2019.

I measc gníomhaíocht bholscaireachta eile de bhí clár aontaí trádála Bhord Bia, a lean ar aghaidh le láithreacht níos mó ag Prowein Dusseldorf i Mí an Mhárta. D'óstáil líon iomlán de 14 chliantchuideachta breis is 300 cruinniú B2B ar an seastán le linn na hócáide trí lá. Den chéad uair, reáchtáil seastán na hÉireann máistir-ranganna ar uisce beatha Éireannach do cheannaitheoirí a thug cuairt ar Prowein. Tionóladh 14 rang ar ar fhreastail breis is 160 aoi.

### Bia Farraige

Measadh gur timpeall €562m a bhí i luach na n-onnmhairí bia farraige Éireannaigh in 2018, laghdú 8% ar

an luach ba mhó riamh a baineadh amach in 2017. Bhí dúshláin ann ar fud na catagóire, i gcás an bhradáin ach go háirithe, áit ar tháinig laghdú 36% ar luach na n-onnmhairí mar thoradh ar theorainneacha ar chumas táirgthe. Leanadh leis an éileamh domhanda ar bhia farraige in 2018 agus thuairiscigh onnmhaireoirí na hÉireann éileamh láidir ar a gcuid táirgí sna príomh-mhargaí onnmhairithe. An dúshlán is mó atá roimh an earnáil seo i gcónaí, a cumas éileamh reatha na gcustaiméirí a shásamh beag beann ar na dúshláin a bhaineann le teacht ar amhábhair.

Na príomh-mhargaí san AE, eadhon an Fhrainc, an Spáinn, an RA, an Iodáil agus an Ghearmáin, atá chun tosaigh ó thaobh Onnmhairí bia farraige. Is ionann iad agus tuairim is 58% de na honnmhairí iomlána, de réir luacha.

Is ionann an sciar d'onnmhairí bia farraige chuig margaí idirnáisiúnta agus tuairim is 30% de na honnmhairí iomlána in 2018. Tháinig ardú tuairim is 19% ó thaobh luacha de ar na ceithre mhargadh is mó san Áise - an tSín, Hong Cong, An Chóiré Theas agus an tSeapáin- in 2018 i gcomparáid le 2017. Ar an iomlán, b'ionann na ceithre mhargadh Áiseacha seo agus beagnach 14% de luachanna onnmhairí bia farraige iomlána. Agus margaí níos leithne

na hÁise Thoir Theas á gcur san áireamh lena n-áirítear an Téaváin, Vítneam, Singeapór, an Mhalaeisia agus an Téalainn, b'ionann an réigiún seo agus breis agus 15% de luachanna onnmhairí iomlána in 2018. Tá sin i gcomparáid le sciar díreach 7% den luach onnmhairithe bia farraige in 2013, léiriú ar an mbéim a chuir earnáil na hÉireann agus Bord Bia ar an margadh a fhorbairt agus ar a gcuid iarrachtaí bolscaireachta le blianta beaga anuas.

Maidir le feidhmíocht speiceas ar leithligh in 2018, bhí tionchar díreach ag laghdú 10% ar chuótaí ar an méid onnmhairithe in 2018 san earnáil pheiligeach. Cuireadh laghdú 20% ar chuótaí ronnach na hÉireann, rud a raibh tionchar mór aige ar earnáil pheiligeach na hÉireann. Bhí praghsanna agus éileamh ar ronnach na hÉireann láidir, go háirithe san Áise, áit a raibh easpa stoc agus ardú ar phraghsanna ón Iorua, rud a d'fhág gur roghnaigh go leor ceannaitheoirí san Áise ronnach na hÉireann.

Mar thoradh air sin, i ndiaidh na laghduithe ar chuótaí a chur san áireamh, bhí méideanna don bhliain iomlán thíos ach rinne luachanna níos airde cúiteamh air sin. Ba san Áise agus san Eoraip a bhí na margaí peiligeacha ab fhearr in 2018.

Tháinig ardú tuairim is 10% ó thaobh luacha de ar an éileamh ar ronnach na hÉireann sa tSín, agus tháinig ardú 84% ar an éileamh ar bholmán na hÉireann sa tSeapáin. Bhí feidhmíocht mhaith sna margaí Afracacha níos luaithe sa bhliain ach bhí deacrachtaí ann na leibhéil praghsanna nua a bhaint amach. Bhí feidhmíocht mhaith sna príomh-mhargaí san Eoraip chomh maith.

Bhí luachanna onnmhairithe thar a bheith láidre ag sliogiasc na hÉireann le linn 2018 agus an t-éileamh níos airde ná an soláthar in go leor de na margaí a ndéantar onnmhairiú chucu. Fíorghliomaigh reoite an chatagóir onnmhairithe sliogéisc ba mhó in 2018, agus ba iad a bhí i dtuairim is 9% de na honnmhairí bia farraige go léir. Tháinig ardú 30% ar an luach



onnmhairithe don speiceas seo, mar thoradh ar éileamh níos airde sna príomh-mhargaí Eorpacha, le bonn taca ó ardú ar an gcuóta d'Éirinn i gcomhair 2018. Bliain eile d'fhás mór ar luachanna a bhí ag an earnáil oisrí na hÉireann agus tháinig ardú 12% ar luachanna onnmhairithe cé nár tháinig ach ardú 2% ar mhéideanna onnmhairithe.

Onnmhairí oisrí pacáilte chuig an tSín agus Hong Cong atá fós taobh thiar d'fhormhór na ngnóthachan maidir le luach. Tháinig ardú 121% ar onnmhairí an tSín agus ardú níos mó ná 52% ar onnmhairí chuig Hong Cong. Tá portán dearg na hÉireann ar cheann de na príomh-speicis sliogéisc a ndéantar a onnmhairiú gach bliain agus bhí fás an-láidir san earnáil seo arís in 2018 d'ainneoin na ndúshlán maidir le soláthar amhábhair, a chuir bac ar chuma na hearnála próiseála in Éirinn dul i bhfód níos mó i margaí nua don speiceas seo a bhfuil tóir air. Is é portán reoite an chatagóir is tábhachtaí sa réimse seo agus tháinig fás láidir air. Tháinig ardú 15% ar an luach cé go raibh laghdú 16% ar an méid onnmhairí. Éileamh nua sa tSín ba chúis leis an ngnóthachan uile sin, nach mór. Tháinig fás 307%, i dtéarmaí luacha,

ar an éileamh le linn na tréimhse sin. Bhí bliain an-mhaith ag an earnáil portán beo, agus tháinig fás 61% ar luach na n-onnmhairí. Taifeadadh feidhmíocht den scoth sa tSín, ar tháinig ardú 212% ar luachanna i rith 2018. Méadú faoi dhó ar an méid onnmhairithe chuig an margadh ba chúis leis sin, chomh maith le hardú 38% ar an meánphraghas in aghaidh an tona .Tháinig laghdú 2% ar onnmhairí mhoilisc ullmhaithe i rith na bliana, breallaigh agus cuachmaí san áireamh, d'ainneoin an mhéadaithe 24% ar mhéideanna sa tréimhse sin.

Tháinig laghdú 4% ar luachanna chuig an gCóiré Theas, arb í an príomh-mhargadh onnmhairithe i gcónaí í, agus a ndearnadh beagnach 70% den onnmhairiú iomlán sa chatagóir seo chuici. Tháinig ardú 15% ar onnmhairí chuig an tSín agus taifeadadh fás láidir ar onnmhairí chuig Hong Cong; ardú 116% ar an luach i rith na bliana.

Bhí bliain dhúshlánach eile ag an tionscal diúilicíní téide agus cúrsaí thar a bheith iomaíoch i margadh na hEorpa. Níos mó iomaíochta ón tSile agus ón nGearmáin ba chúis leis sin, i bpáirt, agus tháinig laghdú ar an éileamh ó phríomh-mhargaí amhail an Fhrainc agus an Ísiltír mar thoradh air. Mar fhocal níos dearfaí faoin tionscal diúilicíní téide, tá ardú suntasach ar an éileamh ón margadh baile, sna réimsí seirbhíse bia agus miondíola. Is féidir sin a lua, i bpáirt, le feachtas Bhord Bia dar teideal 'Flex Your Mussels', a thug an tríú bliain de bholscaireacht chun críche in 2018. Bhí fadhbanna fós ag táirgeadh bradán in 2018 ó thaobh soláthar rialta a chothabháil don mhargadh.

D'ainneoin gur shroich praghsanna leibhéal ard do bhradán orgánach Éireannach, tháinig laghdú ar an táirgeadh mar gheall nach raibh oibritheoirí in ann láithreáin nua táirgthe a fhorbairt. In 2018, tháinig laghdú 44% ar luachanna onnmhairithe bradáin agus tháinig ardú ar an bpraghas in aghaidh an chileagraim mar gheall ar an éileamh san earnáil bradáin orgánaigh. An margadh sa Fhrainc ba thábhachtaí arís maidir le honnmhairí bradáin Éireannaigh – ba é ba chúis le 56% den luach iomlán, ach tháinig laghdú tuairim is 31% ar an luach in 2018. Laghdú 37% ar mhéideanna onnmhairithe a bhí taobh thiar de sin agus praghsanna ag fanacht láidir (+10%). An Spáinn an príomh-mhargadh atá againn fós d'iasc geal, agus an RA agus an Fhrainc ina diaidh. Is ionann na trí mhargadh sin

Agus os cionn 85% den na honnmhairí iomlána d'iasc geal. Braitheann feidhmíocht na speiceas sin ar chuótaí i gcónaí. Bhí na cuótaí sách cobhsaí in 2018 i gcomparáid le 2017 maidir le speicis d'iasc geal ar an iomlán. Taifeadadh roinnt laghduithe ar an bhfeidhmíocht onnmhairithe i rith 2018.

# ATHBHREITHNIÚ EARNÁLA: GNÓLACHTAÍ BEAGA & GNÓLACHTAÍ ORGÁNACHA



Is é an sainmhíniú a thugann Bord Bia ar earnáil na ngnólachtaí beaga ná gnólachtaí a bhfuil láimhdeachas bliantúil níos lú ná €3.5m acu, a dhéanann ionadaíocht ar na hearnálacha uile ó dheochanna, bia farraige, déiríocht, sainfheoil agus bianna ullmhaithe. Bíonn caidreamh ag Bord Bia le breis agus 700 cliant san earnáil seo, figiúr ina bhfacthas fás

leanúnach le blianta beaga anuas. Bíonn tomhaltóirí ag cuardach bianna le barántúlacht agus bunáitíocht agus leanann soláthraithe áitiúla beaga, le raon éagsúil táirgí, an treocht seo. Earnáil shuntasach í earnáil na ngnólachtaí Beaga Bia agus Dí. Is fiú tuairim agus €300m-€450m í agus leanann sí uirthi ag fás. Léirítear éagsúlacht na hearnála freisin i bpróifíl gnólachtaí; ó nuathionscanta agus ceardaí, go stíl bheatha agus fiontair dírithe ar onnmhairí a fhásann go tapa.

## LÁ OSCAILTE NA nGNÓLACHTAÍ BEAGA

Tionóladh Lá Oscailte na nGnólachtaí Beaga, ócáid bhliantúil, Dé Máirt an 23 Eanáir 2018 in Johnstown Estate Hotel, An Bóthar Buí, Co. na Mí. D'fhreastail 165 duine ar an ócáid. Ag ócáid na bliana seo, iarradh ar tháirgeoirí beaga bia agus dí féachaint chun tosaigh leis an gceist 'an bhfuil do ghnó réidh don todhchaí?'

Cuirtear deis ar fáil ag an ócáid bhliantúil seo an raon iomlán acmhainní atá ar fáil do tháirgeoirí beaga bia, ó Bhord Bia agus ó ghníomhaireachtaí tacaíochta eile, a chur ar taispeáint. Bhí raon leathan seirbhísí faisnéise i láthair ag an ócáid. San áireamh ag deasca Bhord Bia bhí seirbhísí faisnéise agus Origin Green, cláir mhiondíola agus seirbhíse bia, agus airgeadas margaíochta. I measc na ndeasc eile ag gníomhaireachtaí bhí na hOifigí Fiontair Áitiúil, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, Comhlachas na nGnólachtaí Beaga, ISME, Fiontraíocht Éireann, FoodWorks agus Love Irish Food. An tAire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Andrew Doyle TD, a d'oscail an ócáid. I measc na n-aoichainteoirí bhí an Dr. David Hughes ón Imperial College London, David Berry ó Kantar World panel agus cainteoirí ó Bhord Bia lenar áiríodh an Príomhfheidhmeannach, Tara McCarthy; speisialtóirí ón bhfoireann Léargais, Grace Binchy agus Bainisteoir Sinsearach Bia & Dí Do Ghnólachtaí Beaga, Karen Tyner. Bhí painéal táirgeoirí ann ar an lá, le hionadaithe ó Honest Bakery, Veggie Heroes, Lismore Food Company agus Poachers Premium Beverages.

## STAIDÉAR CAINNÍOCHTÚIL AR GHNÓLACHTAÍ BEAGA

Ceann de na gníomhartha a luadh in *Food Wise* 2025,straitéis Earnálach a fhorbairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, ina leagtar amach tacaíochtaí, spriocanna agus dea-chleachtas do na cuideachtaí sín ó thaobh tosú amach, forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh chuig 2025.  I ndáil



leis sin, agus mar aitheantas ar thírdhreach athraitheach na hearnála le blianta beaga anuas, choimisiúnaigh Bord Bia taighde i R4 2017 chun earnáil na ngnólachtaí beaga in Éirinn a chainníochtú chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais gnólachtaí beaga.

Rinneadh dian-agallaimh duine-le-duine le breis agus 20 táirgeoir ghnólacht bheag ó ar fud na hÉireann ag deireadh 2017. Forbraíodh suirbhé ar líne lena chinntiú go bhfaighfí ionadaíocht fhairsing ar earnáil na ngnólachtaí beaga, ó ghnólachtaí nuathionscanta nó cinn a bhí díreach i ndiaidh tosú amach, go dtí táirgeoirí níos seanbhunaithe a raibh láimhdeachas suas go €3.5m acu.

Tugadh torthaí ón taighde sin chun críche agus cuireadh i dtoll a chéile iad do Bhord Bia i R1 2018. Áirítear ar chuid de na príomh-thorthaí:

- Is iad Baile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh agus Port Láirge atá chun tosaigh san earnáil ó thaobh méid na ngnólachtaí.
- Tá meon gnólachtaí beaga thar a bheith soirbhíoch, feiceann siad go leor deiseanna agus tá cabhair uathu chun teacht orthu.
- Meastar go bhfuil onnmhairiú ríthábhachtach ó thaobh pleananna don todhchaí agus tá cabhair ó ghnólachtaí beaga chun custaiméirí nua san Eoraip a shainaithint agus chun rochtain a fháil orthu.
- Tá deiseanna ann maidir le díolacháin, oibríochtaí (BRC etc.) agus inbhuanaitheacht, agus iarrfaidh na gnólachtaí seo ar Bhord Bia cabhrú leo sna réimsí sin.
- Tá scileanna tráchtála praiticiúla ríthábhachtach chun cabhrú le gnólachtaí a n-uaillmhianta a bhaint amach agus féachtar ar Bhord Bia mar phríomh-éascaitheoir maidir leis sin. An dúshlán atá roimh Bhord Bia, an tacaíocht a choimeád praiticiúil agus saincheaptha ar feadh earnáil atá éagsúil agus dinimiciúil.

## STRAITÉIS BHORD BIA MAIDIR LE GNÓLACHTAÍ BEAGA 2019 - 2021

Tá obair tugtha chun críche ag Bord Bia ar an straitéis margaíochta tráchtála d'earnáil na ngnólachtaí beaga. Beidh an straitéis chríochnaithe mar bhonn faisnéise do thacaíochtaí Bhord Bia agus do thionscnaimh forbartha cumais d'earnáil na ngnólachtaí beaga ó 2019-2021.

De ghnáth, díríonn gnólachtaí beaga ar an margadh baile, bíonn siad óg (<10 mbliana), bíonn siad féinmhaoinithe den chuid is mó agus fostaíonn siad níos lú ná deichniúr, ach beartaíonn siad cur go mór leis an líon daoine fostaithe sin. Soláthraíonn níos mó ná 30% de na gnólachtaí níos seanbhunaithe branda miondíoltóra, agus is iad onnmhairí is cúis le 16% den láimhdeachas laistigh den AE a thuairiscítear, leis an RA ar an margadh onnmhairithe is mó acu. Baineann níos mó ná leath de na cuideachtaí a dhéanann onnmhairiú (54%) leas as dáileoirí, agus déanann 44% onnmhairiú go díreach chuig a gcustaiméirí deiridh.

Is í fís Bhord Bia do ghnólachtaí beaga gur 'ghnólachtaí uathúla bia agus di iad a aithneofar sa bhaile agus go hidirnáisiúnta mar tháirgeoirí oilte agus cruthaitheacha. Lorgóidh custaiméirí géarchúiseacha a dtáirgí ardcháilíochta agus fíor uathúla.'

Sa straitéis, roinntear gnólachtaí beaga ina gcuideachtaí de réir cineáil: Ceirde, Seanbhunaithe, Nuathionscanta agus I mBun Fáis Bíonn tacaíochtaí saincheaptha de dhíth ó gach cineál, agus forbrófar iad chun tacú le cuideachtaí i gcúig phríomhréimse:

1. Eolas agus treoir chuig tacaíochtaí ábhartha
2. Tacaíochtaí ar líne agus cláir bhunleibhéil maidir le miondíol agus seirbhís bhia
3. Ceardlanna cumais agus fiontraíocht
4. Líonraí ábhartha a chruthú
5. Cabhrú le daoine ábhartha a chur in aithne dá chéile

## *Vantage* BHORD BIA

Is éard atá in Vantage Bhord Bia, treoir shaindírithe acmhainní ar líne Bhord Bia do ghnólachtaí beaga, ag www. bordbiavantage.ie.

Tugtar próifílí ar an láithreán gréasáin don phobal ghnólachtaí beaga bia agus dí, chomh maith le sonraí faoin margadh, agus faoi imeachtaí trádála agus tomhaltóra. Tugadh breis agus 23,000 cuairt ar an láithreán in 2018 agus bhain na codanna is mó ar tugadh cuairt orthu le gnólacht bia a chur ar bun, forléargais ar earnálacha, forbairt ghnó, acadamh bia agus imeachtaí.

## BEALAÍ I dTREO AN MHARGAIDH

I dtéarmaí bealach chun margaidh ó pheirspictíocht mhargadh na hÉireann, tairgeann Bord Bia raon tacaíochtaí do chliaint ghnólachtaí beaga.

Is comhthionscnamh é Food Academy de chuid Bord Bia, SuperValu agus Oifigí Fiontair Áitiúla (LEO).Forbraíodh Food Academy in 2013 agus mar sin bhí sé cúig bliana ar an bhfód in 2018. Tá an clár tugtha chun críche ag os cionn 750 cuideachta, agus chuaigh earraí ó 49 dtáirgeoir nua isteach i siopaí Supervalu in 2018. Bhí gach LEO sa tír páirteach sa Food Academy, astu féin nó le LEO máguaird.

Seoladh *Grow with Aldi* in 2018, i gcomhar le Bord Bia. i mí Lúnasa 2018, liostaíodh 71 táirge Éireannach, arna ndéanamh ag 38 soláthróir, i siopaí Aldi ar fud na tíre mar chuid de phromóisean Aldi' dar teideal Specialbuys Irish Food. Ag tús an Chomórtais Náisiúnta Treabhdóireachtai i mí Mheán Fómhair, fógraíodh na cúig bhuaiteoirí sa chlár, agus cuireadh gach duine díobh ar an liosta ar feadh bliana. Cuireadh dhá chuideachta eile ar an liosta ar bhonn séasúrach.

Reáchtáladh clár *Kick Start* de chuid Lidl, i gcomhar le Bord Bia, don dara bliain, chun deis a thabhairt do sholáthróírí bia agus dí na hÉireann a dtáirgí a chur ar taispeáint agus a ngnólachtaí a fhás i siopaí Lidl ar fud na tíre. Tionóladh dhá phromóisean i siopaí Lidl in 2018. Bhí 39 gcuideachta rannpháirteach sa phromóisean i mí an Mhárta agus bhí 29 gcuideachta rannpháirteach sa cheann i mí Mheán Fómhair.

Rinne Bord Bia agus an líonra LEO an *clár Food Starter* a fhorbairt chun cabhrú le cuideachtaí atá ag tosú amach ar ghnólacht bia a fhorbairt. Cuireadh tús leis an obair ar an gclár sin i mí na Samhna 2017 agus rolladh amach é chuig gach LEO ag tús 2018. Cuirfidh LEOanna ar leithligh an clár dhá lá ar fáil mar chlár bunúsach agus

Beidh sé ina réamhriachtanas do Food Academy Start.

Reáchtáiltear *FoodService Academy* de chuid Bord Bia i gcomhpháirtíocht le Musgrave MarketPlace agus tá sé dírithe ar thacaíocht agus ar threoir shaincheaptha dá ngnólachtaí a chur ar fáil do rannpháirtithe. Féachann an clár le cabhrú leis na táirgeoirí atá rannpháirteach ann díolacháin sa mhargadh seirbhíse bia, nó sa mhargadh taobh amuigh den bhaile a fhás. Leis an tionscnamh sin, cuirtear deis ar fáil freisin fás a bhaint amach laistigh de ghnó seirbhíse bia Musgrave MarketPlace, a sholáthraíonn do bhreis agus 6,000 custaiméir gach seachtain, ó óstáin agus bialanna go tithe tábhairne agus tithe altranais.

### Oiliúint do mhargadh na bhfeirmeoirí

Tá ról ríthábhachtach i gcónaí ag margaí bia (nó margaí feirmeoirí) agus bealaí díreacha eile chun margaidh do chuideachtaí atá ag an gcéim thionscanta agus ina dhiaidh trí rochtain ar riosca íseal chun an mhargaidh a chur ar fáil agus aiseolas díreach tomhaltóra. Aithníonn *Food Wise 2025* an tábhacht a bhaineann le díol díreach agus áirítear ann moladh maidir le ceardlann forbartha chun díol go díreach chuig tomhaltóirí a thabhairt isteach. Chuir Bord Bia clár ceardlann réigiúnach ar fáil in 2018 chun cabhrú le tacú le comhaltaí nua agus reatha den líonra margaí bia agus iad ag féachaint lena ngnó a fhás go díreach le tomhaltóirí. Bord Bia a chuireann an oiliúint ar fáil i gcomhar le Margaret Hoctor as Kilmullen Farm, a bhfuil an-taithí aici ina sealbhóir stainnín margaidh. Tá an-tóir ar an tionscnamh seo i gcónaí, agus bhí 82 rannpháirtí ann in 2018. Cuirfear tuilleadh ceardlann do dhíoltóirí ar fáil i mí an Mhárta 2019.

## FOODWORKS

Oibríonn FoodWorks, príomhchlár géaraithe na hÉireann do ghnólachtaí nuathionscanta bia agus dí, le líon beag foirne bia nuathionscanta ardionchais a bhfuil smaoineamh gnó láidir bia acu.

Tá sé d'aidhm ag an gclár, á reáchtáil ag Bord Bia, Fiontraíocht Éireann agus Teagasc, idéanna do tháirge nua nuálach a chothú agus a spreagadh a shásaíonn fíor-riachtanas margaidh agus a thacaíonn le fás tionscal bia na hÉireann ar scála domhanda. Ó 2012 i leith, d'oibrigh FoodWorks le 85 ghnó tionscanta i bhforbairt idéanna gnó inscálaithe agus dírithe ar onnmhairiú.

In 2018 freisin, d'oibrigh Bord Bia le Roinnt de na príomh-ambasadóirí gnó in Éirinn chun cabhrú leis an gcéad ghrúpa eile sa tsraith fiontraithe bia agus dí agus gnólachtaí nuathionscanta ardionchais a fhorbairt. David McKernan, Java Republic; Ann Murray, Lír Chocolates; Paddy Callaghan, Natures Best; Pat Rigney, The Shed Distillery, Stephen Twadell,

Food Investor & Business Coach; Larry Murrin, Dawn Farm Foods agus John O'Brien, O'Brien Fine Foods, na hambasadóirí i gceist.

Ar bhuaicphointí ratha an chláir go dtí seo:

- Tá rath ó thaobh onnmhairiú bainte amach cheana féin ag ceann as gach cúig cinn.
- Tá ceithre mór-roinn i gceist leis na margaí domhanda a sroicheadh: an Eoraip, an Afraic, an Áise agus Meiriceá Thuaidh.
- Aimsíodh breis agus €2.5m e mhaoiniú ó Fhiontraíocht Éireann.

I ndiaidh an phróisis iarratais fhoirmiúil, rachaidh cúig chuideachta rathúla isteach sa chlár FoodWorks 2019 ag tosú i mí Eanáir 2019. Chabhraigh an t-aiseolas is mó a fuarthas ó na hambasadóirí, eadhon aird a dhíriú ar líon níos lú cuideachtaí ardionchais, chun na rannpháirtithe deiridh le haghaidh 2019 a roghnú.

## BLOOM 2018

Cuireann an Margadh Bia ag Bloom ardán do mhargaíocht, promóisean agus forbairt ghnó ar fáil do tháirgeoirí beaga bia. 69 táirgeoir bia agus dí rannpháirteach i margadh bia ag Bloom in 2018 lena n-áirítear 17 dtaispeántóir nua.

Thug an líon ba mhó daoine riamh cuairt ar Bloom i rith na gcúig lá a reáchtáladh é, ba é sin 120,000. Is gné seanbhunaithe ag Bloom é an Margadh Bia agus is deis taispeántais thábhachtach é freisin do tháirgeoirí le breis agus 200 ceannaitheoir trádála, as Éirinn agus ón RA ag freastal ar fháilte thrádála de chuid Bord Bia ag an imeacht. Méadaíonn an Margadh Bia feasacht ar chuideachtaí bia nua agus níos lú agus cuireann deis ar fáil freisin do chuideachtaí bia dul i ngleic leis an tomhaltóir agus díol go díreach leis. Bhí an sráidbhaile bia ag Bloom ina óstach freisin ar 24 táirgeoir beaga dí lena n-áirítear 14 dtaispeántóir céad uaire, i gcampa an Bloom Inn.

## BIA ORGÁNACH

Cé go bhfuil an earnáil orgánach in Éirinn fós sách beag i gcomparáid leis an talmhaíocht ina iomláine, tá fás nach beag ag teacht uirthi faoi láthair.

Tá 2,127 oibritheoir orgánach in Éirinn faoi láthair, agus is feirmeoirí

iad os cionn 1,700 díobh. Tá leathnú ollmhór tagtha ar an achar talún faoi tháirgeadh orgánach faoin gClár Forbartha Tuaithe reatha, a bhuíochas den tsraith Tacaíochtaí a cuireadh i bhfeidhm. Léiríonn na figiúirí is déanaí go bhfuil tuairim is 72,000 heicteár faoi tháirgeadh orgánach faoi láthair, ardú beagnach 50% ar chúrsaí ag tús an chláir in 2014.

Bunaíodh Grúpa Straitéiseach na hEarnála Orgánaí i mí an Mhárta 2018 chun straitéis a fhorbairt chun an earnáil bia orgánach a fhorbairt don tréimhse go dtí 2025. Tá an grúpa comhdhéanta d'ionadaithe ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teagasc, Bord Bia, BIM, chomh maith leis na heagraíochtaí feirmeoireachta IFA, ICMSA, ICSA agus raon leathan páirtithe leasmhara ó na hearnálacha feoil, déiríocht, gairneoireacht, gránach agus dobharshaothrú orgánach.

Mar bhonn taca leis an straitéis seo tá fís maidir le bia orgánach na hÉireann, bunaithe ar a thréithe táirgthe nádúrtha, é a bheith mar rogha is mian le feirmeoirí, tomhaltóirí agus miondíoltóirí. An cuspóir foriomlán leis an straitéis, tuilleadh forbartha a dhéanamh ar earnáil bia orgánach inmharthana in Éirinn, agus cur le hinbhuanaitheacht dhintiúirí bhia na hÉireann trí bhíthin raon leathan táirgí orgánacha a tháirgeadh chun freastal ar na deiseanna atá ag méadú sa mhargadh baile agus sa mhargadh onnmhairithe.

Chomhordaigh Bord Bia seastán na hÉireann ag Biofach, an seó trádála orgánach is mó ar domhan, a tionóladh in Nuremberg na Gearmáine (14-17 Feabhra, 2018).

Mheall an seó ceithre lá os cionn 50,000 cuairteoir ó 134 thír. In 2018, bhí 91% de na cuairteoirí rannpháirteach i gcinntí ceannaigh ina gcuideachtaí. Is í sprioc Bhord Bia feasacht agus eolas ar earnáil orgánach na hÉireann a mhéadú i measc ceannaitheoirí trádála i spriocmhargaí ábhartha, a ndéantar teagmháil leo go léir roimh an imeacht. Agus Origin Green mar théama uileghabhálach an seastáin, thug Bord Bia le fios gur solathróir inbhuanaithe, glas, glan í Éire. Thaispeáin naoi gcuideachta orgánach a gcuid earraí ar an seastán in 2018, ina measc bia farraige (4), bianna ullmhaithe, (2), déiríocht (2) agus feoil (1).

Bhí an tAire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Andrew Doyle TD, i láthair ag BioFach 2018 i mí Feabhra áit ar fhreastail sé ar chruinniú trádála ag Denn Biomarkt, slabhra miondíola orgánach de chuid na Gearmáine. Glacadh go han-mhaith leis an rannpháirtíocht ag BioFach 2018 agus rinneadh gnó ag an seó agus ina dhiaidh.

Léiríodh mian láidir a bheith rannpháirteach arís ag an lucht taispeántais in 2018 agus dá bharr sin, chuir Bord Bia spás in áirithe arís ag an seó agus comhlánaíodh an phobalbhreith do 2019 i R4 de 2018.

Déantar ceiliúradh ar ghnóthachtálacha líon saothróirí agus déantúsóirí bia agus dí orgánach na hÉireann, líon atá ag fás ag na *Gradaim Orgánacha Náisiúnta*, arna n-eagrú ag Bord Bia i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Tionóltar na gradaim gach re bliain agus tugann siad aitheantas ar fhorbairtí san earnáil i bpríomh-chatagóirí, faoi mholtóireacht phainéal saineolaithe. Thug gradam nua in 2018 aird ar éachtaí inbhuanaitheachta agus ar rannchuidiú

táirgeoirí orgánacha lena bpobail áitiúla.

Rinneadh an mholtóireacht le haghaidh na ngradam i gceanncheathrú Bhord Bia Dé Céadaoin an 12 Meán Fómhair. Rinne foireann saineolaithe tionscail as Éirinn agus as an bhFrainc moltóireacht ar na sé chatagóir agus léirigh siad cur chuige iomlánaíoch ar an moltóireacht, ag cur san áireamh blas, brandáil agus luach ar airgead an táirge maidir le gach a bhí san iomaíocht.

Ba iad seo a leanas buaiteoirí na ngradam:

1. Gradam na Chefanna: buaite ag Rivers field Organic Farm as a meascán Trátaí Silín.
2. Gradam Miondíola: buaite ag Irish Country Meats as a leath-rí uaineola orgánach Good Herdsman.
3. Gradam Díola Dírigh: buaite ag Highbank Organic Orchards & Distillery as a Sack No 3 Pommeau 2016.
4. Gradam an tSaineolaí: buaite ag The Little Milk Company as a Organic Cashel Blue.
5. An Táirge Nua agus Nuálach is Fear: buaite ag Beechlawn Organic Farm as a Curly Kale i mbithmhála inmhúirínithe.
6. An Gradam Gnó sa Phobal: buaite ag Feirm Orgánach Pobail Tithíochta Slí Eile.

Fuarthas breis agus 200 iontráil ó 50 cuideachta le haghaidh na ngradam, a reáchtáladh ag ceanncheathrú Bhord Bia i mí Dheireadh Fómhair. Bhí lón orgánach ann i ndiaidh na ngradam, ina raibh comhábhair as gach ceann de na cuideachtaí ar an ngearrliosta.

Fuair gach buaiteoir sparánacht arbh fhiú €12,000 chun tacú le fás agus forbairt a ghnólachta orgánaigh.

Bhí an earnáil orgánach i láthair ag Bloom in 2018 chomh maith agus tarraingíodh aird ar tháirgeoirí orgánacha sa mhargadh bia a úsáideann lógó orgánach an AE de dhuilleog mar chomharthaíocht.

## FEOIL ORGÁNACH

### Gníomhaíochtaí onnmhairithe feola

Tugadh faoi raon tionscnamh le linn 2018 chun feasacht ar mhairteoil agus ar uaineoil orgánach a chothú agus a fhorbairt. Bhí rannpháirtíocht agus ionchur leanúnach ó phróiseálaithe agus ceapadh na gníomhaíochtaí bolscaireachta timpeall ar phríomh-mhargaí mar a bhfuil breac-chuntas air thíos.

### An Ríocht Aontaithe

Ag tógáil ar an mbolscaireacht rathúil a rinneadh maidir le mairteoil orgánach Éireannach SBLAS leis an miondíoltóir ar líne is rathúla Ocado in 2017, reáchtáladh an dara comórtas/promóisean i mí an Mhárta 2018. Leis an gcomórtas seo, neartaíodh an caidreamh le Ocado a dhéanann róthrádáil 9% den chatagóir orgánach. Tháinig ardú 19% ar dhíolacháin mar thoradh ar an gcomórtas.

### An Ghearmáin

Tionóladh ócáid bolscaireachta do mhairteoil orgánach na hÉireann sa slabhra miondíola orgánach is mó sa Ghearmáin, Denn Biomarkt in Nürnberg.

### An Iodáil

Cuireadh mairteoil orgánach na hÉireann chun cinn i measc custaiméirí seirbhíse bia an Aonaigh Thrádála Inmheánaigh Woerndle.

Bhí níos mó ná 1,000 cuairteoir agus 21 taispeántóir ann agus blaiseadh beagnach tona  feola.

D'fhreastail lucht preasa na hIodáile ar an ócáid, ina measc Rai TGR.

### Rannpháirtíocht Trádála

Le linn na bliana, chabhraigh Bord Bia le próiseálaithe Éireannacha le brandaí a fhorbairt agus le gaolta a thógáil le custaiméirí sna príomh-mhargaí, trí bhíthin cuairteanna staidéir isteach agus amach.

# ATHBHREITHNIÚ EARNÁLA:GAIRNEOIREACHT



## AN MARGADH TÁIRGE ÚIR MIONDÍOLA

Bhí luach €1.5bn ar an margadh táirge úir in 2018, torthaí faoi ndear €768m, glasraí €573m agus prátaí €195m. Chuir méadaithe ar an meánphraghas agus meánmhéid a ceannaíodh in aghaidh an turais le luach an mhargaidh mhiondíola in 2018.

### Séasúr fáis dúshlánach in 2018

Bhí séasúr fáis 2018 ar an gceann ba dhúshlánaí le blianta beaga anuas. Bhí tionchar mór ag roinnt imeachtaí aimsire, ó stoirmeacha go sneachta trom go triomach, ar an séasúr fáis i dtéarmaí torthaí agus cáilíocht na dtáirgí. Chuir an sneachta agus an fuacht leanúnach ag tús na bliana moill ar phlandáil agus chuir siad bac ar fhás luath.

Bhí tionchar ag an earrach fionnuar ar an éileamh luath ó thomhaltóirí ar phlandaí garraíodóireachta. Tháinig ardú ar an teocht ag deireadh an earraigh agus ag tús an tsamhraidh agus tháinig feabhas ollmhór ar choinníollacha fáis, agus ar an margadh le haghaidh plandaí. Bhí tionchar suntasach ag an triomach sa samhradh ar fhás barr, go háirithe prátaí agus barra glasraí faoin aer. Bhí roinnt caillteanas barr agus bhí laghdú ar thorthaí. Chuir saothróirí uisce ar bharra nuair ab fhéidir ach ní raibh an rogha sin ann i ngach áit. Bhí leibhéal báistí níos normálta ann amach sa samhradh agus san fhómhar, chomh maith le teochtaí maithe, rud a d'fhág go raibh coinníollacha maithe fáis ann sa dara leath den bhliain, agus feabhas suntasach ar thorthaí agus ar cháilíocht.

Cuireadh luach €437m ar an aschur gairneoireachta in 2018, le breis agus 80% den luach ag teach ó na barraí bia agus an chuid eile ó bharra taitneamhachta. Muisiriúin agus prátaí an dá bharr ba shuntasaí ó thaobh luach de.

### Muisiriúin

In 2018, tugadh luach ag geata na feirme de €117m ar an tionscal muisiriún agus táirgeadh 66,800 tona muisiriún. Onnmhairítear 80% den táirgeadh ón tionscal muisiriún chuig margadh na RA agus mar sin, ba í an earnáil gairneoireachta ba mhó a raibh tionchar uirthi ag an luaineacht airgeadra i ndiaidh an vóta faoin mBreatimeacht. Tugadh faoi roinnt beart, sa tionscal agus ag gníomhaireachtaí tacaíochta, chun dul i ngleic leis na dúshláin a cruthaíodh leis an mBreatimeacht, ina measc costais ionchuir a laghdú, bainistiú airgeadra, arduithe praghsanna a lorg ón margadh agus gníomhaíochtaí bolscaireacht sa mhargadh.

Is í an RA an t-aon mhargadh onnmhairí do mhuisiriúin na hÉireann. Laghdaigh onnmhairí de 5% ó thaobh méide i gcomparáid le 2017.

Feidhmíocht réasúnta í sin i bhfianaise na gcorrlach níos ísle mar thoradh

ar an laghdú ar luach an steirling. Tá fás maith 4% ar mhéideanna a léiriú sa mhargadh miondíola muisiriún sa RA ar an iomlán agus tá díolacháin mhiondíola ar an ráta is airde riamh. Maidir leis an margadh baile, bhí díolachán muisiriún cobhsaí, ar leibhéal comhchosúil le 2017.

### Prátaí

Measadh gurbh ionann táirgeadh prátaí in 2018 agus 245,000 tona , a bhí níos ísle ná an táirgeadh in 2017. An aimsir ba chúis leis sin, i bpáirt mhór agus bhí torthaí níos ísle ann de bharr chur níos déanaí agus barr laghdaithe. Bhí an t-achar fáis níos lú ná 8,000 heicteár agus measadh gur €80m a bhí ar an luach táirgthe ag geata na feirme do 2018. Is é Rooster an príomhchineál i gcónaí agus ar phríomhchineálacha eile áirítear Kerrs Pink, Queens agus cineálacha do tháirgeadh criospaí. An margadh baile an príomh-mhargadh don tionscal prátaí agus Cuireadh luach €195m air in 2018 ar an leibhéal miondíola. Measadh gur os cionn 209,000 tona a bhí sa mhéid díolacháin. Léiríonn sé seo téarnamh sa mhargadh sin tar éis titim ar feadh roinnt blianta.

### Glasraí páirce

Bliain dhúshlánach ar an iomlán a bhí in 2018 do tháirgeadh glasraí páirce, mar a luadh roimhe seo, mar thoradh ar dhrochaimsir agus ar choinníollacha aimsire athraitheacha. Triomach a d'imir an tionchar ba mhó. Tá os cionn 4,000 heicteár de tháirgeadh glasraí páirce agus measadh gur €76m an luach táirgthe ag geata na feirme do 2018. Tá barraí brasacha agus fréimhe ar na príomhbharraí a fhástar. I gcúige Laighean atá an táirgeadh glasraí is mó. Cuireadh luach €573m ar an bpríomh-mhargadh miondíola baile do ghlasraí (lena n-áirítear glasraí cosanta) in 2018.

### Barraí glasraí cosanta

Is iad trátaí, cúcamair, leitís agus luibheanna na príomh-bharra san earnáil seo ar a raibh luach aschuir €34m in 2018, an chuid ba mhó de le díol sa mhargadh miondíola in Éirinn. Tá roinnt arduithe tagtha le blianta beaga anuas ar limistéir áirithe le haghaidh fáis i dtithe gloine, agus rinneadh roinnt infheistíochtaí nua. Bhí coinníollacha maithe fáis ann i rith 2018 agus go leor gréine le haghaidh barr a fhástar i dtithe gloine, rud a chabhraigh leis an éileamh leanúnach maith ar chomhábhair shailéid le linn an tsamhraidh. Is iad trátaí an líne glasraí is mó a cheannaítear i gcónaí i measc táirgí úra ar an leibhéal miondíola.

### Barra torthaí

Cuireadh luach ar luach aschuir na hearnála torthaí boga in 2018. Déantar an chuid is mó de thorthaí boga a tháirgeadh anois faoi chosaint ghloine nó polaitéine. Sa mhargadh torthaí boga, is iad sútha talún an barr is tábhachtaí, le séasúr fáis a mhaireann ó luath Aibreáin go dtí mí na Nollag.

D'ainneoin an tsneachta throm go luath sa bhliain a rinne damáiste do roinnt tollán fáis, bhí tionchar ag an earrach fionnuar agus na teochtaí an-arda sa samhradh ar thorthaí roinnt barr. Bliain fáis réasúnta mhaith a bhí ann do thorthaí boga agus bhí éileamh láidir ann tríd is tríd. Tháinig fás ar an éileamh ar chaora eile amhail sútha craobh agus fraocháin ghorma.

Measadh gur €9m a bhí ar luach aschuir úlla a fásadh sa bhaile in 2018. Cuireadh úlloird nua le blianta beaga anuas, go háirithe le húsáid chun sú a dhéanamh.

Is í an chatagóir torthaí an chatagóir táirge úir is mó ar a raibh luach miondíola €768m in 2018. Is iad úlla agus sútha talún an dá phríomhbharr torthaí a tháirgtear in Éirinn.

### Barra taitneamhachta

Áiríodh go raibh luach breis agus €75 milliún ar an aschur ón earnáil taitneamhachta in 2018. Léiríonn an tomhas is déanaí ar an margadh garraíodóireachta go bhfuil luach €795m ar an margadh taitneamhachta – mar a thomhaistear ag caiteachas an tomhaltóra – agus go bhfuil fás ag teacht air. B'ionann sin agus fás 9% ar an tomhas deiridh a rinneadh in 2016.

As sin, caitheadh €282m sa chatagóir plandaí agus bláthanna. Tá deiseanna don earnáil á gcruthú ag téarnamh sa gheilleagar agus san earnáil tógála.

Maidir le honnmhairiú, braitheann an earnáil gairneoireachta go mór ar an RA le haghaidh díolachán agus d'ainneoin

athruithe suntasacha ar an airgeadra mar thoradh ar an mBreatimeacht, d'éirigh le saothróirí plandaí, crann Nollag, duilliúr gearrtha agus bláthanna a gcuid onnmhairí chuig an mBreatain Mhó agus Tuaisceart Éireann a choimeád cobhsaí nó a mhéadú. Tháinig ardú ar luach iomlán na n-onnmhairithe ó €17.9m go €18.5m.

Is ionann stoc plandlainne crua agus €7.3m d'onnmhairí agus rinne onnmhaireoirí bleibeanna agus bláthanna gearrtha díolacháin arbh fhiú €1.6m iad in 2018. Tá dul chun cinn maith déanta ag táirgeoirí duilliúir ghearrtha i Margadh buacach mhór-roinn na hEorpa mar chúiteamh a dhéanamh ar an mBreatimeacht agus tháinig ardú go dtí €4.8m ar dhíolacháin. Léirigh an brabús ó chrainn Nollag sa RA gur choimeád táirgeoirí a luach onnmhairithe de €4.8m.

## PROMÓISIN GHAIRNEOIREACHTA

### Cur Chun Cinn Muisiriún

Cuirfear an feachtas €2m *"Mushrooms Complement Everything"*, arna mhaoiniú ag an AE agus ag an tionscal i bhfeidhm i rith na tréimhse 2018 – 2021. Cuireadh tús leis in April 2018 agus rinneadh an dara céim gníomhaíochta maidir leis i mí Dheireadh Fómhair. Díríonn teachtaireacht an fheachtais ar mhuisiriúin a mheascadh le feoil - 'Bring on the Blend'. Ullmhaíodh líon mór sócmhainní digiteacha, ina measc 10 n-oideas físeáin nua, le húsáid ar Instagram ach go háirithe, a bhfuil

an ráta rannpháirtíochta is airde aige as na hardáin mheán sóisialta go léir. Chonaic breis agus 1.1m na físeáin i rith céim gníomhaíochta Dheireadh Fómhair, agus ba 1.8m an líon iomlán amharc ar ábhar físe sa bhliain.

**Cur chun cinn prátaí**

Tháinig deireadh le feachtas bolscaireachta an AE do phrátaí, *'Potatoes More Than A Bit On the Side'*, i mí Iúil 2018. Bhí torthaí maithe ag an bhfeachtas, tríd is tríd agus baineadh amach na spriocanna go léir a leagadh amach. Tá stop tagtha ar an meath sa mhargadh miondíola prátaí agus tá fás go dtí 210,000 tona in aghaidh na bliana tagtha air (ó íosphointe 162,000 tona ag tús an fheachtais). Ar na príomhghníomhaíochtaí áirítear fógraíocht allamuigh, i gcló agus ar líne mar aon le cumarsáid shuntasach ar na meáin sóisialta thar roinnt ardán digiteacha.

Léirigh rianú taighde ar thomhaltóirí go ndeachaigh feasacht faoin fheachtas agus na príomhtheachtaireachtaí i bhfeidhm ar thomhaltóirí agus gur spreag siad méadú ar an tomhaltas.

**Promóisean Garraíodóireachta**

Lean an feachtas promóisin tomhaltóra garraíodóireachta dar teideal GróMór chun spreagadh a thabhairt don aoisghrúpa 35 go 45 dul i mbun garraíodóireachta, in 2018. Is tionscnamh é seo den ghrúpa lárionad garraíodóireachta faoi scáth Feabhas Miondíola Éireann agus tacaíocht aige ó thionscal an stoic plandlainne agus ó Bhord Bia. Ar an ngníomhaíocht áirítear PR, fógraíocht, feachtas ar na meáin shóisialta agus ar an láithreán gréasáin. D'éirigh go maith leis an bhfeachtas tríd is tríd agus sáraíodh an méadrach do 2018.

***Celebrate Strawberry Season***

Rinneadh roinnt athruithe ar an bhfeachtas in 2018. Athraíodh ainm an fheachtais bholscaireachta ó *'Celebrate Strawberry Week'* go dtí '*Celebrate Strawberry Season*', rud a chuir síneadh leis an tréimhse bolscaireachta agus a chuimsigh raon gníomhaíochtaí athbhreithnithe ar feadh an tséasúir fáis go léir.

Tharla an phríom-chéim gníomhaíochta den fheachtas i lár Meithimh agus bhí go leor gnéithe éagsúla i gceist leis, amhail bolscaireacht ar an bpacáiste, urraíocht teilifíse agus raidió, chomh maith le cumarsáide sna meáin chlóite. Sroicheadh os cionn 578,000 duine sa chéad tseachtain den fheachtas trí bhíthin na gcumarsáidí teilifíse, raidió agus clóite.

Bhí sár-thaispeántas sútha talún na hÉireann ag Bloom, ar ar fhreastail os cionn 120,000 cuairteoir. San áireamh bhí blaiseadh cineálach de shútha talún na hÉireann agus cuairteanna ó 1,000 dalta bunscoile agus a gcuid múinteoirí. I measc na ngníomhaíochtaí feachtais eile bhí comórtas náisiúnta do bhunscoileanna, ócáide seolta ag Haughton House, Zú Bhaile Átha Cliath agus gné-alt fógraíochta san iris Easy Food, a bhfuil os cionn 75,000 Léitheoir aici. Díríodh go mór ar na meáin dhigiteacha agus bhí oidis nua agus físeáin oideas mar chuid den ábhar.

Sroicheadh beagnach250,000 duine ar Facebook agus bhí os cionn 2,000 amharc ar an láithreán gréasáin i rith an fheachtais shéasúraigh iomlán.

**An Clár Food Dudes**

Cuirtear Scéim Ghlasraí agus Thorthaí Scoile an AE i bhfeidhm in Éirinn



tríd an gClár Bia Sláintiúil *Food Dudes*. Is tionscnamh athrú iompair dreasaithe fianaisebhunaithe é an Clár Food Dudes atá á bhainistiú ag Bord Bia agus maoinithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara agus ag an Aontas Eorpach. Tá mar aidhm leis an gClár Food Dudes tomhaltas torthaí agus glasraí a mhéadú go leanúnach i measc daltaí bunscoile trí bhíthin torthaí agus glasraí a chur ar fáil le go mblaisfear iad arís is arís eile i gcaitheamh tréimhse idirghabhála 16 lá. Tacaítear leis sin trí bhíthin bearta coimhdeacha i bhfoirm eiseamláirí (Laochra *Food Dudes*) agus duaiseanna beaga (bíonn céim bhaile ann ina dhiaidh sin, ina dtugtar isteach torthaí agus glasraí ón mbaile ar feadh roinnt seachtainí). Cuirtear táirgí úra ar fáil do scoileanna ar laethanta breise blaiste. In 2018, ghlac líon iomlán de 825 scoil agus os cionn 135,000 dalta páirt i gclár atreisithe *Food Dudes*. Rinneadh athbhreithniú agus athbheochan ar roinnt de na gnéithe sa chlár i rith na bliana, ina measc DVDanna, láithreán gréasáin agus ábhar clóite an chláir a nuashonrú.

Rinneadh tástáil phíolótach freisin ar bhearta coimhdeacha nua a chuirfear i ngníomh nuair a dhéanfar an clár a rolladh amach sa todhchaí.

### *Incredible Edibles*

Is clár scoil-bhunaithe é *Incredible Edibles* a bhfuil mar aidhm leis leanaí a spreagadh chun a dtorthaí agus a nglasraí féin a fhás ar scoil agus sa bhaile, agus mar sin cur leis an bhfeasacht ar an ról atá acu in aiste bia fholláin agus chothrom. An tionscal gairneoireachta agus Bord Bia a dhéanann cómhaoiniú air, le tacaíocht ón Roinn Talmhaíochta, ón Roinn Oideachais agus ón Roinn Sláinte. Déantar an clár a bhainistiú ar leibhéal na scoile ag an gcomhlacht oideachais agraibhia Agri Aware. Ghlac líon iomlán de 1,223 bhunscoil agus 48,000 dalta páirt sa chlár i rith .

### Bolscaireacht táirgí úra

Chuaigh Bord Bia i mbun comhpháirtíochta leis an EPa in 2018 Bord Bia agus rinne comhurraíocht ar an gclár garraíodóireachta nua, 'Grow Cook Eat', a seoladh ar RTÉ i rith an earraigh. Is comhshaothar é an clár idir GIY Ireland agus an chuideachta léirithe teilifíse, In productions. Díríonn an clár ar Thorthaí agus glasraí a fhás, a chócaráil agus a ithe agus sroicheadh lucht féachana mór ar an gcéad chraoladh.

### Bolscaireacht táirgí úra

Chuaigh Bord Bia i mbun comhpháirtíochta leis an EPa in 2018 Bord Bia agus rinne comhurraíocht ar an gclár garraíodóireachta nua, '*Grow Cook Eat*', a seoladh ar RTÉ i rith an earraigh. Is comhshaothar é an clár idir *GIY Ireland* agus an chuideachta léirithe teilifíse, *In productions*. Díríonn an clár ar Thorthaí agus glasraí a fhás, a chócaráil agus a ithe agus sroicheadh lucht féachana mór ar an gcéad chraoladh.

## CLÁIR GHAIRNEOIREACHTA

### Margaíocht, nuálaíocht

Faoi Chlár Cúnamh Margaíochta agus Clár Step Change Bhord Bia fuair 31 gnólacht gairneoireachta cúnamh chun tabhairt faoi raon gníomhaíochtaí lena n-áirítear seónna trádála, taighde margaidh, díolphointe, giniúint lipéadaithe agus forbairt láithreáin ghréasáin.

### GLAS

Tionóladh seó trádála, GLAS – an príomhimeacht trádála d'earnáil ornáideach na hÉireann in Iúil in Ionad Comhdhála Citywest. Bhí an seó níos mó ná an bhliain roimhe arís, agus os cionn 144 taispeántóir ann, lena n-áirítear 20 plandlann. Bhí líon na gcuairteoirí go maith agus breis agus 1,000 príomhcheannaitheoir táirgí gairneoireachta i láthair. Reáchtáladh raon seisiún oideachasúla agus faisnéiseacha san Amharclann Foghlama i rith an lae

### Aontaí plandaí náisiúnta

Reáchtáladh dhá aonach plandaí i rith an earraigh arna n-eagrú ag Cumann Stoic Plandlainne Chrua na hÉireann le tacaíocht ó Bhord Bia. Ba í aidhm na n-aontaí ceannaitheoirí agus saothróirí plandaí a thabhairt le chéile ar aon láthair amháin chun díolacháin plandaí de tháirge áitiúil a éascú agus a spreagadh ag tús an tséasúir.

### Clár Forbartha Onnmhairí Taitneamhachta

Aithníodh forbairt agus leathnú onnmhairí do tháirgí taitneamhachta, go háirithe stoc plandlainne, duilliúr gearrtha agus bleibeanna, mar dheis leathnaithe. Tá an Clár Onnmhairí Taitneamhachta (AEP) dírithe ar úinéirí gnólachtaí gairneoireachta taitneamhachta ar mian leo tógáil ar dhíolacháin onnmhairí reatha nó dul isteach i margaí onnmhairithe den chéad uair.

Tá na cuideachtaí seo gafa le gairneoireacht taitneamhachta; duilliúr gearrtha, bleibeanna/ bláthanna, Crainn Nollag agus plandaí don ghairdín. In 2018, bhí meantóir ann a raibh teagmháil rialta aige leis na príomhonnmhaireoirí barra taitneamhachta. Le teacht an Bhreatimeachta agus tábhacht margadh na RA d'onnmhaireoirí san earnáil seo méadaíodh agus díríodh an tacaíocht agus é riachtanach. I mí na Samhna d'fhreastail na plandlanna ar fad a bhíonn ag onnmhairiú ar sheisiúin chomhairleoireachta sainoiriúnaithe tiomanta le meantóir ón earnáil taitneamhachta lonnaithe sa RA. Tugadh isteach nuachtlitir faoi onnmhairí taitneamhachta agus baintear úsáid aisti chun nuashonruithe agus léargais rialta a thabhairt do na plandlanna rannpháirteacha.

I mí Mheán Fómhair thug Bord Bia tacaíocht do ghrúpa beag plandlann a chuir a gcuid acmhainní le chéile chun taispeántas a chur ar siúl ag an seó *Four Oaks* sa RA.

### Seimineár do na saothróirí torthaí is fearr

Áiríodh sa seimineár bliantúil do na saothróirí torthaí is fearr nuashonrú ar an margadh miondíola d'úlla, treochtaí tomhaltóra maidir le ceirtlis

tuarascáil bhliantúil 2018

agus súnna, margadh úlla an AE agus an tÁireamh Úllord Náisiúnta. Tugadh cuairt ar shaoráid táirgthe ceirtlise freisin.

### Urraíochtaí

Tacaíonn Bord Bia le riachtanais an tionscail ghairneoireachta trí sholáthar urraíochta chuig comhdhálacha, seimineáir agus ceardlanna ábhartha mar aon le himeachtaí a eagraíonn eagraíochta eile a bhfuil Bord Bia bainteach leo. In 2018 tugadh tacaíocht do bhreis agus deich n-imeacht/comhlachas dá leithéid.

Leanann Bord Bia air ag tabhairt tacaíochta do chomórtas Gairneoir Óg na Bliana agus eagrú Léacht Chuimhneacháin David Robinson chun suim mac léinn san oideachas gairneoireachta a spreagadh, agus tacú leis.

### Bainistíocht bharainneach

Cuireadh in 2018 leis an gclár Barainneachta do Tháirgeoirí Gairneoireachta a tosaíodh in 2017 le táirgeoirí muisiriún.

Cabhraíonn prionsabail na bainistíochta barainní le gnólachtaí a dtáirgeacht a mhéadú.

Tugadh tionscnaimh Tús Barainneach chun críche i gcás 10 gcuideachta san earnáil gairneoireachta níos leithne. Tugadh faoi thionscnamh Lean Plus le trí onnmhaireoir muisiriún agus cuireadh tionscadal speisialaithe i bhfeidhm leis an tionscal muisiriún maidir le hearcaíocht dea-chleachtais agus nósanna imeachta cónaithe d'oibrithe seachtracha.

Bhí torthaí an-dearfacha ag an obair phíolótach agus rinneadh coigilteas maith agus méadú ar tháirgiúlacht. Tá fás ag teacht an spéis sa tionscnamh Barainneach agus sna buntáistí a fhéadfaidh sé a thabhairt chuig an ngairneoireacht, agus tá na cuideachtaí rannpháirteacha ag iarraidh páirt a ghlacadh i dtionscnaimh Bharainneacha ar scála níos mó. Amhail deireadh 2018, bhí 13 ghnólacht gairneoireachta breise rannpháirteach sa chlár Barainneach.

# ATHBHREITHNIÚ EARNÁLA: SEIRBHÍSÍ



## CLÁR ORIGIN GREEN

### Origin Green – d'fheirmeoirí

Tarlaíonn ballraíocht in Origin Green d'fheirmeoirí trína bheith rannpháirteach i scéimeanna dearbhaithe inbhuanaitheachta de chuid Bhord Bia do tháirgeoirí. Faoi láthair, feidhmíonn Bord Bia ceithre scéim dearbhaithe inbhuanaitheachta ar leibhéal na feirme :an Scéim Dearbhaithe Mairteola agus Uaineola Inbhuanaithe (SBLAS); an Scéim Dearbhaithe Déiríochta Inbhuanaithe (SDAS); an Scéim Dearbhaithe Uibheacha Inbhuanaithe (SEAS); agus an Scéim Dearbhaithe Gairneoireachta Inbhuanaithe (SHAS). Rinneadh athbhreithniú iomlán ar an Scéim Dearbhaithe Cáilíochta maidir le Táirgí Éanlaithe agus tugadh an Scéim Dearbhaithe Táirgí Éanlaithe Inbhuanaithe (SPPAS) uirthi. Cuireadh ar aghaidh chuig Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) i bhfómhar 2018 lena creidiúnú.

I ndiaidh creidiúnú a fháil, cuirfear tús le hiniúchtaí chuig caighdeán an SPPAS. Rinneadh athbhreithniú ar an Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Muiceola agus tugadh an Scéim Dearbhaithe Muiceola Inbhuanaithe (SPAS) uirthi agus cuireadh ar aghaidh chuig INAB í ag deireadh 2018 lena creidiúnú. Cuirfear tús le hiniúchtaí chuig caighdeán an SPAS ar creidiúnú a fháil.

Le linn 2018, rolladh amach an Scéim Dearbhaithe Gairneoireachta Inbhuanaithe (SHAS) do tháirgeoirí barr bia. Rinneadh iniúchadh ar 76% de shaothróirí go dtí seo, agus tugadh deimhniú chuig an gcaighdeán nua dóibh. Rinneadh dul chun cinn ar an Modúl Taitneamhachta do SHAS a fhorbairt i rith 2018 agus cuirfear faoi bhráid an INAB é go luath in 2019 lena creidiúnú.

Rinneadh líon iomlán de 46,666 iniúchadh ar fheirmeacha sna scéimeanna éagsúla do tháirgeoirí in 2018. Mar seo a leanas a bhí ballraíocht ag deireadh na bliana:

| Earnáil | Baill |
|---|---|
| Mairteoil & Uaineoil | 52,034 |
| Déiríocht | 16,256 |
| Muiceoil | 419 |
| Éanlaith | 733 |
| Uibheacha | 230 |
| Gairneoireacht | 294 |

leas a bhaint as buntáiste nádúrtha na hÉireann ó thaobh coinníollacha aeráide den scoth chun féar a fhás, rinne Bord Bia, i gcomhar leis na príomhgheallsealbhóirí, forbairt ar Chaighdeán do Mhairteoil agus Déiríocht Fhéarach-Chothaithe na hÉireann. Cuirfidh INAB an caighdeán seo ar aghaidh in earrach 2019 lena chreidiúnú agus beidh sé mar chaighdeán náisiúnta na hÉireann do gach maíomh maidir le cothú féarach.

Tá méadú ag teacht gach bliain ar an úsáid a bhaintear as an lógó Dearbhaithe Cáilíochta ar lipéid mhiondíola. In 2018, ceadaíodh tuairim is 1,959 lipéad ó 114 chuideachta agus ba le haghaidh bagúin an líon ab airde iarratas a fuarthas.

### Origin Green – ag leibhéal cuideachta

Féadfaidh cuideachtaí déantúsaíochta bia agus dí bheith ina mbaill den chlár Origin Green ach tiomantas a thabhairt don Chairt Inbhuanaitheachta, agus pleananna inbhuanaitheachta a fhorbairt ar chaighdeán sách ard le fíorú neamhspleách a ghnóthú. Faoi dheireadh 2018, bhí breis agus

600 cuideachta bia agus dí tar éis clárú don chlár, agus lánbhallraíocht sa chlár bainte amach ag 346 cuideachta. Soláthraíonn na 346 cuideachtaí baill sin do bhreis agus 90% de na honnmhairí bia agus dí Éireannacha ar fad.

Léirítear an fás ar bhallraíocht fhíoraithe in Origin Green ó 2012 go 2018 i bhFíor 2.

**Fíor 1 –Ceaduithe Earnála ar Leithligh 2018**




**Fíor 2 –Líon Ball Fíoraithe in Origin Green (2012-2018)**




**Tháinig fás ar an líon cuideachtaí a bhain stádas mar bhall fíoraithe in Origin Green amach le 7 mbliana as a chéile**

In 2016, leathnaigh Bord Bia an clár Origin Green go dtí an leibhéal deiridh sa slabhra soláthair, nuair a tugadh isteach an Chairt Inbhuanaitheachta Miondíola agus Seirbhíse Bia' mar chuid de chlár píolótach. Mar is amhlaidh le déantúsóirí, glacann cuideachtaí miondíola agus seirbhíse bia páirt in Origin Green trí bhíthin spriocanna uaillmhianacha, intomhaiste lena mbaineann teorainn ama a fhorbairt agus a sheachadadh mar chuid de phlean gníomhaíochta inbhuanaitheachta cúig bliana. Caithfidh na pleananna seo fíorú neamhspleách a fháil freisin sula mbronntar an bhallraíocht.

Faoi dheireadh 2018 bhí 10 gcuideachta seirbhíse bia agus miondíola tagtha chun bheith ina mbaill fhíoraithe d'Origin Green.

De réir mar a tháinig forbairt ar an

gclár, tugadh isteach réimsí nua, lena n-áirítear pacáisitiú, éagsúlacht agus uilechuimsitheacht, chomh maith leis an réimse fócais roimhe maidir le foinsiú inbhuanaithe, éifeachtúlacht oibriúcháin agus inbhuanaitheacht shóisialta.

Leis sin, cinntítear go bhféadfaidh baill Origin Green fanacht céim chun tosaigh ó thaobh Treochtaí margaidh agus leanúint orthu ag freastal ar riachtanais inbhuanaitheachta na gcustaiméirí.

### Origin Green – straitéis láidir don todhchaí

Agus an clár Origin Green ag dul isteach sa séú bliain ar an bhfód, thug Bord Bia faoi athbhreithniú cuimsitheach chun treo straitéiseach an chláir a chinneadh don chéad trí bliana eile amach romhainn, ag teacht le ráiteas straitéise corparáideach Bhord Bia.

Bhí staidéar ar léargais dhomhanda faoi dhearcthaí tomhaltóirí agus custaiméirí ar inbhuanaitheacht i 13 mhargadh mar bhonn faisnéise don athbhreithniú. Ina theannta sin, bailíodh léargais ó bhaill Origin Green ar feirmeoirí agus cuideachtaí bia agus dí iad. Chabhraigh na léargais sin le ceapadh na straitéise, ina bhfuil ceithre phríomh-chuspóir straitéiseacha:

- Rannpháirtíocht na mball a mhéadú
- A bheith mar cheannaire san inbhuanaitheacht bia
- Feabhas ar inbhuanaitheacht a bhrú chun cinn
- Teacht ar an margadh agus ar luach a mhéadú do bhaill Origin Green

A bhuíochas den chlár Origin Green féachtar ar Éirinn mar cheannaire san inbhuanaitheacht bia. Ach na ceithre chuspóir sin a chur i gcrích, cinnteofar go leanfar le fás agus le leathnú an chláir agus go gcoinneoidh sé a bhuntáiste mar cheannródaí.

Foilsíodh an straitéis ag tús 2019.

### Origin Green ag na Náisiúin Aontaithe

I samhradh 2018, thug an Rialtas cuireadh do Bhord Bia scéal Origin Green a thabhairt chuig na Náisiúin Aontaithe i Nua Eabhrac mar chuid d'iarracht na hÉireann suíochán a fháil ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. An Taoiseach, Leo Varadkar TD, a bhí i gceannas ar an bhfeachtas iarrachta, in éineacht leis an Tánaiste, Simon Coveney TD, maille le haíonna speisialta, Mary Robinson agus Bono. Cuireadh taispeántas Origin Green in airde ar fhaiche na NA agus léirigh an obair atá ar bun ag tionscal bia na hÉireann trí bhíthin an clár Origin Green, ag teacht le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Tharraing an taispeántais dathannach Origin Green sin aird go leor ambasadóirí de chuid na Náisiún Aontaithe a bhí ag freastal ar an ócáid, agus chuir teachtaireacht Origin Green faoi bhráid lucht féachana nua a bhfuil tionchar aige.

## LÉARGAS & PLEANÁIL STRAITÉISEACH

Cibé an athruithe in áit an mhargaidh, brúnna iomaíocha nó an mhian rud éigin níos mó agus níos fearr a chruthú a spreagann iad, tá gnólachtaí bia agus dí ag déanamh mionathruithe agus athshainiú de shíor ar an gcaoi a n-oibríonn siad agus ar an rud a dtáirgíonn siad. Féachann foireann Léargas agus Pleanáil Straitéiseach Bhord Bia lena chinntiú go bhfanann léargas ar thomhaltóirí, an margadh agus cúrsaí trádála mar chuid lárnach de na straitéisí margaíochta agus nuálaíochta do ghnólachtaí bia agus dí na hÉireann. Oibríonn Bord Bia le cuideachtaí bia agus dí na hÉireann ag cur rochtain ar fhaisnéis dhomhanda, sain-chatagóirí agus eolas agus taithí faoin margadh ar fáil, chomh maith le taighde gairmiúil agus scileanna éascaitheachta ó smaointeoirí margaíochta soiléire agus samhlaíocha.

### *The Thinking House*

Tá Lárionad Léargas Tomhaltóra Bhord Bia i bhfeidhm go hiomlán mar lárionad léargais den scoth le dhá bhliain anuas. Agus é brandáilte don tionscal mar Thinking House Bhord Bia, is é fís agus cuspóir an lárionaid seo den scoth Éire a ardú ina náisiún táirgthe bia comhaimseartha den 21ú haois a dhéanann tráchtálú ar tháirgeadh bia ag teacht le fíor-riachtanais an tomhaltóra.

Tá mar aidhm leis an Thinking House a chinntiú go dtosóidh agus go gcríochnóidh na slabhraí brandála agus nuálaíochta ar fud thionscal bia agus dí na hÉireann leis an tomhaltóir. Is spás é le haghaidh comhoibriú, comhtháthú agus idirghníomhú –is campas é a chuireann deireadh le neamh-chomhtháiteacht agus dhéanann naisc idir gheallsealbhóirí–is fóram é chun an rud atá an tionscal ag iarraidh a chur in iúl don phobal taighde agus vice versa –baineann sé le táirgí inbhuanaithe, inscálaithe a chruthaítear de réir riachtanas an tomhaltóra.

### Nuálaíocht

#### Tionscadail shaincheaptha maidir le nuálaíocht agus léargas cliant

Ceann de na cláir is faide ar an bhfód ag Bord Bia is cúis le dhá thrian dár gcuid oibre nuálaíochta. Cuimsítear leis an obair shaincheaptha seo tionscadail chliant arb í an fhoireann léargais a bhainistíonn iad. Féadfaidh na tionscadail seo a bheith déanta go hiomlán in-tí nó a bheith déanta le seirbhís gníomhaireachtaí seachtracha. Bíonn a chur chuige saincheaptha féin de dhíth ó gach tionscadal, ag brath ar nádúr na gcuspóirí ina leith. Is féidir gur léargas tomhaltóra agus catagóire, brandáil agus tacaíocht NPD chun tacú le nuálaíocht a éascú a bheith i gceist leis sin.

Féadfaidh modheolaíochtaí a bheith bainteach le cainníocht agus le cáilíocht agus is féidir tabhairt faoi thionscadail i margaí baile agus idirnáisiúnta. In 2018, d'oibrigh Bord Bia le díreach faoi bhun 50

cliantchuideachta in ocht margadh (Éire, Tuaisceart Éireann, Sasana, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Spáinn, SAM agus an tSín).

## Turais Taiscéalaíochta Inspioráide

Is éard atá I dTurais Taiscéalaíochta Inspioráide turais bhia agus dí trasearnála a bhfuil mar aidhm leo spreagadh agus cruthú smaointe nuálacha nua a éascú do chliantchuideachtaí. Baineann an tionscnamh seo le tum-chuairteanna gríosaitheacha ar mhargaí a bhreathnaíonn ar an gcultúr bia áitiúil agus ar threochtaí tomhaltóra infheicthe. Cuireann siad eispéiris nua ar fáil ar féidir leo smaointeoireacht úr a spreagadh. Leis an tionscnamh seo, baintear an chliantchuideachta as a timpeallacht laethúil agus spreagann smaointeoireacht chliathánach, trí bhíthin teicnící agus tascanna nuálaíochta difriúla. Thug Bord Bia cuairt ar chathracha Seattle, Washington agus Portland, Oregon i SAM i mí Dheireadh Fómhair2018, in éineacht le 10 gcliantchuideachtaí.

## Léargas cultúrtha – deiseanna agus cuairteanna margaidh

Tá sé ríthábhachtach margaí agus cultúir áitiúla a thuiscint sula dtugtar cuairteanna trádála orthu. In 2018, chruthaigh Bord Bia tuarascálacha faoi mhargaí áitiúla a dhírigh ar thírdhreacha margaí, eolas earnála agus treochtaí agus iompraíochtaí tomhaltóirí áitiúla. Rinneadh staidéir le haghaidh cuairteanna ar Cheanada, ar Mheicsiceo, an ar tSeapáin, ar an Malaeisia agus ar an Indinéis.

## Léargas ar shiopadóirí

Rinneadh staidéir in Éirinn agus roinneadh iad leis an tionscal maidir le bia reoite, im, cáis agus mairteoil.

Rinne gach ceann scrúdú ar iompraíocht siopadóirí sa chatagóir le taighde cainníochtúil agus cáilíochtúil.

## Treoraí Ardionchais

Bunaíodh an tionscadal seo atá dírithe ar nuálaíocht chun caidrimh leis an RA, ár gcomhpháirtí trádála is mó, a dhoimhniú agus a chosaint Le linn 2018, thug Bord Bia tacaíocht do shé onnmhaireoir trí bhíthin deiseanna nuálaíochta ardionchais ina n-earnáil a shainaithint agus chabhraigh leo a mbealach a dhéanamh tríd an bpróiseas, maidir le hidéú, forbairt coincheapa agus tráchtálú. D'oibrigh na cuideachtaí go dlúth le Sainsbury's agus bhí siad in ann a dtáirgí a chur i láthair, cás a dhéanamh chun liostú nua a fháil, agus táirgí a sheoladh go rathúil.

## Ardán le haghaidh coincheapa a leagan amach agus a bhailíochtú

Leis an uirlis nuálaíochta shaincheaptha seo de chuid Bord Bia, ar a dtugtar *BI:TES,* tugtar deis do chuideachtaí smaointe le haghaidh táirgí nua a leagan amach agus a thástáil go tapa chun feabhsúcháin incriminteacha, tapa, céim ar chéim a éascú, bunaithe ar aiseolas ó thomhaltóirí. Tá ardán forbartha ag Bord Bia trína bhféadfaimid foirmeacha gearra aiseolais a úsáid go tapa. Rolladh amach an réiteach seo go réigiúnach trí bhíthin líonra Bhord Bia mar fhreagra ar an éileamh ó thomhaltóirí agus tá sé ar fáil ar fud an domhain anois. I rith 2018, ghlac 13 chliantchuideachta páirt sa chlár.

## Taste n'*Tell* do Thomhaltóirí

Tá mar aidhm leis an gclár seo tomhas cainníochta a thabhairt ar fheidhmíocht táirgí agus ar an tóir a bhíonn ag tomhaltóirí na hÉireann orthu d'fhonn cur an méid is féidir le rath tráchtála. Laghdaítear baol na



tuarascáil bhliantúil 2018



nuálaíochta ní hamháin trí scagadh agus measúnú ar choincheapa táirge nua ach freisin iad a thagarmharcáil in aghaidh iomaitheoirí. Ghlac cúig chuideachta páirt sa chlár i rith 2018, i gcatagóirí amhail seacláid, uachtar, caife, bainne agus bia saoráideach.

### Fadbhreathnaitheacht agus treochtaí

Ach leas a bhaint as treochtaí margaí agus tomhaltóirí, is féidir cuideachtaí a spreagadh chun dearcadh a chothú i measc na gcinnteoirí ina gcuid eagraíochtaí a bhreathnaíonn ar an todhchaí agus ar an taobh amuigh agus a dhíríonn ar an tomhaltóir. Cuireann Bord Bia saineolas catagóire agus tionscail atá bunaithe ar an todhchaí ar fáil a chuireann ar chumas cliantchuideachtaí dearcadh níos fadtéarmaí agus atá níos dírí go straitéiseach a ghlacadh.

### Treochtaí Stíl Mhaireachtála Tomhaltóra

Rinneadh athbheochan ar an gclár tomhaltóra is mó de chuid Bhord Bia in 2018. Glacann an clár cur chuige domhanda ar threochtaí tomhaltóra, mar go ndéantar taighde i 21 mhargadh ar fud an domhain, trí bhíthin labhair le 28,000 tomhaltóir. Baintear leas freisin as líonra *StreetScapers*– daoine a bhfuil nasc acu le cultúr i bpríomhchathracha ar fud an domhain. Soláthraíonn siad samplaí de threochtaí sna margaí, de tháirgí, d’fheachtais bhranda agus d’fhorbairtí i gcúrsaí seirbhíse bia.

Tá an clár seo bunúsach ó thaobh obair nuálaíochta agus brandála, mar go gcinntíonn sé gur de réir fíor-iompraíocht tomhaltóirí a chruthaítear táirgí agus brandaí nua a mhairfidh sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Seoladh clár 2018 ag Seisiún Léargais i mí Mheán Fómhair agus foilsíodh é ar an láithreán gréasáin CLT. D’fhreastail tuairim is 100 ionadaí cliaint ar an ócáid, lena bhain míniú ar gach treocht agus samplaí fisiciúla agus físiúla chun beocht a chur iontu. Tugadh cuairt ar 10 gcliantchuideachta ón seoladh, chun an méid a d’fhoghlaim siad ann a neadú ina ngnólachtaí. Forbraíodh foirne uirlisí treochta a chabhróidh leis na cuideachtaí úsáid níos éifeachtaí a bhaint as an gclár.

### Treochtaí pacáistithe

Thug Bord Bia faoi thionscadal treochtaí chun tuiscint a fháil ar na treochtaí domhanda a bhfuil tionchar acu ar phacáistiú agus ar fhormáidí, le béim faoi leith ar inbhuanaitheacht agus ar ról na teicneolaíochta, na n-ábhar agus an dearaidh. Cuimsíodh dearcthaí roinnt de na príomh-dhearthóirí táirgí agus tionchairí sa staidéar agus soláthraíodh samplaí spreagúla bia agus dí ó ar fud an domhain.

Tionóladh dhá Sheisiún Léargais agus d’fhreastail lion mór cuideachtaí ó na hearnálacha bia agus dí go léir orthu.

### Treochtaí Cócaireachta

Déanann an clár Inspioráid Cócaireachta imscrúdú ar threochtaí cócaireachta ardleibhéil ar fud na cruinne. Déanann sé scrúdú ar theicnící cócarála, agus ar phróisis, comhábhair, meascáin agus treochtaí, leis na chefanna is fearr ar domhan. Scaipeadh an staidéar ag ceithre sheisiún Léargais agus in irisí. Brúdh an clár céim eile chun cinn nuair a ghlac 10 gcliantchuideachta páirt i gceardlanna duine-le-duine chun an méid a d’fhoghlaim siad a neadú agus chun athrú a chur i bhfeidhm ina bhfoirne nuálaíochta agus ina NPD.

## Todhchaí na próitéine

Tugadh taighde chun críche i gcúig mhargadh: an tSín, an Ghearmáin, SAM, an RA agus Éire. Dhírigh na príomh-chuspóirí ar shoiléire a bhaint amach maidir leis na riachtanais tomhaltóra a bhí ag teacht chun cinn sna príomh-mhargaí sin agus ar thuiscint a fháil ar a bhfuil le teacht ó thaobh treochtaí de. Scaipeadh an staidéar ag Seisiún Léargais ar ar fhreastail breis agus 100 cliantchuideachta. Chuir Leabhar Beartaíochta Próitéine mionsonraithe cúig ardán ar fáil do chliantchuideachtaí as a bhféadfaidís dul i ngníomh maidir le nuálaíocht nó forbairt táirgí. Chuathas tríd an staidéar i bhfoirm ceardlainne le cuideachtaí ar leithligh chun cabhrú leo treochlár a leagan amach maidir le réimsí ina mbeadh deiseanna sa todhchaí agus chun treoir faoi nuálaíocht a thabhairt dóibh.

## Stíleanna maireachtála cothaithe a thuiscint

D'fhiosraigh an staidéar saintréitheachtaí tomhaltóra reatha, ábhair spreagtha agus riachtanais aistí bia tomhaltóra, amhail veigeatóireachas, veigeánachas agus leathveigeatóireachas. Bhí taighde cainníochtúil agus cáilíochtúil i gcúig mhargadh i gceist leis: AM, an RA, an tSualainn, an Ghearmáin agus Éire, ag féachaint do dheiseanna do na tionscail bia, dí agus gairneoireachta a shainaithint. Scaipeadh an staidéar ag Seisiún Léargais ar ar fhreastail breis agus 50 ionadaí ar chliantchuideachtaí.

## Todhchaí na cistine

D'fhéach an staidéar seo a bhí dírithe ar an todhchaí le fiosrú a dhéanamh ar na macra-fhórsaí atá ag cabhrú le todhchaí na cistine a mhúnlú. D'fhiosraigh Bord Bia roinnt de na nuálaíochtaí teicneolaíochta is déanaí atá ag plé le hiompraíocht tomhaltóirí ó thaobh bia de. Chuir raon cainteoirí ceannaireacht smaointeoireachta ar fáil, lenar áiríodh Stylus, Miele agus cuideachta nuathionscanta fearas cliste darbh ainm Drop.

## Buntaighde

Cuireann buntaighde léargas margaidh agus tomhaltóra ar fáil chun cur ar chumas cuideachtaí tuiscint níos doimhne a fháil ar thopaicí agus cinntí tráchtála eolasacha a dhéanamh. Gach bliain, déanann Bord Bia tionscadail léargais shaincheaptha a choimisiúnú, a dhíríonn ar réimsí faoi leith, amhail céimeanna beatha an tomhaltóra, ócáidí béile nó catagóirí bia. Déantar staidéir 2018, a bhfuil breac-chuntas ar chuid díobh thíos, a scaipeadh ar leibhéal earnála ag ár Seisiúin Léargais agus ar bhonn aonair le cuideachtaí, agus tá siad ar fáil ar líne freisin faoin rannóg Foilseacháin ar láithreán gréasáin Bhord Bia.

## Tuiscint a fháil ar sneaiceanna, ag díriú ar shláinte agus folláine

Rinneadh taighde ar Éirinn agus an RA inar fiosraíodh dearcthaí reatha ar sneaiceanna. Fiosraíodh an áit, an t-am, an fáth agus an tslí a n-itheann daoine sneaiceanna. Cuireadh na torthaí faoi bhráid an tionscail ag Seisiún Léargais Lá Treochtaí i mí Eanáir. Chláraigh an-chuid daoine don ócáid agus d'fhreastail níos mó ná 110 ionadaí cliaint uirthi.

## Cothú Spóirt

Sa staidéar seo, breathnaíodh go géar ar an gcatagóir cothú cruthaithe in Éirinn, sa RA, sa Ghearmáin agus i SAM. Cuireadh naoi bpríomh-chríoch théamach i láthair sa staidéar faoina bhféadfadh cliantchuideachtaí fiosrú a dhéanamh ar réimsí a d'fhéadfaí a fhorbairt amach anseo. Tugadh faisnéis faoi do chliantchuideachtaí i mí Feabhra ag Seisiún Léargais a raibh an Leabhar Beartaíochta Próitéine mar chuid de freisin.

## Tuiscint a fháil ar an gclár oibre inbhuanaitheachta domhanda

Cuspóir foriomlán an staidéir seo, tuiscint a fháil ar an bhfeasacht, ar na dearcthaí agus ar an iompraíocht cheannaigh atá ag custaiméirí agus ag tomhaltóirí maidir le hinbhuanaitheacht. Staidéar den chineál domhanda a bhí ann agus rinneadh taighde i 11 mhargadh, rud a chuir ar chumas Bhord Bia comparáidí idir na margaí go léir a léiriú laistigh de na cuspóirí. Agus cur chuige déach in úsáid, bhí taighde cáilíochta i measc custaiméirí trádála i gceist, agus taighde cainníochtúil ar thomhaltóirí.

Baineadh úsáid as na torthaí mar fhaisnéis don straitéis le haghaidh Origin Green agus don tsamhail den chreat Branda Bia Éireann.

## Branda Bia Éireann

Is staidéar tuisceana branda domhanda é Branda Bia Éireann a fhéachann le tuairimí tomhaltóirí a fháil ar Éirinn mar bhunáit agus ardáin a fhorbairt óna bhféadfaí teachtaireacht Bhranda Bia Éireann a scaipeadh. Forbraíodh samhail de chreat branda a chabhróidh le bonn taca a sholáthar do straitéis margaíochta agus cumarsáide Bhord Bia sna chéad 3-5 bliana eile amach romhainn. Rinneadh taighde Cáilíochta agus Cainníochta i 11 mhargadh a shroich os cionn 11,000 tomhaltóir idirnáisiúnta.

## An margadh baile a rianú

Coyne Research, ár gcomhpháirtí gníomhaireachta, a dhéanann meastóireacht ar Mharc Cáilíochta Bhord Bia agus ar fheachtais chumarsáide speiceas in Éirinn. De bharr nádúr rianaithe an taighde, cuirtear ar chumas Bhord Bia meastóireacht a dhéanamh ar an bhfeasacht agus ar an tuiscint ar gach feachtas, chomh maith leis an tionchar a bhíonn aige, d'fhonn a fheidhmíocht a thomhas. Tá mar aidhm leis na feachtais sin feasacht faoi agus ceannach tháirgí leis an Marc Cáilíochta a bhrú chun cinn.

## Tuiscint a fháil ar an margadh báicéireachta i bPoblacht na hÉireann & sa Bhreatain Mhór

Ba é an cuspóir a bhí ag an tionscadal, fás a bhrú chun cinn trí bhíthin tuiscint níos fearr ar an tomhaltóir agus ar an siopadóirearraí

tuarascáil bhliantúil 2018

bácáilte. San áireamh i raon feidhme an tionscail bhí raon feidhme na catagóire agus an tírdhreacha miondíola amach anseo a mheas, agallaimh a chur ar shaineolaithe trádála, grúpaí fócais a stiúradh le tomhaltóirí na hÉireann agus suirbhé a dhéanamh ionadaíoch náisiúnta a dhéanamh sa dá mhargadh d'fhonn tomhaltóirí earraí bácáilte a dheighilt agus iompraíocht a chainníochtú.

Scaipeadh é i mí an Mheithimh ag Seisiún Léargais agus chuig cliantchuideachtaí ar bhonn aonair ina dhiaidh sin, áit a ndearnadh dian-anailís air.

### Staidéar ar Iasc Geal

I ndiaidh staidéar comhchosúil a dhéanamh in 2009, rinneadh staidéar nua chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcatagóir éisc ghil in Éirinn. Bhí taighde cáilíochta agus cainníochta mar chuid den staidéar chun tuiscint a fháil ar an gcatagóir, ar an tomhaltóir agus ar na críocha teachtaireachta a d'fhéadfaimis leas a bhaint astu chun ceannach agus tomhaltas a bhrú chun cinn.

### Cáis tomhaltóra sa tSín

D'fhéach an staidéar le tuiscint a fháil ar iompraíocht an tomhaltóra áitiúil sa chatagóir cáise, tuiscint a fháil ar a dhearcadh ar bhrandaí agus ar bhunáiteanna agus chun próifíl a dhéanamh ar na tomhaltóirí cáise éagsúla. An príomh-chuspóir a bhí leis, deiseanna do tháirgeoirí cáise na hÉireann agus do tháirgeoirí móra déiríochta a shainaithint.

### Muiceoil sa tSín

Sa staidéar seo ar thírdhreach an mhargaidh, rinneadh anailís ar an gcatagóir muiceola i margadh na Síne. Breathnaíodh ar éagsúlacht réigiúnach i ndinimicí an mhargaidh, lenar áiríodh tacar iomaitheoirí, ceannaitheoirí, caighdeáin agus éilimh.

### Comhábhair dhéiríochta Mheicsiceo agus SEA

Sa staidéar seo, fiosraíodh deiseanna do sholáthróirí chomhábhair dhéiríochta i gceithre mhargadh tosaíochta. Áiríodh ann agallaimh le ceannaitheoirí agus sonraí tánaisteacha a chabhraigh le measúnú a dhéanamh ar an tacar iomaitheoirí, ar riachtanais agus ar mhianta ceannaitheoirí, ar mhéid na duaise agus ar dhinimicí margaidh i ngach tír. An cuspóir a bhí leis, tuiscint agus léargas níos fearr a thabhairt dár gcuideachtaí agus cabhrú le hábhair chliaint a aimsiú.

### Sonraí painéil tomhaltóra

Ceannaíonn Bord Bia sonraí painéil tomhaltóra gach bliain le haghaidh cheithre príomh-réimse den tionscal lena n-áirítear táirgí úra/ gairneoireacht, feoil úr do mhargadh na hÉireann, muisiriúin sa Bhreatain Mhór agus 16 chatagóir de bhia ullmhaithe. Cuireann na sonraí painéil sin tuiscint leanúnach ar fáil ar fheidhmíocht sna catagóirí, ar iompraíocht tomhaltóirí ó thaobh dearcthaí agus treochtaí agus ó thaobh ceannach de. Tá na sonraí painéil sin

ríthábhachtach lena chinntiú go bhfanann cliantchuideachtaí ar an eolas agus cothrom le dáta maidir leis an tírdhreach is déanaí sa mhargadh agus maidir le hathruithe a chabhraíonn leo cinntí eolasacha a dhéanamh bunaithe ar fhíor-shonraí agus léargas.

### Móráireamh táirgthe

Déanann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara móráireamh táirgthe bliantúil agus cabhraíonn Bord Bia léi chun anailís a dhéanamh ar na sonraí sin agus chun an tuarascáil dheiridh a chur i dtoll a chéile. In 2018, foilsíodh an Móráireamh ar Úlloird agus Úlla agus tá an tuarascáil le fáil ar láithreán gréasáin Bhord Bia.

Tugann an fhaisnéis sin méid na n-earnálacha gairneoireachta, treochtaí táirgthe agus léargas ar fheidhmíocht na n-earnálacha.

### Anailís ar bharr prátaí

Déantar anailís gach bliain ar an barr prátaí bliantúil. Cuirtear measúnú neamhspleách ar fáil leis sin, óna ríomhtar an fíor táirgthe prátaí bliantúil. Cuireann sin léargas cruinn do na príomhgheallsealbhóirí sa tionscal, amhail an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teagasc, IFA agus, faoin méid prátaí a bheidh ar an margadh sa séasúr atá ag teacht. Cabhraíonn an fhaisnéis sin le táirgeoirí/pacálaithe soláthar eagraithe den táirge a phleanáil ar feadh an tséasúir.

### Iniúchtaí ar an margadh miondíola gairneoireachta

Déantar trí iniúchadh miondíola gach bliain. Is i rith na bpríomh-shéasúr táirgthe do tháirgí a fhástar in Éirinn a dhéantar iad. Is é príomh-chuspóir na sonraí, bunáit na dtáirgí ar an tseilf miondíola a shainaithint agus monatóireacht a dhéanamh ar úsáid Mharc Cáilíochta Bhord Bia ar tháirgí.

### Staidéar rianaithe Bloom

Ba é an aidhm a bhí leis an suirbhé náisiúnta seo, monatóireacht a dhéanamh ar shraith phríomh-bheart ar fheasacht, tinreamh agus tionchar Bloom 2018. Cuireann an taighde leis na torthaí ó shuirbhéanna bliantúla ar Bloom ó 2010 i leith. Rinneadh an suirbhé ar Bloom trí bhíthin suirbhé náisiúnta Barometer ar iompraíocht agus dearcthaí (B&A), a thugann sampla ionadaíoch de 1,001 agallamh. Scaipeadh torthaí an tsuirbhé go hinmheánach agus cuireadh san áireamh iad san athbhreithniú straitéiseach ar Bloom.

## Brandáil

Cuireann an clár seo saineolas agus cúnamh maidir le brandáil do chuideachtaí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann

D'fhonn fás tráchtála a chumasú. Cuireann Bord Bia fóram ar fáil freisin chun eolas agus taithí ar chleachtas brandála a roinnt.

### Seirbhísí brandála cliant saincheaptha

Tá an clár seirbhísí brandála lárnach



chun straitéisí branda a dhíríonn ar an tomhaltóir, athbheochan brandaí agus féiniúlachtaí branda nua a sholáthar. Cuireann an clár ar chumas Bhord Bia oibriú le sainghníomhaireachtaí brandála agus dearaidh sa bhaile agus go hidirnáisiúnta.

Cuireann na gníomhaireachtaí sin féiniúlacht branda i gcrích i bhfoirm físe bunaithe ar ár gcuid oibre straitéise branda tosaigh. Baineann an cur i gcrích le pacáistiú agus le dearadh, de ghnáth, ach bhí pointí caidrimh eile, amhail láithreáin ghréasáin, ábhar díolphointe, ionaid do chuairteoirí agus áiteanna eile ina mbíonn branda le feiceáil, i gceist in 2018. Bhain breis agus 23 chliantchuideachta, ó chinn mheánmhéide go cinn mhóra, ar feadh na gcatagóirí ar fad: feoil, alcól, déiríochta, báicéireacht, subha agus anlainn, etc., leas as an tseirbhís.

## Fóram Branda

Leis an gclár Fóram Branda, déantar líonrú, naisc agus foghlaim a éascú. Tá sé oscailte do na clianchuideachtaí go léir agus tá go leor leor cláraithe leis. I measc na n-ábhar a cuimsíodh ag imeachtaí ráithiúla na bliana seo bhí, straitéisí branda faoi threallús ag léargas, margaíocht i dtimpeallacht athraithe, agus branda idirnáisiúnta a dhéanamh de bhranda áitiúil. Bhí aoichainteoirí den chéad scoth ag gach imeacht. Reáchtáladh cúig Cheardlann arbh aidhm leo dea-chleachtas a roinnt agus feidhmíochtaí brandaí a fheabhsú. Áiríodh orthu sin stíleáil agus grianghrafadóireacht bia, leas a bhaint as cumhacht an phacáistithe agus an siopadóir digiteach. Cuireadh an tseirbhís físeán oideas i bhfeidhm le 10 gcliantchuideachta sa cheathrú ráithe.

## Fóram Branda – Seiceáil Sláinte

Reáchtálann Bord Bia Seiceáil Sláinte Bhranda thiomnaithe gach bliain arb ionann í agus staidéar mór cainníochtúil atá oscailte do chomhaltaí an Fhóraim Bhranda. In 2018, pléadh le 43 chatagóir agus cabhraíodh le húinéirí branda feasacht, feidhmíocht agus tuiscint maidir lena mbranda a rianú, laistigh dá gcatagóir, i gcomparáid le cúig bhranda iomaitheora. Féadfaidh an staidéar dearcthaí tomhaltóra ar a mbranda a thomhas agus tuiscint a fháil ar an deis chun feabhas a chur ar idirchaidreamh nó tástáil brandaí.

## SuperBrands

Tá an clár seo oscailte do chuideachtaí beaga a mbíonn láimhdeachas bliantúil níos lú ná €5m acu agus tá sé leagtha amach chun cabhrú leo dul san iomaíocht le brandaí atá níos mó agus níos faide ar an tseilf. Oibríonn speisialtóir branda leis na cuideachtaí sin chun straitéis agus suíomh a mbranda a fheabhsú sula bhfaightear seirbhísí ghníomhaireacht chruthaitheach chun cuidiú le féiniúlacht agus pacáistiú nua nó athbheoite. Ansin tugann Bord Bia faoi chéim léargais tomhaltóra ina ndéantar teagmháil le feidhmíocht agus mar a glacadh

leis an obair ar na brandaí. I rith 2018, bhí 15 chliantchuideachta ó gach catagóir ar fud an tionscail rannpháirteach ann.

## Seirbhísí leabharlainne agus eolais

Tá leabhar ar chaighdeán domhanda ag *The Thinking House* i mBord Bia, a chabhraíonn le cuideachtaí bia agus dí na hÉireann cinntí straitéiseacha níos fearr agus níos eolasaí a dhéanamh. Féadfaidh an tionscal agraibhia cuardach eolais

gairmiúil, shaincheaptha a lorg ó fhoireann leabharlannaithe cáilithe a thugann rochtain ar na léargais mhargaidh agus thomhaltóra atá de dhíth chun dul san iomaíocht go rathúil sna margaí baile agus idirnáisiúnta. In 2018, bhainistigh foireann leabharlainne Bhord Bia níos mó ná 4,800 cuardach den chineál sin thar ceann an tionscail, na foirne léargais agus na foirne margaíochta i mBord Bia.

Go dtí seo, tá cuairt ar Leabharlann Bhord Bia as *The Thinking House* tugtha ag 320 client agus tá ardú leanúnach ar iarratais maidir le cuairt a thabhairt ar an leabharlann tugtha faoi deara. Tagann go leor cuairteoirí ar an leabharlann ar ais arís, rud a léiríonn luach na hacmhainne seo do chliaint.

Is nuachtlitir sheachtainiúil é Food Alert, a sheoltar chuig 678 duine a chláraigh léi, ina dtugtar dearcadh uathúil Bhord Bia ar na forbairtí agus treochtaí is déanaí sa tionscal bia agus dí ar fud an domhain, chomh maith le faisnéis chothrom le dáta faoin margadh. Is minic a fhoilsítear léargas ó nuachtlitir Food Alert de chuid Bhord Bia sna meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta.

In 2018, dearadh agus rolladh amach Clár tiomnaithe Léannta Faisnéise– Bheith Eolasach faoin tSlí is Fearr chun Úsáid a Bhaint as Faisnéis, chuig speisialtóirí earnála agus margaidh agus chuig Céimithe Domhanda ar fud na heagraíochta. Ba iad cuspóirí an chláir seo:

an príomhthacar scileanna a thabhairt d'fhoireann Bhord Bia atá de dhíth chun faisnéis a aimsiú, a mheas agus a úsáid go héifeachtach d'fhonn cur le cinnteoireacht níos fearr, moltaí faoi thionchar léargais a dhéanamh, agus a bhfeasacht reatha féin a bhainistiú, fanacht cothrom the dáta le treochtaí agus forbairtí sa tionscal.

I gcomhar leis an gclár seo, rinne foireann na leabharlainne nuáil le físeáin nua faoi litearthacht faisnéise maidir meastóireacht agus tagairt a dhéanamh ar fhaisnéis agus ardscileanna cuardaigh.

Leabharlannaithe ag cur bunathrú ar shaolta an téama a bhí ag Seachtain Leabharlanna Éireann 2018. Thionóil an fhoireann leabharlainne ag Bord Bia a n-imeacht bliantúil chun an ócáid sin a cheiliúradh agus thug siad taispeántas ar an tslí a bhféadfaidh 'bheith ar an eolas faoin tslí le meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar fhaisnéis' cabhrú le fírinne ruda a insint. Rinne saintaighdeoirí domhanda, Mintel, cur i láthair dar teideal *'five lessons in information brands need to know'* ar an lá. Chomh maith leis an imeacht seo, ghlac gach leabharlannaí páirt in aistriú foirne le leabharlanna eile ar fud na hÉireann chun feidhmiú mar chatalaíoch do chleachtas a roinnt, d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus do smaointeoireacht úr. Cabhraíonn na tionscnaimh seo le Bord Bia a tosaíocht straitéise, maidir le bheith ina eagraíocht faoi threallús ag léargas, a thabhairt chun críche.

## MARGAÍOCHT AGUS CUMARSÁID

### Aontaí trádála/taispeántais/ imeachtaí

Rinne an Rannóg Imeachtaí Margaíochta 50 imeacht in iomlán a bhainistiú thar na hearnálacha tionscail agus na hardáin phromóisin go léir. Bhí pubaill Origin Green/Ireland

I láthair ag 25 aonach trádála agus taispeántas idirnáisiúnta lena



raibh lucht féachana comhiomlán d'os cionn 1,256,000 cuairteoir/ ceannaitheoir.

Ag teacht le straitéis na heagraíochta maidir le bealaí chun an mhargaidh a fhorbairt agus a choimeád, bhí Bord Bia rannpháirteach agus thug tacaíocht don tionscal bia ag príomh-aontaí trádála amhail *Seafood Expo Globa lsa* Bhruiséil agus SIAL i bPáras, chomh maith le haontaí trádála in earnálacha faoi leith, amhail ISM (milseogra), Biofach (orgánach), PLMA (lipéad príobháideach), Prowein (deochanna meisciúla), Internorga Germany (seirbhís bhia), Free From Food, Stócólm. Bhí béim shuntasach ar aontaí trádála san Áise le Foodex sa tSeapáin, SIAL sa tSín, CIMIE Beijing agus CIIE Shang-hai (Feoil), Móraonach Iascaigh agus Bia Farraige na Síne, Qingdao, Móraonach Bia Farraige Hong Cong agus Japan International Seafood, Tóiceo.

Ar réigiúin eile bhí Gulfood agus Gulfood Manufacturing sa Mheánoirthear agus Móraonach Bia Farraige Mheiriceá Thuaidh.

Chuir Marketplace International de chuid Bhord Bia i mBaile Átha Cliath fáilte roimh 580 ceannaitheoir as 52 thír. Bhí gach ceann de na cuideachtaí soláthróra ina comhalta de chlár Origin Green.

Tionóladh níos mó ná 4,000 cruinniú réamh-shocraithe idir ceannaitheoirí agus táirgeoirí bia agus aimsíodh tuairim is €7.7m i ngnó onnmhairithe i ndiaidh an imeachta.

Ag Bloom, bhain gníomhaíochtaí le Sráidbhaile Bia Bhord Bia Food a shuiteáil, an ghné Thaithí agus Faisnéise de chuid Origin Green agus an t-eispéireas foriomlán bia do bhreis agus 110,000 cuairteoir. Óstáladh breis agus 200 ceannaitheoir as an RA agus as Éirinn ag bricfeasta gnó agus bhí deis acu bualadh le táirgeoirí bia agus dí ag an imeacht

Ar imeachtaí trádála eile a d'eagraigh Bord Bia i rith na bliana bhí Faisnéisiú faoin mBreatimeacht, imeachtaí do pháirtithe leasmhara amhail Seimineár ar Mhargaí Feola, Seimineár do Ghnólachtaí Beaga, Comhdháil Éanlaithe agus Uibheacha, Seimineár Seirbhíse Bia, Gradaim Orgánacha agus Gradaim Origin Green d'Fheirmeoirí.

Áiríodh ar phríomhthionscadail pháirtithe leasmhara eile, rannpháirtíocht ag an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Mairteoil 2018, Caoirigh 2018, Comhrá Comhstádais GRSB maidir le Mairteoil Inbhuanaithe agus tacú le seoladh ag an Rialtas d'fheachtas na hÉireann chun suíochán a fháil ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe 2021-2022. Ghlac Bord Bia páirt sa seoladh i Nua-Eabhrac agus chuir gné 3D i láthair lena chur in iúl go bhfuil an clár Origin Green ag teacht le naoi gcinn de na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

Chomhoibrigh Bord Bia le BIM ag *Seafest* i mí Iúil; imeacht trí lá i nGaillimh ag ar eagraigh an fhoireann taispeántas cócarála bia farraige agus ceannach éisc.

Tugadh tacaíocht do cheithre mhisean trádála faoi stiúir Airí i rith 2018. Misean trádála beostoic chun na Tuirce an chéad cheann, a tharla an tráth chéanna le *Agro-Expo*, an taispeántas Talmhaíochta agus Beostoic is mó sa Tuirc. Tharla an dara ceann, chuig SAM agus Ceanada, i Feabhra/Márta. Thosaigh sé ag an Taispeántas Comhdhála Feola Bliantúil in Nashville agus chríochnaigh sé le seimineár agus bricfeasta trádála Origin Green in Toronto, Ceanada. Ina dhiaidh sin, tugadh bhí mhisean chun na Síne i mBealtaine an tráth chéanna le haonach trádála SIAL na Síne. Tharla an misean trádála deiridh sa bhliain i mí Dheireadh Fómhair/ na Samhna. Thaistil an toscaireacht go dtí an Indinéis agus an Mhalaeisia agus bhí faisnéisiú margaidh de chuid Bhord Bia do chuideachtaí Éireannacha agus seimineáir ghnó do chustaiméirí trádála mar chuid den mhisean.

### Urraíocht

I rith 2018, rinne Bord Bia urraíocht ar Neven's Irish Food Trails ar RTÉ 1 dírithe ar thuiscint tomhaltóra

ar Mharc Cáilíochta Bhord Bia a mhéadú. Thar an tsraith seacht seachtaine, thug Neven Maguire cuairt ar thairgeoirí bia difriúla mórthimpeall na hÉireann agus léirigh cén chaoi le raon oideas a chócaráil. Mheall sraith 2018 214,000 lucht féachana in aghaidh an chláir ar an meán.

Ar urraíochtaí dámhachtana i 2018 áiríodh catagóirí bia agus dí Chónaidhm na nGnólachtaí beaga agus Cumann Onnmhaireoirí na hÉireann, mar aon leis an gCatagóir Ardchuraidh agus catagóir an Táirgeoir Ceardaí is Fearr ag dámhachtainí Blas na hÉireann.

Thug roinnt imeachtaí agus comhdhálacha bainteach le himeachtaí agraibhia deiseanna do Bhord Bia an chuid is fearr de tháirgí bia agus dí na hÉireann a thaispeáint agus béim a chur ar Chlár Inbhuanaitheachta Origin Green do lucht éisteachta náisiúnta agus idirnáisiúnta. Áiríodh orthu sin an Chomhdháil Agri Benchmark maidir le Mairteoil agus Caoirigh, TouRRoir 2018, Comhdháil Chónaidhm Idirnáisiúnta na nIriseoirí Talmhaíochta agus an Siompóisiam Bia ar an Imeall.

### Airgeadas margaíochta

In 2018, d'iarr Bord Bia iarratais faoi dhá chlár deontas margaíocht, an Clár Cúnaimh Mhargaíochta (MAP) agus an Clár Athrú Céime (SCP). Bhí MAP oscailte do tháirgeoirí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann le láimhdeachas sa raon €100,000 agus €3.5m. Bhí an SCP, faoina raibh suas le €50,000 ar fáil le cuidiú le "tionscadal/ gníomhaíocht nua" suntasach a raibh mórathrú céime nó athrú don chuideachta i gceist leis, oscailte do tháirgeoirí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann a bhfuil láimhdeachas sa raon €100k go €10 milliún acu. Cuireann na deontais margaíochta seo cúnamh ar fáil d'fhiontair bia i dtreo a gcuid gníomhaíochtaí margaíochta.

I rith 2018, tugadh faomhadh do 160 cuideachta do €799,000

in iomlán faoin MAP; tugadh faomhadh €826,500 in iomlán do 208 cuideachta sna hearnálacha cáis tí feirme, dí, déiríocht fhuaraithe, milseogra, báicéireacht, bianna ullmhaithe, charcuterie, bia farraige agus gairneoireacht faoin MAP, agus tugadh faomhadh do €165,000 in iomlán do cheithre chuideachta eile faoin SCP.

Íocadh deontais €1,225,411 le 173 chuideachta i rith na bliana thar thrí chlár, MAP, SCP agus deontais a ceadaíodh in 2017 faoin gClár Diansaothraithe Margaidh.

### Rannpháirtíócht/cumarsáid feirmeoirí:

Tá tiomantas fheirmeoirí Origin Green na hÉireann do bhia ardcháilíochta a tháirgeadh ar bhealach inbhuanaithe ríthábhachtach do rath shainchúram Bhord Bia maidir le bia agus dí na hÉireann a chur ar an margadh agus a chur chun cinn. Cuireann an gaol seo ar chumas Bhord Bia príomh-riachtanais a chur in iúl d'fheirmeoirí mar aiseolas.

Tá muinín ag ceannaitheoirí bia den scoth as an gclár Origin Green, a ndéantar iniúchadh neamhspleách air agus a thugann beocht do luachanna fheirmeoirí na hÉireann maidir le táirgeadh bia. Tá rath an chláir ríthábhachtach chun fás leanúnach an tionscail a bhaint amach.

In 2018, lean Bord Bia air ar tabhair faisnéis faoin margadh d'fheirmeoirí trí bhíthin caidreamh díreach ag cruinnithe le feirmeoirí, Lá Mairteola, Lá na gCaorach, Lá Déiríochta, an Comórtas Treabhdóireachta agus siúlóidí feirme i gcomhar le Teagasc.

Chomh maith leis sin, thug Bord Bia uirlis ríomhfhoghlama ar líne isteach chun tacú le feirmeoirí mairteola agus caorach iad féin a ullmhú dá n-iniúchtaí feirme agus chuir an Deasc Cabhrach don Scéim Dearbhaithe Cáilíochta tús le seirbhís ag cruinnithe feirmeoirí chun comhairle aonair a chur orthu faoin nós imeacht iniúchta.

Rinne Bord Bia rath na dtáirgeoirí atá i mbun feirmeoireachta inbhuanaithe a cheiliúradh ag na Gradaim Feirmeoirí Origin Green don dar bliain, inar tugadh ómós do tháirgeadh inbhuanaithe sna hearnálacha mairteola, déiríochta agus gairneoireachta.

### Origin Green

Ceapadh Straitéis Meán Idirnáisiúnta Origin Green do 2018 chun tuilleadh feasachta a mhúscailt agus gafacht a dhoimhniú i measc custaiméirí trádála i margaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha trí fheachtas déiríochta agus Origin Green bratghníomhaíochta. Ar na spriocmhargaí san Eoraip áiríodh an RA, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír, an Bheilg, UAE, agus na Nordaigh. I measc na spriocmhargaí idirnáisiúnta bhí SAMA, UAE

agus an tSeapáin. Dhírigh an feachtas ar ghníomhaíocht margaíochta ar líne agus traidisiúnta. Bhí Origin Green i gceist ó thaobh na heagarthóireachta de i bhfoilseacháin trádála spriocdhírithe i bpríomh-mhargaí Eorpacha agus idirnáisiúnta le ciorclaíocht iomlán de 1.6m. Ghin gníomhaíocht dhigiteach íoctha os cionn 21m imprisean ar líne.

Tá mar aidhm leis an bhfeachtas déiríochta tomhaltóra sa tSín cur leis an bhfeasacht ar Éirinn mar thír san Eoraip a tháirgeann táirgí déiríochta ardchaighdeáin agus inbhuanaithe. Máithreacha a bhfuil ardoideachas orthu, atá 27-35 bliana d'aois agus ag bhfuil leanaí óga acu agus a d'úsáid bainne foirmle do naíonáin roimhe seo nó a raibh eolas acu uirthi, an sprioc-lucht don fheachtas sin. An aidhm atá leis, oideachas a chur orthu faoi na buntáistí cothaithe a bhaineann le táirgí déiríochta inbhuanaithe na hÉireann, le súil agus déiríocht na hÉireann a idirdhealú óna hiomaitheoirí. Shroich feachtas 2018 60m tomhaltóir sa tSín trí bhíthin comórtais ar líne agus imeachtaí sruthaithe le ceannairí tuairimíochta.

An aidhm a bhí leis an bhfeachtas Origin Green in Éirinn cur le feasacht agus le tuiscint an phobail ar Origin Green agus tionscnaimh inbhuanaitheachta chomhaltaí Origin Green a chur in iúl. I measc na ngníomhaíochtaí bhí fógraíocht teilifíse, le tacaíocht ó fhógraíocht sa phreas, ar na meáin shóisialta agus gníomhaíochtaí cuardaigh ar líne. Thug meastóireacht neamhspleách le fios go raibh 26% de na daoine fásta in Éirinn ar an eolas faoi Origin Green in 2018. Ina theannta sin, tá muinín ag 77% de na daoine fásta in Éirinn as an tionscal bia in Éirinn agus ar na daoine páirteach ann, agus meas acu orthu, maidir le bia a tháirgeadh ar bhealach inbhuanaithe (ardú 3% ó 2017).

### An Margadh Baile

Tá clár margaíochta Bhord Bia dar teideal Marc Cáilíochta mar chuid den tosaíocht straitéiseach 'le tacaíocht ó chumarsáid branda láidir sa ré dhigiteach'. Is éard is aidhm leis, tríd is tríd, cur le dílseacht agus ráta ceannaigh shiopadóirí na hÉireann ó thaobh bia a bhfuil an Marc Cáilíochta air. Baintear sin amach trí bhíthin breac-chuntas a thabhairt ar an tslí a gcuireann na caighdeáin cháilíochta agus an t-iniúchadh neamhspleách taobh thiar den mharc ar chumas siopadóirí bheith muiníneach as an mbia a cheannaíonn siad agus mar sin, níos mó suilt a bhaint as. Rinneadh na teachtaireachtaí seo a chomhtháthú ar fud na ngníomhaíochtaí cineálacha go léir ar an Marc Cáilíochta agus ar fud na gclár margaíochta d'uaineoil, do liamhás agus bagún agus uibheacha.

Ag díriú ar an siopadóir grósaeireachta ban 30-60 bliana d'aois, áiríodh ar na gníomhaíochtaí cineálacha urraíocht ar chlár teilifíse RTÉ, *'Neven's Irish Food Trails'* le Neven Maguire, promóisean ar Fheoil a raibh an Marc Cáilíochta uirthi ag Bloom agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcion de tháirgí feola a raibh an marc orthu i measc miondíoltóirí.

Baineadh méadú ar mhinicíocht chaithimh raon feola agus uibheacha dearbhaithe cáilíochta amach go príomha trí fhógraíocht TV, gníomhaíochtaí PR agus forbairt agus cur sa timpeall ábhair dhigitigh nua. Reáchtáladh 12 fheachtas i 2018 lena n-áirítear 21 sheachtain d'fhógraíocht ar an teilifís. Lean an feachtas

'Just Ask' freisin chun spreagadh a thabhairt do bhialanna béim a chur ar bhunús agus soláthraithe na feola ar a mbiachláir dá gcustaiméirí.

Measann siopaeirí gurb é Marc Cáilíochta Bhord Bia an foinse ceannasach dearbhaithe ar cháilíocht, ar shábháilteacht agus ar bhunús bia ar an margadh baile i gcónaí. Tá mórán 89% de shiopaeirí grósaeireachta na hÉireann feasach ar an Marc agus díobh seo deir 65% gur mó an seans go gceannóidís táirge feola tar éis an Marc Cáilíochta a fheiceáil air.

D'fhág an t-éileamh tomhaltóra méadaithe ar fheoil leis an Marc Cáilíochta ar a sheal gur choinnigh agus gur mhéadaigh miondíoltóirí an cion spáis ar an seilf d'fheoil dearbhaithe cáilithe.

In 2018, tháinig ardú 2% ar an gcéatadán SKUanna a raibh an Marc Cáilíochta orthu go dtí 77% demhiondíoltóirí.

Ba í 2018 an bhliain deiridh de straitéis sliogéisc trí bliana ar an margadh baile agus an fócas ar dhiúilicíní.

Ba é an príomhchuspóir méid na ndiúilicíní a ceannaíodh in asraonta miondíola a mhéadú. Baineadh é seo amach trí dhíriú isteach ar shiopaeirí baineann le hioncam níos airde san aoisghrúpa 30 – 50 trí fhógraíocht raidió agus lasmuigh, PR agus trí ghníomhaíochtaí digiteacha. Tríd is tríd, dúirt 33% de thomhaltóirí go raibh siad ag ithe níos mó diúilicíní in 2018 ná mar a bhí bliain roimhe.

### Comhairle TASTE

Is comhlacht deonach neamhspleách é Comhairle TASTE a dhéanann ionadaíocht thar ceann na hearnála ceardaí agus speisialtachta agus a gcuireann Bord Bia ról rúnaíochta ar fáil di.

Chláraigh scoileanna ar fud na tíre le páirt a ghlacadh in Aonad na hIdirbhliana 'The Future is Food' a d'fhorbair  an Chomhairle Taste i gcomhar le Bord Bia. Cuidíonn sé le daltaí a n-eolas agus a dtuiscint ar thionscal an bhia a leathnú, go háirithe ar na hearnálacha bia ceardaí agus speisialaithe. Áirítear sa chlár fiche plean ceachta ag díriú ar thopaicí mar fhiontraíocht, bunús bia agus clár inbhuanaitheachta Origin Green Bhord Bia mar aon le taighde, forbairt táirge nua agus margaíocht. Cuirtear acmhainní breise ar fáil go digiteach le n-úsáid sa seomra ranga. In 2018, chuir 262 scoil an clár i bhfeidhm le linn na scoilbhliana.

## MARGAÍ

In 2018 lean Bord Bia air ag díriú ar chur lena sheirbhísí do chliantchuideachtaí ar fud a líonra idirnáisiúnta de 13 ionad thar lear –

– ocht gcinn ar fud na hEorpa agus cúig cinn i margaí idirnáisiúnta. Díríodh go háirithe ar thacú le cliantchuideachtaí trí bhíthin acmhainní breise ar an láthair i margaí idirnáisiúnta. Earcaíodh speisialtóirí margaidh do na hoifigí i Shang-hai, Dubai, Londain, Singeapór agus Dusseldorf. Leanfar leis sin in 2019, agus osclófar oifigí nua sa tSeapáin(Tóiceo) agus sa Nigéir (Lagos). Cé go n-athraíonn an ghníomhaíocht a dtugtar fúithi ag brath ar an gcéim forbartha ag a bhfuil onnmhairí Éireannacha, an cuspóir uileghabhálach atá ann, a bheith mar chuid lárnach d'fhás onnmhairithe inbhuanaithe a sholáthar, trí bhíthin cur leis an bhfeasacht faoi sholáthróirí bhia agus dí na hÉireann ar fud an domhain, leis an gcáil orthu agus lena n-ullmhacht don mhargadh. Le linn2018, chuir Bord Bia léargais ion-mhargaidh agus léargais forbartha gnó ar fáil, rud a thóg líonra saibhir de chomhpháirtíochtaí custaiméirí chun ár gcliantchuideachtaí a réiteach d'onnmhairiú inbhuanaithe rathúil.

Leanadh leis an tionscadal Tosaíochta Margaidh in 2018, tionscadal ar cuireadh tús leis in 2017, agus d'aistrigh sé ó 15 mhargadh tosaíochta a shainaithint do na hearnálacha feola, déiríochta, bia farraige, deochanna agus Bianna Ullmhaithe Tomhaltóra, go dtí dian-fhiosrú ar líon níos lú margaí do gach earnáil. Faoi dheireadh na bliana, bhí siad sin tugtha chun críche agus baineadh úsáid astú mar fhaisnéis do na straitéisí earnála maidir le feoil, déiríocht agus bianna ullmhaithe tomhaltóra. Scrúdaíodh dinimicí gach margaidh agus fiosraíodh bealaí féideartha chun an mhargaidh d'onnmhairí na hÉireann.

Beidh na léargais sin mar threoir do ghníomhaíochtaí Bhord Bia i ndáil le tacaíochtaí um bealaí i dtreo an mhargaidh do chliantchuideachtaí sna margaí roghnaithe in 2019 agus ina dhiaidh sin.

Anuas ar fhorfheidhmiú clár agus tionscadal rinne pearsanra margaidh Bhord Bia seo a leanas i rith 2018:

- Thacaigh le misin trádála chuig an Tuirc, SAM agus Ceanada, an tSín, an Indinéis agus an Mhalaeisia .
- 1,241 cruinniú ceannaitheora agus cur i láthair
- Thug 539 freagra ar iarratais cheannaitheora aonair
- D'earcaigh 570 ceannaitheoir ar fud an domhain le haghaidh *Marketplace International*
- 1,028 cruinniú pleanála gnó le cliantchuideachtaí Éireannacha
- D'óstáil cuairteanna cigireachta agus cuairteanna aistrithe eolais teicneolaíochta ón tSín, ó na Stáit Aontaithe, ón gCóiré, ón tSeapáin agus ó Mheicsiceo.
- Rinne ionadaíocht ar an tionscal i 58 gcruinniú rochtana margaidh le húdaráis tréidliachta agus rialála i margaí ardionchais.

## CUR CHUIGE COMHOIBRÍOCH

Leanann Bord Bia air ag obair i gcomhar le príomhranna rialtais, gníomhaireachtaí agus cumainn i bhforbairt agus i bhfeidhmiú tacaíochta don tionscal bia agus dí. Áirítear orthu seo an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teagasc, BIM, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Fiontraíocht Éireann, Fáilte Ireland (agus Tourism Ireland) Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus eile.

# ÁR RIALACHAS



# AN RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL na gCOMHALTAÍ BOIRD

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Bunaíodh Bord Bia faoin Acht um an mBord Bia 1994 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha na nAchtanna um an mBord Bia 1994 & 2004 agus faoi choimirce an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

## STRUCHTÚR AN BHOIRD

Tá Bord Bia comhdhéanta den Bhord, de chúig Fho-Bhord, den Phríomhfheidhmeannach agus den Fheidhmeannas a sholáthraíonn réimsí seirbhísí chun polasaí agus cláir a fheidhmiú. Soláthraíonn an Bord an chothromaíocht chuí

scileanna agus taithí chun tacú le straitéis Bhord Bia. Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus de cheithre ghnáthchomhalta déag a cheapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Faigheann gach comhalta boird nua eolas airgeadais agus eile faoi Bhord Bia, agus eolas maidir le ról an bhoird agus coistí an bhoird. Is róil ar leithligh iad róil an chathaoirligh agus an phríomhfheidhmeannaigh.

Tá cúig Fho-Bhord (Bianna Tomhaltóirí, Déiríocht, Gairneoireacht, Feoil & Beostoc agus Dearbhú Cáilíochta) comhdhéanta de Chathaoirleach agus suas le dhá ghnáthchomhalta déag a cheapann an Bord le toiliú an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá Cathaoirleach gach Fo-Bhord ina chomhalta den Bhord.

## FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Ceanglaíonn Alt 21 den Acht um an mBord Bia 1994 ar an mBord go *"keep in such form and in respect of such accounting periods as may be approved by the Minister, with the consent of the Minister for Public Expenditure and Reform, all proper and usual accounts*

monies received or expended by it, including a Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves, a Statement of Comprehensive Income, a Statement of Cash Flow and a Statement of Financial Position and, in particular, shall keep in such form as aforesaid all such special accounts as the Minister may, or at the request of the Minister for Public Expenditure and Reform shall, from time to time direct and the Board shall ensure that separate accounts shall be kept and presented to the Board by any Subsidiary Board that may be established by the Board under this Act and these accounts shall be incorporated in the general statement of account of the Board."

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ceangláitear ar an mBord:

1. Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta;
2. Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama;
3. na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú go ceann i bhfad; agus,
4. Luaigh cibé ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeacht ábhartha a nochtar nó a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag tráth ar bith, staid airgeadais Bhord Bia. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Buaileann an Bord le chéile go rialta, seacht n-uaire sa bhliain de ghnáth, agus tá sé freagrach as bainistiú cuí a dhéanamh ar Bhord Bia. Is é an Bord a dhéanann na mórchinntí straitéiseacha agus a choinníonn smacht iomlán agus éifeachtach agus dóthain solúbthachta á ceadú don bhainistíocht fheidhmiúcháin chun an gnó a reáchtáil go héifeachtach agus go héifeachtúil laistigh de chreat tuairiscithe lárnaithe. Áirítear ar na buan-nithe ar chlár oibre chruinnithe an Bhoird miontuairiscí an chruinnithe deiridh, ábhair atá tagtha chun cinn, tuarascáil airgeadais, tuarascáil an Phríomhfheidhmeansanigh, rialachas corparáideach agus bainistiú riosca agus aon ghnó eile. Tugann an Cathaoirleach aghaidh ar aon choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ag na comhaltaí i leith an chlár oibre ag tús gach cruinnithe.

Déanann an Bord measúnú leanúnach ar phríomhrioscaí agus tá comhthéacs bunaithe acu le rioscaí a aithint, le anailís, measúnú, cóireáil agus monatóireacht a dhéanamh ar riosca. Ar na príomhrioscaí a aithníodh áirítear an riosca gan tosaíocht chuí a thabhairt do phleananna oibre chun cuspóirí a bhaint amach; gan tiomantais tionscail a bhaint amach d'fhorbairt agus do chur chun

feidhme Origin Green; rioscaí a bhaineann le clú bainteach le mí-úsáid phríomhbhrandaí agus marcanna Bord Bia; rioscaí clú a bhaineann le cáilíocht agus le sábháilteacht bia, rioscaí do mhaoiniú scéimeanna dearbhaithe cáilíochta, agus foinsí maoinithe éagsúla tionscail. Déantar riosca a mhaolú trí phróiseas athbhreithnithe ar an mapa riosca ag gach cruinniú Boird agus déantar comhchomhairliúcháin tionscail a éascú trí struchtúr an Fho-Bhoird. Déantar monatóireacht ar úsáid brandaí agus marcanna Bhord Bia ar bhonn leanúnach d'fhonn úsáid atá ceadaithe a chinntiú.

Comhlíonann an Bord na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus áirítear ar chúrsaí a choinnítear go ndéanann an Bord cinneadh orthu, agus ní dháiltear iad ar an mbainistíochta, lena n-áirítear faomhadh, inter alia, éadálacha suntasacha, mór-infheistíochtaí, mórdhiúscairtí, mórchonarthaí, buiséid bhliantúla agus pleananna straitéise, tuarascálacha agus ráitis airgeadais bliantúla, soláthar foirne, leibhéil údaráis tarmligthe, cisteán agus beartas riosca. Bíonn gá le faomhadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara d'fháil ábhartha nó diúscairt talún, foirgneamh nó sócmhainní ábhartha eile. Bíonn gá le faomhadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara mar aon le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do ghníomh beartaithe ar bith a leathnódh nó a chuirfeadh athrú suntasach ar nádúr, scóip nó scála gníomhaíochtaí Bhord Bia.

Laistigh de chomhthéacs Food Wise 2025, cáipéis straitéise chun an earnáil agraibhia a fhorbairt, leagtar amach sa Phlean Straitéiseach 'Difear an Domhain a Dhéanamh' na gníomhaíochtaí atá beartaithe i rith tréimhse na straitéise, 2016 – 2018 agus ailínítear buiséid bhliantúla leis an straitéis. Tugann an Bord faomhadh do bhuiséid bhliantúla agus do mheasúnuithe ar fheidhmíocht iarmhír in aghaidh buiséid. Tugann an Tuarascáil Bhliantúil seo léargas cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí Bhord Bia i rith na bliana.

Measann an Bord go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais Bhord Bia agus ar a sheasamh airgeadais ag deireadh na bliana.

## RIALACHAS

Tá an Bord tiomanta do na caighdeáin is airde Rialachas Corparáide agus Dea-chleachtais a choinneáil agus tá an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit glactha ag an mBord agus tá forálacha an Chóid á gcur i bhfeidhm.

Tá an Bord tar éis glacadh le Téarmaí Tagartha a leagann amach an creat reachtúil; feidhmeanna ginearálta agus sainfheidhmeanna; ballraíocht, dualgais mhuiníneacha; údarás; ról an rúnaí; freagrachtaí tuairiscithe; sceidealú cruinnithe; nósanna imeachta do chinntithe idir cruinnithe Boird agus chun déileáil le coinbhleachtaí leasa; agus, sceideal foirmiúil cúrsaí a choinnítear don Bhord le cinneadh a dhéanamh. Déanann an Bord athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an Bhoird, na bhFo-Bhord agus na gCoistí ar bhonn bliantúil. I rith 2018, thionól an Bord dhá chruinniú gan an feidhmeannas i láthair. Chun críocha feidhmiú an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit breathnaítear ar Bhord Bia mar Chomhlacht Stáit neamhthráchtála.

Is é dualgas an Chathaoirligh:

- Treoraíonn sé an Bord agus cinntíonn éifeachtúlacht agus ardchaighdeáin ionracais agus macántachta maidir le cultúr, luachanna agus iompair do Bhord Bia agus d'atmaisféar na bpléití ag leibhéal an Bhoird.
- Cinntíonn sé, in éineacht leis an CEO, go ndéantar clár an Bhoird a bhainistiú go héifeachtach, go gcuirtear am leordhóthanach ar fáil don phlé agus do chur is cúiteamh. Éascaíonn cultúr oscailteachta plé éifeachtach agus ionchuir ón bhfeidhmeannas a fhreastalaíonn ar chruinnithe Boird ar fad nó ar chuid díobh, agus comhaltaí an Bhoird.
- Cinntíonn sé go gcuirtear tuarascálacha agus páipéir ábhartha, airgeadas, tuarascáil an CEO, tuairiscí ó Fho-Bhoird agus ó Choistí agus nuashonraithe cothrom le dáta ar dhul chun cinn agus ar chur i bhfeidhm an bhuiséid bhliantúil agus an phlean straitéisigh nuair is cuí, ar bhealach tráthúil chuig comhaltaí an Bhoird.
- I gcomhairle leis an Rúnaí cinntíonn sé go gcuirtear gach eolas rialachais ar fáil don Bhord agus dá Choistí agus go mbíonn sreafaí maithe eolais idir an Bord, na Fo-Bhoird agus na Coistí mar aon le héascú ionduchtaithe, meantóireachta agus ag cuidiú le forbairt ghairme leanúnach.
